Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Dréacht **den Séú Clár Gníomhaíochta um Níotráití**

2026–2029

Arna ullmhú ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
gov.ie

Clár an Ábhair

Liosta Táblaí iii

Liosta Fíoracha iii

1 Réamhrá 4

1.1 Clár Gníomhaíochta Níotráití na hÉireann 4

1.1.1 Cur Chuige Rialála agus Neamhrialála 11

1.2 An Chreat-treoir Uisce 12

1.2.1 Monatóireacht ar cháilíocht an uisce 13

1.2.2 Measúnú an GCC ar na dobharcheantair ina bhfuil laghduithe i dtiúchaintí nítrigine de dhíth chun cuspóirí cáilíochta uisce a bhaint amach 16

1.2.3 An Clár Dobharcheantar Talmhaíochta 19

1.3 Talmhaíocht in Éirinn 23

2 Comhthéacs Beartais 27

2.1 Beartas Rialtais 27

2.1.1 Clár don Rialtas 27

2.1.2 Uisce agus Talmhaíocht – Cur Chuige Comhoibríoch 28

2.1.3 Fís Bia 2030 – Ceannaire Domhanda i gCórais Bhia Inbhuanaithe 29

2.1.4 Beartas Forbartha Tuaithe – Ár dTodhchaí Tuaithe 2021–2025 30

2.1.5 Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht 2023–2030 agus Straitéis Bithéagsúlachta an AE 2030 31

2.1.6 Creat Náisiúnta um Oiriúnú 33

2.1.7 An Straitéis um Aer Glan d'Éirinn 33

2.1.8 Cód Dea-chleachtais Talmhaíochta chun Astaíochtaí Amóinia ón Talmhaíocht a Laghdú 34

2.2 Polasaí Uisce Náisiúnta: An Plean Gníomhaíochta Uisce 2024 (3ú Plean Bainistíochta Abhantraí na hÉireann) 34

DRÉACHT

2.3 Beartas Eorpach agus Idirnáisiúnta 46
2.3.1 An Comhbheartas Talmhaíochta 46
2.3.2 Fís Eorpach le haghaidh na Talmhaíochta agus an Bhia 48
2.3.3 Straitéis Eorpach maidir le hAthléimneacht i Réimse an Uisce 49
2.3.4 Straitéis an AE ‘Ón bhFeirm go dtí an Forc’ 2030 49
2.3.5 Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 50
2.3.6 Prionsabail na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) – Rialachas Uisce 51
3 Bearta Reatha agus Leanúnacha 56
3.1 Achoimre ar Chláir Ghníomhaíochta um Níotráití Roimhe Seo 56
3.2 An Chéad Chlár Gníomhaíochta um Níotráití (2006–2010) 56
3.3 An Dara Clár Gníomhaíochta um Níotráití (2010–2013) 56
3.4 An Tríú Clár Gníomhaíochta um Níotráití (2014–2017) 57
3.5 An Ceathrú Clár Gníomhaíochta um Níotráití (2018–2021) 57
3.6 An Cúigiú Clár Gníomhaíochta um Níotráití (2022-2025) 58
4 Athbhreithniú ar an gCúigiú Clár Gníomhaíochta um Níotráití 59
4.1 Fianaise an GCC 60
4.2 Dearbhú ar Chomhlíontacht Rialála 63
4.2.1 Torthaí Cigireachta agus Forfheidhmithe 66
4.3 Achoimre ar chur i bhfeidhm na mbeart a tugadh isteach faoin gCúigiú CGN 69
4.4 Bearta a tugadh chun cinn don dréacht den Séú CGN 90
5 Bearta a tugadh isteach faoin Dréacht den Séú Clár Gníomhaíochta um Níotráití 90
5.1 Bearta rialála atá á mbreithniú 91
5.2 Bearta neamhrialála atá á mbreithniú 98

DRAFT

6 Tabhair do thuairim 106

Liosta Táblaí

Tábla 1 Ceanglais na Treorach um Níotráití.....6
Tábla 2 Príomhthorthaí an CDT.....20
Tábla 3 Agraibhearta an Phlean Gníomhaíochta Uisce 2024 (tá tuilleadh sonraí maidir le gach gníomh le fáil in Aguisín 2 den PGU).....39
Tábla 4 Ailíniú an Dréachta den Séú CGN le Prionsabail an ECFE maidir le Rialachas Uisce.....52
Tábla5 Achoimre ar Chláir Ghníomhaíochta um Níotráití na hÉireann.....59
Tábla 6Achoimre ar Bhearta an Chúigiú Clár Gníomhaíochta um Níotráití.....71
Tábla 7. Achoimre ar bhearta an dréachta den Séú CGN.....102

Liosta Fíoracha

Fíor 1 Céatadán féarthailte agus talún curaíochta ar fud an AE. (Foinse: Staitisticí cumhdaigh talún Eurostat 2018) 25
Fíor 2 Céatadán feirmeoirí de réir aoisghrúpa. (Foinse: POS na hÉireann)..... 26
Fíor 3 Creat Réimsí Gníomhaíochta an Tríú Timthrialla..... 38

DRÁCHT

1 Réamhrá

Le Clár Gníomhaíochta um Níotráití (CGN) na hÉireann, tugtar éifeacht do cheanglais na Treorach um Níotráití (Treoir 91/676/CEE ón gComhairle). [1] Is é is cuspóir dó truailliú uiscí dromchla agus screamhuisce ó chothaithigh talmhaíochta a chosc, agus cáilíocht an uisce a chosaint agus a fheabhsú. Tá an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta freagrach as an CGN a fhoilsiú, i gcomhar leis an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara. Leis an Treoir um Níotráití, ceanglaítear ar Bhallstáit CGN a fhorbairt gach ceithre bliana, agus leagtar amach sa doiciméad seo dréacht na hÉireann den Séú CGN 2026–2029. Foilsíodh an chéad CGN mar Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Dea-Chleachtas Talmhaíochta chun Uiscí a Chosaint) ('Rialacháin DCT') in 2006, agus foilsíodh CGNanna ina dhiaidh sin in 2010, 2013, 2017 agus 2022.

Agus dréacht den Séú CGN á fhorbairt acu le haghaidh comhairliúchán poiblí, lorg na hAirí comhairle eolaíoch ón Sainghrúpa Níotráití (SGN). Déanann an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (RTRÁO) agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM) comhchathaoirleacht ar an ngrúpa, ina bhfuil saineolaithe eolaíocha sinsearacha ón RTRÁO, RTBM, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) agus Teagasc. Ina theannta sin, d'éascaigh an RTBM rannpháirtíocht le heagraíochtaí feirmeoireachta agus leis an tionscal talmhaíochta tríd an nGrúpa Oibre um Cháilíocht Uisce Talmhaíochta[2].

1.1 Clár Gníomhaíochta Níotráití na hÉireann

Is beart cosanta (bunúsach) faoin gCreat-treoir Uisce í an Treoir um Níotráití (91/676/CEE) agus tá sé mar aidhm aici truailliú uisce de bharr nó spreagtha ag níotráití ó fhoinsí talmhaíochta a laghdú. Cé nach bhfuil sé de cheangal faoin Treoir, áirítear fosfar in Éirinn ina Clár Gníomhaíochta um Níotráití, toisc gur cothaitheach sriantach ríthábhachtach é i mórán uiscí dromchla, go háirithe i réigiúin ina bhfuil ithreacha droch-dhraenála.

[1] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?qid=1561542776070&uri=CELEX:01991L0676-20081211

[2] https://www.gov.ie/en/department-of-agriculture-food-and-the-marine/press-releases/agriculture-water-quality-working-group-meets/

Cuirtear roinnt oibleagáidí ar Bhallstáit faoin Treoir um Níotráití, agus leagtar amach anseo, Tábla 1, ceanglais na Treorach um Níotráití, mar aon le hachoimre maidir leis an tslí a bhfuil siad á gcomhlíonadh ag Éirinn.

DRÉACHT

Tábla 1 Ceanglais na Treorach um Níotráití

Ceanglas na Treorach um Níotráití	Conas a thugtar aghaidh air seo?
Clár gníomhaíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ina ndírítear ar thruailliú talmhaíochta a laghdú agus a chosc, agus athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar an gclár sin gach ceithre bliana.	• Leagtar amach sa doiciméad seo mionsonraí an dréachta den Séú CGN 2026–2029. Tá cúig CGN curtha i bhfeidhm go dtí seo. • Is beart bunúsach faoin gCreat-Treoir Uisce (CTU) é an CGN. Áirítear i bPlean Gníomhaíochta Uisce 2024 (an Tríú Timthriall den Phlean Bainistíochta Abhantrach d'Éirinn) an CGN mar aon le bearta talmhaíochta breise chun tacú le cuspóirí comhshaoil an CTU a bhaint amach i gceantair ina mbaineann brú le talmhaíocht.
Uiscí atá truaillithe nó atá i mbaol truaillithe ag níotráití ón talmhaíocht a shainaithint.	• Tuarascáil Airteagal 10 de Threoir um Níotráití GCC (2020–2023)[3] • Tuarascáil faireacháin um cháilíocht an uisce de chuid an GCC ar thiúchaintí nítrigine agus fosfair in uiscí na hÉireann 2024 (tuarascáil bhliantúil)[4]

[3] https://www.epa.ie/publications/monitoring--assessment/freshwater--marine/Nitrates-Article-10-Report-for-Ireland-2020-2023.pdf

[4] https://www.epa.ie/publications/monitoring--assessment/freshwater--marine/water-quality-monitoring-report-on-nitrogen-and-phosphorus-concentrations-in-irish-waters-2024.php

DRÉACHT

Ceanglas na Treorach um Níotráití	Conas a thugtar aghaidh air seo?
	• Tuarascáil an GCC ar cháilíocht an uisce in Éirinn (2019–2024)[5] • Spriocdhíriú bunaithe ar fhianaise ón GCC ar bhearta talmhaíochta chun nítrigin a laghdú i ndobharcheantair chun cuspóirí cáilíochta uisce a bhaint amach (2025) [6] • Tuarascáil an GCC maidir le táscaire ar luath-léargais: Tiúchaintí nítrigine in aibhneacha móra roghnaithe (2024)[7] agus (Eanáir – Meitheamh 2025)[8] • Tréithriú GCC agus an Léarscáil de 'Bearta Feirme agus Tírdhreacha don Talmhaíocht' (FLAG)[9]

[5] https://www.epa.ie/publications/monitoring--assessment/freshwater--marine/

[6] https://www.epa.ie/publications/monitoring--assessment/freshwater--marine/evidence-based-targeting-of-agricultural-measures-to-reduce-nitrogen-in-catchments-to-achieve-water-quality-objectives.php

[7] https://www.epa.ie/publications/monitoring--assessment/freshwater--marine/early-insights-indicator-report-nitrogen-concentrations-in-selected-major-rivers-january-december-2024.php

[8] https://www.epa.ie/publications/monitoring--assessment/freshwater--marine/early-insights-indicator-report-nitrogen-concentrations-in-selected-major-rivers-january-june-2025.php

[9] https://gis.epa.ie/EPAMaps/agriculture

DRÁFT

Ceanglas na Treorach um Níotráití	Conas a thugtar aghaidh air seo?
An limistéar nó na limistéir a shainaithint ar cheart clár gníomhaíochta a chur i bhfeidhm orthu chun uisce a chosaint ar thruailliú de bharr níotráití talmhaíochta, ar a dtugtar Criosanna Leochaileacha Níotráití.	• Cuirtear cur chuige críochach iomlán i bhfeidhm maidir le Criosanna Leochaileacha Níotráití i CGN na hÉireann (i gcodarsnacht le meán an AE le 45% de chlúdach críochach).
Cóid de Dhea-chleachtas Talmhaíochta a bhunú.	• Tá CGN bunaithe ar bhonn reachtúil tríd an Aontas Eorpach (Dea-Chleachtas Talmhaíochta chun Uiscí a Chosaint).
Monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an chláir ghníomhaíochta agus ar aon tionchair gan choinne.	• Tuarascáil Airteagal 10 de Threoir um Níotráití GCC (2020–2023) • Tuarascáil faireacháin um cháilíocht an uisce de chuid an GCC ar thiúchaintí nítrigine agus fosfair in uiscí na hÉireann 2024 (tuarascáil bhliantúil) • Tuarascáil an GCC ar cháilíocht an uisce in Éirinn (2019–2024) • Spriocdhíriú bunaithe ar fhianaise ón GCC ar bhearta talmhaíochta chun nítrigin a laghdú i ndobharcheantair chun cuspóirí cáilíochta uisce a bhaint amach (2025)

DRAFT

Ceanglas na Treorach um Níotráití	Conas a thugtar aghaidh air seo?
	• Tuarascáil an GCC maidir le táscaire ar luath-léargais: Tiúchaintí nítrigine in aibhneacha móra roghnaithe (2024) agus (Eanáir – Meitheamh 2025) • Léarscáil de Thréithriú GCC agus Bearta Feirme agus Tírdhreacha don Talmhaíocht (FLAG) • Clár Dobharcheantar Talmhaíochta Teagasc[10]
Comhlíonadh agus forfheidhmiú a chinntiú.	• Clár Cigireachta Talmhaíochta Náisiúnta (CCTN) bunaithe faoin gCúigiú CGN[11] • Cigireachtaí breise arna ndéanamh faoi na Rialacháin DCT thar ceann údarás áitiúil ag an RTBM • Cigireachtaí maolaithe ón RTBM • Cigireachtaí Feirme faoi choinníoll Phlean Straitéiseach CBT RTBM agus seiceálacha riaracháin 100%

[10] https://teagasc.ie/environment/water-quality/agricultural-catchments/

[11] https://www.epa.ie/our-services/compliance--enforcement/support-and-supervision-of-local-authorities/national-agricultural-inspection-programme-naip/

DRAFT

Ceanglas na Treorach um Níotráití	Conas a thugtar aghaidh air seo?
Tuairiscigh chuig Coimisiún an AE ar an dul chun cinn atá déanta.	• Tuarascáil Airteagal 10 de Threoir um Níotráití GCC (2020–2023)

DRÉACHT

1.1.1 Cur Chuige Rialála agus Neamhrialála

Úsáidtear meascán de chur chuige rialála agus de chur chuige neamhrialála chun bearta faoin gClár Gníomhaíochta um Níotráití a chur i bhfeidhm in Éirinn. Tá rialacháin riachtanach chun teorainneacha a shocrú, dea-chleachtas a chinntiú agus measúnú agus forfheidhmiú comhlíonta a cheadú. Cuirtear na bearta rialála sa CGN i bhfeidhm trí Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Dea-Chleachtas Talmhaíochta chun Uiscí a Chosaint), ina léirítear na bearta carnacha a cuireadh i bhfeidhm agus a leasaíodh ó bunaíodh an chéad CGN in 2006. Is gnách go dtugtar na Rialacháin DCT ar na rialacháin sin, agus áirítear leo rialacháin chun aghaidh a thabhairt ar na ceanglais atá leagtha amach in Iarscríbhinn III den Treoir um Níotráití. Tabharfar rialacháin nua isteach chun an Séú CGN a chur i bhfeidhm agus déanfar na rialacháin a bhí i bhfeidhm roimhe seo a chúlghairm.

Is féidir le bearta neamhrialála cur go mór le cáilíocht an uisce a chosaint ar chothaithigh talmhaíochta freisin, toisc nach féidir rialacháin a spriocdhíriú go héifeachtach ar scála páirce mar gheall ar easpa fianaise láidir ag an scála seo. Mar sin féin, is uirlisí cumhachtacha treoraithe iad uirlisí eolaíocha amhail léarscáileanna d'Acmhainneacht Tionchair Truaillithe (ATT) an GCC chun tacú le spriocdhíriú na mbeart neamhrialála. Chun na críche sin, áirítear roinnt beart neamhrialála sa dréacht den Séú CGN, arna dtacú ag dreasachtaí airgeadais agus comhairle saor in aisce, chun feirmeoirí a spreagadh chun gníomhartha spriocdhírithe a dhéanamh ar leibhéal na páirce.

Sa Treoir um Níotráití, socraítear teorainn de 170 kg de nítrigin aoiligh in aghaidh an heicteáir (kg N/ha). Mar sin féin, ceadaítear le hIarscríbhinn III do Bhallstáit ráta níos airde a shocrú, bunaithe ar roinnt critéar agus faoi réir cead a fháil ón gCoimisiún Eorpach agus ó Bhallstáit, suas le ráta uasta de 250 kg aoiligh N/ha, a bheidh ceadaithe ag an gCoimisiún. Is gnách go dtugtar Maolú Níotráití air sin. Fuair Éire an maolú faoi na cúig chlár roimhe seo agus tá sí anois ag iarraidh é a athnuachan mar chuid den Séú CGN. Rinneadh athbhreithniú eatramhach ar an gCúigiú CGN mar aon le hathbhreithniú dhá bhliain ar cháilíocht an uisce mar chuid den choinníoll a bhaineann le Maolú Níotráití 2022–2025. I ndiaidh na n-athbhreithnithe sin, ar aon dul le fianaise eolaíoch a chuir an GCC ar fáil, cuireadh laghdú go dtí 220 kgN/ha i

bhfeidhm d'fhormhór na bhfeirmeacha maolaithe[12]. Tríd an maolú a lorg, ceanglaítear ar Éirinn a cás a chur faoi bhráid Choiste Níotráití an Choimisiúin Eorpaigh ar thrí ócáid ar leith. Ní mór an cur chuige atá beartaithe a chomhaontú leis an gCoimisiún sular féidir leanúint ar aghaidh agus sular féidir leis na Ballstáit vóta a chaitheamh. Má cheadaítear an maolú, eiseoidh an Coimisiún cinneadh cur chun feidhme, a thrasuitear ansin sna Rialacháin DCT mar leasú. Tá an RTBM freagrach as an maolú a bhainistiú, le tacaíocht ón RTRÁO. Tá an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara freagrach as maoluithe aonair a cheadú.

Sheol an Coimisiún Eorpach meastóireacht ar an Treoir um Níotráití i mí na Nollag 2023, atá fós ar siúl; leanfaidh Éire ar aghaidh ag obair leis an bpróiseas sin agus le hathbhreithniú a dhéanamh ar Rialacháin CGN de réir thoradh na meastóireachta sin de réir mar is gá.

1.2 An Chreat-treoir Uisce

Ghlac na Ballstáit leis an gCreat-treoir Uisce (CTU)13 sa bhliain 2000, agus trasuíodh ina dlí in Éirinn í i Rialacháin ón gComhphobal Eorpach (Beartas Uisce), 2003 (I.R. Uimh. 722 de 2003), arna leasú. Éilítear cur chuige comhtháite agus comhoiriúnaithe léi maidir le beartas, cosaint agus bainistíocht uisce ar fud na hEorpa. Faoin CTU, tá na huiscí uile (aibhneacha, lochanna, screamhuisce, inbhir, uisce cósta, canálacha agus taiscumair) faoi chosaint agus ní mór bearta a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéantar cáilíocht na n-uiscí sin a athchóiriú ar a laghad go stádas 'maith' nó acmhainn mhaith (le roinnt eisceachtaí) faoi 2027 ar a dhéanaí. Baineann an CTU le gach gníomhaíocht a bhféadfadh tionchar a bheith aici ar an gcuspóir seo nó ar cháilíocht nó ar chainníocht an uisce. Ceanglaítear leis an CTU go mbaintear tairbhe as cur chuige comhtháite maidir le cosaint agus athchóiriú uisce i ngach earnáil beartais, agus ceanglaítear go bhfoilsítear Plean Bainistíochta Abhantraí (PBA) ina leagtar amach na bearta atá riachtanach chun cáilíocht ár n-uiscí a chosaint agus a fheabhsú. Foilsítear PBA tríú timthriall na hÉireann mar Phlean Gníomhaíochta Uisce 2024[14]. Is dlúthchuid den CTU í an Treoir um Níotráití

[12] https://assets.gov.ie/static/documents/MaximumNitratesDerogationStockingRateLimitsMap20252000325.pdf

[13] https://environment.ec.europa.eu/topics/water/water-framework-directive_en

[14] https://assets.gov.ie/static/documents/water-action-plan-2024.pdf

mar bheart bunúsach in Airteagal 11 agus is príomhuirlis reachtach atá ann chomh fada is a bhaineann le huiscí a chosaint ar nítrigin talmhaíochta.

Os a choinne sin, tá an CTU nasctha le, agus treisíonn sí, treoracha comhshaoil eile de chuid an AE lena n-áirítear treoracha a bhaineann le cosaint na bithéagsúlachta (na Treoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga), treoracha a bhaineann le húsáidí sonracha uiscí (na treoracha maidir le huisce óil, uisce snámha, uiscí sliogéisc agus fuíolluisce uirbigh) agus treoracha a bhaineann le rialáil gníomhaíochtaí a dhéantar sa chomhshaol (treoracha maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha agus le Measúnacht Tionchair Timpeallachta). Talmhaíocht agus Cáilíocht an Uisce in Éirinn

Tá rochtain ar uisce glan riachtanach dár sláinte agus folláine, dár bpobail, dár ngeilleagar agus dár n-éiceachórais. Is iad ár n-aibhneacha, ár lochanna agus ár screamhuisce ár bhfoinsí uisce óil; tacaíonn uisce glan le talmhaíocht, le tionscal agus le réimsí eacnamaíocha tábhachtacha eile amhail turasóireacht agus áineas; tacaíonn uisce glan le go leor speiceas agus gnáthóg, agus is gnéithe lárnacha iad ár n-aibhneacha agus ár lochanna do go leor de na pobail againn.

Is í an talmhaíocht an úsáid talún is coitianta in Éirinn, agus beagnach 70% den achar talún á úsáid ina leith agus, dá bhrí sin, aithníodh í mar an brú is forleithne ar cháilíocht an uisce, ag dul i bhfeidhm ar bhreis is 1,000 dobharlach[15]. In dhá thrian de na dobharlaigh ina bhfuil brú suntasach ag an talmhaíocht, aithníodh brúnna breise freisin. Is í an fhadhb cáilíochta uisce is coitianta a eascraíonn as an talmhaíocht ná caillteanas cothaitheach san uisce, eadhon fosfar agus nítrigin, ó fhoinsí orgánacha agus neamhorgánacha araon. Cé go gcuireann an dá chothaitheach le heotrófú, tá tábhacht ar leith le bainistíocht fosfair chun aibhneacha agus lochanna a chosaint, agus tá rialú nítrigine níos criticiúla chun screamhuisce, inbhir agus uiscí cósta a chosaint.

1.2.1 Monatóireacht ar cháilíocht an uisce

Chun a chinntiú go bhfuil an CTU á chomhlíonadh, soláthraítear le Clár Náisiúnta Monatóireachta na hÉireann ar Cháilíocht an Uisce forléargas ar stádas éiceolaíoch agus ceimiceach uiscí dromchla, (aibhneacha, lochanna, uiscí trasdultacha agus

[15] https://www.catchments.ie/significant-pressures-agriculture/

uiscí cósta), chomh maith le stádas cainníochtúil agus ceimiceach an screamhuisce. Bunaíodh an clár chun na hoibleagáidí monatóireachta a leagtar amach in Airteagal 8 den CTU a chomhlíonadh, agus ag an am céanna chun tacú le ceanglais mhonatóireachta na reachtaíochta eile maidir le huisce, lena n-áirítear an Treoir um Níotráití. Leis an gclár monatóireachta ar cháilíocht an uisce atá i bhfeidhm faoi láthair clúdaítear an tréimhse 2022 go dtí 2027[16], atá ag teacht le tríú Plean Bainistíochta Abhantraí na hÉireann (Plean Gníomhaíochta Uisce 2024), agus léirítear 60% de na dobharlaigh go náisiúnta (2,429 dobharlach abhann, 224 loch, 80 dobharlach trasdultach, 45 uisce cósta, 16 chanáil agus 121 dobharlach screamhuisce).

Tá an tuarascáil is déanaí ar Cháilíocht an Uisce in Éirinn (2019–2024), a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair 2025, bunaithe ar mheasúnú ar 4000 dobharlach uisce dromchla agus 514 dobharlach screamhuisce trí mhonatóireacht nó eachtarshuíomh[17,18]. Léirítear sa tuarascáil go bhfuil dea-stádas éiceolaíoch nó stádas éiceolaíoch níos fearr ag 52% de dhobharlaigh uisce dromchla, laghdú i gcomparáid le 54% sa tréimhse thuairiscithe roimhe sin. Tá stádas ceimiceach maith luaite le 92% d'fhoinsí screamhuisce, feabhas beag i gcomparáid le 91% a bhí luaite sa tuarascáil dheiridh. Tá an bhail is measa ar uiscí trasdultacha, a bhfuil inbhir agus murlaigh chósta san áireamh iontu, agus 70% díobh míshásúil. Leagtar béim sa tuarascáil ar an bpointe gur tugadh feabhsuithe faoi deara ar leibhéil fosfair i réimsí gníomhaíochta, agus gur braitheadh laghduithe ar nítrigin i roinnt aibhneacha, ach tá tuilleadh oibre fós le déanamh, de bhrí go bhfuil go leor feabhsuithe á bhfritháireamh ag laghduithe atá ag tarlú in áiteanna eile. Ina ainneoin sin, tá na leibhéil cothaitheach a braitheadh in uiscí laghdaithe, rud ba cheart a bheith mar bhonn le freagairt éiceolaíoch dhearfach le himeacht ama, agus léirítear sa tuarascáil gur féidir feabhsuithe a dhéanamh nuair a chuirtear gníomh spriocdhírithe dearfach i gcrích.

[16] https://www.epa.ie/publications/monitoring--assessment/freshwater--marine/irelands-national-water-quality-monitoring-programme-20222027.php

[17] https://www.epa.ie/publications/monitoring--assessment/freshwater--marine/

[18] https://www.epa.ie/publications/monitoring--assessment/freshwater--marine/Appendix-A---Unmonitored-river-status-methodology-2016-2021.pdf

Tuarascáil Airteagal 10 den Treoir maidir le Níotráití (2020-2023)

Is gá tuarascáil a ullmhú gach ceithre bliana le haghaidh na hÉireann, de réir cheanglais Airteagal 10 den Treoir um Níotráití[19]. Cuireann an GCC an tuarascáil sin le chéile, le cúnamh ón RTRÁO, ón RTBM agus ó Teagasc, agus an méid seo a leanas inti:

1. Ráiteas faoin mbeart coisctheach a glacadh de bhun Airteagal 4.
2. Léarscáil ina léirítear an méid seo a leanas:
    (a) uiscí sainaitheanta de réir Airteagal 3(1) agus Iarscríbhinn I agus é léirithe do na huiscí go léir na critéir in Iarscríbhinn I a úsáideadh chun críche sainaitheanta;
    (b) suíomh na gcriosanna leochaileacha ainmnithe, agus idirdhealú déanta idir criosanna atá bunaithe cheana féin agus criosanna ainmnithe ó cuireadh an tuarascáil roimhe seo i dtoll a chéile.
3. Achoimre ar na torthaí monatóireachta faighte de bhua Airteagal 6 den Treoir um Níotráití, lena n-áirítear ráiteas maidir leis na breithniúcháin a bhí mar bhonn le hainmniú gach creasa leochailigh agus aon leasú ar ainmniúcháin criosanna leochaileacha nó ainmniúcháin nua.
4. Achoimre ar an gclár gníomhaíochta.

Nuair a bhíonn tuarascáil na hÉireann á tiomsú, úsáidtear sonraí ón gClár Monatóireachta Náisiúnta ar Cháilíocht an Uisce chun ceanglais tuairiscithe Airteagal 10 a chomhlíonadh. Sa tuarascáil is déanaí clúdaítear an seachtú tréimhse thuairiscithe ó 2020–2023, agus léirítear go bhfuil méadú tagtha ar thiúchaintí níotráite i screamhuisce, in aibhneacha agus in uiscí trasdultacha i gcomparáid leis an séú tréimhse thuairiscithe. Tá sé sin bunaithe ar mheán ceithre bliana, agus tá fianaise ar eotrófú le feiceáil san oirdheisceart, go háirithe i ndobharcheantar na Siúire. Bhí ocht as 63 uisce trasdultach eotrófach, agus ainmníodh 33 uisce trasdultach eile mar “uiscí a d’fhéadfadh a bheith eotrófach”. San oirdheisceart agus feadh chósta an deiscirt a bhí siad sin lonnaithe den chuid is mó, áit a raibh 6 as na 8 n-uisce thrasdultacha. Tá na tiúchaintí níotráite fós i measc na dtiúchaintí is ísle

[19] https://www.epa.ie/publications/monitoring--assessment/freshwater--marine/Nitrates-Article-10-Report-for-Ireland-2020-2023.pdf

san Eoraip, ach athraíonn leibhéil níotráite bliain i ndiaidh bliana, agus fritháiríodh laghdú a tugadh faoi deara in 2024 le méadú a braitheadh in ‘Tuarascáil an GCC maidir le táscaire ar luath-léargais: Tiúchaintí nítrigine in aibhneacha móra roghnaithe, Eanáir – Meitheamh 2025’. Tá na hathruithe sin bunaithe ar lódáil foinse, bainistíocht na talún talmhaíochta agus patrúin aimsire, agus tá imscrúdú á dhéanamh ag an GCC ar na cúiseanna móra de réir a chéile.

1.2.2 Measúnú an GCC ar na dobharcheantair ina bhfuil laghduithe i dtiúchaintí nítrigine de dhíth chun cuspóirí cáilíochta uisce a bhaint amach

Foilsíodh tuarascáil an GCC, “Spriocdhíriú fianaisebhunaithe ar bhearta talmhaíochta chun nítrigin i ndobharcheantair a laghdú ar mhaithe le cuspóirí cáilíochta uisce a bhaint amach (2020–2024”[20] i mí Lúnasa 2025. Soláthraítear trí nuashonrú idirghaolmhara sa tuarascáil chun tacú le cur chuige Phlean Gníomhaíochta Uisce 2024, “na bearta cearta san áit cheart”:

i. measúnú ar na dobharcheantair ina bhfuil laghduithe nítrigine ag teastáil;
ii. measúnú ar na hathruithe ar achar-chuig-sprioc níotráití ó 1990 i leith sna dobharcheantair ionadaíocha sin; agus
iii. nuashonrú ar léarscáil na mBeart Feirme agus Tírdhreacha don Talmhaíocht (FLAG), (ar a dtugtaí an léarscáil um Spriocdhíriú ar Bhearta Talmhaíochta roimhe seo) chun a léiriú cá háit ar ar cheart bearta talmhaíochta a spriocdhíriú chun cáilíocht an uisce a athbhunú.

Agus measúnú á dhéanamh ar na dobharcheantair ina bhfuil laghduithe nítrigine ag teastáil, rinne an GCC measúnú ar 20 dobharcheantar ionadaíoch. Léirítear le torthaí an mheasúnaithe go bhfuil laghdú tagtha ar chaillteanais nítrigine inár n-abhantracha le blianta beaga anuas. Mar thoradh air sin, tá laghdú tagtha ar an méid nítrigine a chaithfear a laghdú chun spriocanna éiceolaíocha a bhaint amach i ngach suíomh ach suíomh amháin, (dobharcheantar na hAbhann Móire), i gcomparáid leis an measúnú roimhe seo a bhí bunaithe ar an tréimhse thuairiscithe 2017–2019.

[20] https://www.epa.ie/publications/monitoring--assessment/freshwater--marine/evidence-based-targeting-of-agricultural-measures-to-reduce-nitrogen-in-catchments-to-achieve-water-quality-objectives.php

Bunaithe ar shonraí ó 2022–2024, tá laghduithe nítrigine, idir 2% agus 38%, fós ag teastáil i seacht as 20 dobharcheantar agus tá na laghduithe is airde ag teastáil sa Bhearú, agus sa tSláine ina dhiaidh sin. Is iad na cúig dhobharcheantar eile ina bhfuil laghduithe nítrigine ag teastáil ná dobharcheantair Abhainn na Bandan, na hAbhann Móire, na Bóinne, na Feoire agus na Siúire. Tugtar Dobharcheantair ar Údar Imní Iad ar na dobharcheantair sin[21].

I ndobharcheantair thuaithe, is ón talmhaíocht a thagann níos mó ná 85% de na foinsí nítrigine. Tá raon beart talmhaíochta curtha chun feidhme le 4–5 bliana anuas agus is dócha gur chuir na bearta sin le laghdú ar thiúchaintí níotráite in go leor dobharcheantar a braitheadh in 2024 i gcomparáid le 2023. I measc na mbeart sin tá bearta rialála agus bearta neamhrialála, feabhsuithe ar éifeachtúlacht úsáide nítrigine, feasacht níos fearr agus rannpháirtíocht gan choinne sa tionscal agraibhia trí chéile chun dlús a chur le feabhsuithe ar cháilíocht an uisce. Chuir pátrúin aeráide agus aimsire, cobhsú an tréada náisiúnta agus laghdú ar dhíolacháin nítrigine ceimicí le linn na tréimhse sin leis an laghdú freisin. In ainneoin an mhéadaithe ar thiúchaintí nítrigine a léiríodh sa tuarascáil Luathléargais ina dhiaidh sin don chéad sé mhí de 2025, tá na leibhéil fós níos ísle ná na leibhéil a tuairiscíodh i gcomhair 2023.

Moltar sa tuarascáil go dtógfaidh an earnáil talmhaíochta ar an móiminteam reatha trí leanúint de bhearta spriocdhírithe a chur i bhfeidhm. Ba cheart na bearta sin a chur in oiriúint don chineál ithreach, do shaintréithe an dobharcheantair, agus don chothaitheach ar údar imní é, mar a léirítear i léarscáileanna FLAG agus ATT an GCC. Tá ceanglas ann freisin athléimneacht a chur san áireamh sna bearta maolaithe chun cuntas a dhéanamh ar phátrúin athraithe aeráide agus aimsire.

Mar cheanglas faoi Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Dea-Chleachtas Talmhaíochta chun Uiscí a Chosaint), agus chun tacú le meastóireacht ar mhaolú níotráití na hÉireann, foilsíonn an GCC ‘Tuarascáil mhonatóireachta ar cháilíocht an uisce

[21] Sainaithníodh roinnt dobharcheantar mar dhobharcheantair ar ábhar imní iad mar gheall ar thiúchaintí nítrigine ardaithe: https://www.epa.ie/publications/monitoring--assessment/freshwater--marine/evidence-based-targeting-of-agricultural-measures-to-reduce-nitrogen-in-catchments-to-achieve-water-quality-objectives.php

maidir le tiúchaintí nítrigine agus fosfair in uiscí na hÉireann'[22]. Tá na tuarascálacha sin bunaithe ar shonraí ó chohórt stáisiún monatóireachta laistigh den chlár monatóireachta náisiúnta a léiríonn tionchar na talmhaíochta ar cháilíocht an uisce. Clúdaíonn siad líonra níos leithne de shuíomhanna monatóireachta freisin i gcomparáid leis na tuarascálacha táscaire Luathléargais. Tugadh le fios sa tuarascáil is déanaí a bhí dírithe ar thiúchaintí cothaitheach in 2024 gur tháinig laghdú 10% ar thiúchaintí níotráite in aibhneacha (cé go raibh sé fós ró-ard san oirdheisceart, san oirthear agus i lár na tíre), agus gur tháinig laghdú ar thiúchaintí i lochanna freisin. Cé go raibh sé fós ard, ba é an t-oirdheisceart an t-aon réigiún sa tír inar tháinig laghdú ar níotráití (8%) i screamhuisce. Mhéadaigh líon na ndobharlach inbhir agus cósta a sháraigh an tairseach nítrigine geimhridh airmheánach le haghaidh Dea-Stádais 2%, agus tugadh na tiúchaintí is airde faoi deara i réigiúin an deiscirt agus an oirdheiscirt. Tarraingíodh aird sa tuarascáil ar an bpointe go bhféadfadh roinnt ama a bheith ag teastáil sula mbeidh na hathruithe a tugadh faoi deara in aibhneacha le tabhairt faoi deara síos an abhainn in uiscí mara. Maidir le tiúchaintí fosfair, níor tugadh aon athrú suntasach faoi deara, agus bhí 21% de na suíomhanna in 2024 os cionn an chaighdeáin cáilíochta comhshaoil do Dhea-stádas (0.035 mg/l). Tá siad sin suite i gceantair ina bhfuil ithreacha nach bhfuil á ndraenáil go maith, cosúil le Luimneach, Muineachán agus an t-oirthuaisceart. Cé gur aithníodh na feabhsuithe, leagadh béim sa tuarascáil ar an bpointe go bhfuil gá le tuilleadh laghduithe ar chothaithigh agus go gcaithfear bearta a spriocdhíriú go sonrach ar fhadhb cháilíocht an uisce agus an suíomh fisiciúil a chur san áireamh.

Clúdaítear an tréimhse idir Eanáir agus Meitheamh 2025 i dTuarascáil maidir le Táscaire ar Luath-léargais is déanaí an GCC maidir le tiúchaintí nítrigine in 20 abhainn mhór[23]. Tá an tuarascáil bunaithe ar shonraí monatóireachta ó shuíomhanna monatóireachta abhann ionadaíocha sa chlár monatóireachta náisiúnta. Tá na suíomhanna sin suite ag na pointí monatóireachta is faide síos an abhainn de phríomhaibhneacha ar fud na hÉireann, lena n-áirítear suíomhanna i

[22] https://www.epa.ie/publications/monitoring--assessment/freshwater--marine/water-quality-monitoring-report-on-nitrogen-and-phosphorus-concentrations-in-irish-waters-2024.php

[23] https://www.epa.ie/publications/monitoring--assessment/freshwater--marine/early-insights-indicator-report-nitrogen-concentrations-in-selected-major-rivers-january-june-2025.php

nDobharcheantair ar Údar Imní Iad feadh chóstaí an deiscirt, an oirdheiscirt agus an oirthir[24]. Rinneadh measúnú sa tuarascáil ar shonraí nár tuairiscíodh roimhe seo agus tugadh fianaise luath faoi deara gur tháinig méadú ar thiúchaintí níotráite sna suíomhanna sin i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2024, ach tá siad fós níos ísle ná na tiúchaintí a tuairiscíodh in 2023.

Tá tuilleadh eolais faoi cháilíocht an uisce ar fáil go poiblí agus is féidir rochtain a fháil uirthi ag www.catchments.ie agus https://gis.epa.ie/GetData/Download.

1.2.3 An Clár Dobharcheantar Talmhaíochta

Bunaíodh an Clár Dobharcheantar Talmhaíochta (CDT), atá á mhaoiniú ag an RTBM agus á fheidhmiú ag Teagasc, in 2008. Is é príomhchuspóir an CDT monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an phacáiste beart a cuireadh chun feidhme faoi Chlár Gníomhaíochta um Níotráití (CGN) na hÉireann.

Tá an CDT ag obair i gcomhpháirt le 300 feirmeoir agus tá próisis bhithfhisiciúla agus shocheacnamaíocha á gcomhtháthú faoi chun measúnú a dhéanamh ar thionchar na gníomhaíochta talmhaíochta ar uisce i sé dhobharcheantar abhann a ndéantar dianfheirmeoireacht orthu, atá idir 6 km agus 31 km^2. Raon meascán tírdhreacha/ithreach/feirmeoireachta atá sna dobharcheantair sin[25]. Soláthraíodh leis an dianmhonatóireacht bhithfhisiciúil sin atá á déanamh ag an CDT ó 2008 tacar sonraí uathúil d'Éirinn, acmhainn shárluachmhar chun teacht ar thuiscint ar chaillteanais cothaitheach ó thalmhaíocht.

Déantar an CDT a reáchtáil i dtimthriallta ceithre bliana agus cuireadh tús leis an gcúigiú céim den chlár in 2024, le buiséad méadaithe de 18%. Cuireadh an méadú buiséid sin ar fáil chun an earcaíocht riachtanach, chun clár feabhsaithe a sholáthar, a éascú. Laistigh dá chéim reatha, táthar ag leanúint le forbairt taighde agus monatóireacht ar cháilíocht uisce agus athrú aeráide faoin CDT, agus le leathnú na nithe sin. Ag an am céanna tá béim nua á leagan ar straitéisí uisce agus maolaithe aeráide, atá réidh do bheartas, a fhorbairt.

[24] Sainaithníodh roinnt dobharcheantar mar dhobharcheantair ar ábhar imní iad mar gheall ar thiúchaintí nítrigine ardaithe: https://www.epa.ie/publications/monitoring--assessment/freshwater--marine/evidence-based-targeting-of-agricultural-measures-to-reduce-nitrogen-in-catchments-to-achieve-water-quality-objectives.php

[25] https://www.teagasc.ie/environment/water-quality/agricultural-catchments

Príomhthorthaí an CDT

Tá achoimre le fáil anseo, Tábla 2, ar roinnt príomhthorthaí agus príomh-mholtaí ón CDT, atá ábhartha go díreach do bhainistíocht cothaitheach.

Tábla 2 Príomhthorthaí an CDT

Príomhthoradh[26]	Moltaí
• Is féidir leis an gcineál ithreach agus an gheolaíocht atá faoina bhun tionchar brúnna foinsí cothaitheach a shárú. • Ag scála an dobharlaigh bhig (ca. 10 km) níl aon nasc soiléir idir tiúchaintí nítrigin (N) agus tiúchaintí fosfair (F) srutha agus brúnna foinsí cothaitheach.	• Tá gá le bearta maolaithe spriocdhírithe agus éifeachtúla.
• Bíonn tionchar difriúil ag athruithe aimsire fadtéarmacha agus ag an adhaimsir ghearrthéarmach ar chailliúint nítrigine agus fosfair isteach san uisce. • Bíonn tionchar díreach ag mórimeachtaí hidreolaíocha (báisteach throm agus triomach) ar thiúchaintí cothaitheach (N agus F) a fhágann na dobharcheantair. • Is iad tosca aeráide agus hidreolaíocha (i.e. leibhéal, dáileadh agus sreabhadh uisce) agus ní díreach foinsí nítrigine, príomhchúiseanna agus	• Caithfear aird a thabhairt ar an aimsir agus d'fhéadfadh go mbeadh gá le straitéisí maolaithe éagsúla agus comhairle fíor-ama. • Straitéisí maolaithe spriocdhírithe, e.g. barra cumhdaigh geimhridh lena n-íoslaghdaítear caillteanais N barrachais in ithreacha atá draenáilte go maith nuair a bhíonn sreabhadh agus iompar uisce ard ann. • Ní mór úsáid nítrigine a laghdú agus/nó a shaincheapadh le linn tréimhsí fáis shrianta barr.

[26] https://www.teagasc.ie/environment/water-quality/agricultural-catchments/publications/

Príomhthoradh[26]	Moltaí
príomhrialuithe chaillteanas na níotráite. • Bhí baint ag athruithe sealadacha i dtiúchaintí níotráite screamhuisce le tosca agranamaíocha, meitéareolaíocha agus hidrigeolaíocha in dhá dhobharcheantar a sholáthraítear le screamhuisce.	
• Tar éis na báistí troime, laghdaíodh tiúchaintí F srutha de réir a chéile le linn na “tréimhse dúnta” agus níor mhéadaigh siad sa tréimhse ceithre seachtaine tar éis dheireadh na “tréimhse dúnta”. Bhí tiúchaintí F níos airde i rith na tréimhse dúnta i gcomparáid leis an tréimhse leata, i ngach dobharcheantar.	• Tá an tréimhse dúnta éifeachtach agus riachtanach • Má sholáthraítear comhairle maidir le dálaí taise ithreach le linn na tréimhse leata, is féidir cinntí níos fearr a dhéanamh maidir le ham agus le suíomh leathadh an sciodair.
• Teastaíonn dáileadh foinsí cothaitheach ar fheirmeacha agus ar fud dobharcheantar. • Tá sé tábhachtach barrachas cothaitheach ag geata na feirme a laghdú agus éifeachtúlacht úsáid N agus F a mhéadú ó thaobh na talmhaíochta agus na hagranamaíochta de. • Is fearr le feirmeoirí cur chuige solúbtha maidir le Plean um Bainistiú Cothaitheach (PBC). Bíonn	• Tá tacaíocht chomhairleach agus Malartú eolais ag teastáil le haghaidh Pleanáil um Bainistiú Cothaitheach éifeachtach.

DRAFT

Príomhthoradh[26]	Moltaí
tionchar ag tosca amhail praghsanna leasacháin, rátaí stocála, acmhainneacht úsáide talún, úsáid teicneolaíochta taifeadta bainne, teagmháil le seirbhísí sínte agus patrúin báistí ar an gcothromaíocht F agus ar éifeachtúlacht úsáide.	
• Tá agaí ama idir brúnna talmhaíochta agus staid cháilíocht an uisce, de ca. 5–10 mbliana. Méadaíonn na hamanna freagartha de réir mar a mhéadaíonn méid an dobharcheantair den chuid is mó.	• Ní mór breithniú a dhéanamh ar agaí ama nuair a bhíonn nasc á dhéanamh idir brú talmhaíochta agus staid cháilíocht an uisce.
• Fuarthas glacadh méadaitheach le buntáistí comhshaoil ó rialáil. Tá an dóchúlacht go nglacfar le cleachtas um bainistiú cothaitheach áirithe bainteach le tosca déimeagrafacha agus struchtúracha feirme. • Bíonn tionchar ag tosca eacnamaíocha, dearcaidh agus struchtúracha feirme ar an toilteanas glacadh le beart maolaithe amhail crios maolánach. Léirigh 53% de na feirmeoirí dobharcheantair a ndearnadh suirbhé orthu nach raibh siad i bhfabhar crios maolánach bruachánach 10 méadar fálaithe a bheith acu faoi scéim 5 bliana.	• Ba cheart cohóirt feirmeoirí a bhreithniú le haghaidh pleanáil talamhúsáide agus bearta beartais agus dreasachtaí á saincheapadh • Tá dreasachtaí ag teastáil chun glacadh le criosanna maolánacha suntasacha.

DRAFT

Príomhthoradh[26]	Moltaí
• Ainneoin gur ábhar dóchais iad treochtaí cothaitheach agus cáilíochta uisce áirithe, éilíonn feabhsuithe ar éiceolaíocht srutha go ndéileálfaí le strusairí seachas cothaithigh, cosúil le húsáid lotnaidicídí agus athchóiriú lag ar ghnáthóga bruachánacha.	• Tá bearta fisiciúla agus ama éifeachtacha ann, lena ndéantar iarracht creimeadh ithreach a íoslaghdú agus an bealach do chaillteanas cothaitheach ón talamh a thrasnú. Tá gá le cumarsáid spriocdhírithe rialta, níos soiléire agus níos láidre maidir leis na bearta reatha.

1.3 Talmhaíocht in Éirinn

Is í an earnáil agraibhia an tionscal dúchasach is tábhachtaí in Éirinn. Tá thart ar 170,000 post bunaithe ar an earnáil agus gintear beagnach €19 billiún in onnmhairí léi gach bliain. Is ionann an earnáil agus thart ar 6% den ollioncam náisiúnta modhnaithe agus 6% den fhostaíocht náisiúnta. Tá níos mó ná 4.5 milliún heicteár, thart ar 65% den achar talún iomlán in Éirinn, á shaothrú ag thart ar 135,000 teaghlach feirme[27]. Faoi bheartas an rialtais, tacaítear le samhail inbhuanaithe táirgthe bia lena gcothromaítear earnáil feirmeoireachta inmharthana le cosaint ár n-acmhainne comhshaoil ríthábhachtaí. Tá ról ríthábhachtach ag an Maolú Níotráite i gcothabháil inmharthanacht eacnamaíoch na bhfeirmeoirí a bhraitheann air. Cabhraíonn an earnáil le méid suntasach de sholáthairtí amhábhair a sholáthar don earnáil déiríochta, earnáil a sholáthair onnmhairí a raibh luach níos mó ná €6.3 billiún luaite leo in 2023, agus cuireann sí go mór leis an ngeilleagar tuaithe.

Is féarthalamh den chuid is mó atá i gceist le talmhaíocht in Éirinn. Tá féar á fhás ar bhreis is 4.2 milliún heicteár, arb ionann é agus 92% den limistéar talmhaíochta iomlán. Is toradh é sin ar ár n-aeráid mheasartha chineálta agus séasúr fada fáis féir lena mbaineann coinníollacha idéalacha chun féar a fhás, agus dá bhrí sin,

[27] https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-fss/farmstructuresurvey2023/

caitheann eallach agus caoirigh an chuid is mó den bhliain ag innilt amuigh faoin aer. Baineann buntáistí iomadúla leis an gcóras féarthailte sin, lena n-áirítear:

- Astaíochtaí GCT níos ísle in aghaidh an aonaid aschuir
- Éagsúlacht tírdhreacha agus bithéagsúlacht
- Carbón orgánach ithreach
- Neamhthuilleamaíocht beatha
- Athchúrsáil aoiligh laistigh den ghabháltas
- Sochair leasa ainmhithe

Mar gheall ar chóras féarbhunaithe na hÉireann tá údar le liúntas aoiligh beostoic níos airde ná an gnáthleibhéal de 170kg Nítrigin do gach heicteár, agus tá gá leis an liúntas sin freisin.

Tá gránaigh ag fás ar chuid i bhfad níos lú den talamh talmhaíochta, thart ar 270,000 ha, ach tá sé mar aidhm ag an rialtas an limistéar curaíochta a mhéadú go dtí 400,000 ha[28]. Dá réir sin, tá Éire uathúil i measc na mBallstát, mar gheall ar an mbéim atá á leagan ar fhéarthalamh, (féach Fíor 1).

[28] https://www.gov.ie/en/department-of-agriculture-food-and-the-marine/publications/final-report-of-the-food-vision-2030-tillage-group/



Fíor 1 Céatadán féarthailte agus talún curaíochta ar fud an AE. (Foinse: Staitisticí cumhdaigh talún Eurostat 2018)[29]

Mar thoradh ar an gcóras féarthalún sin, tá cur chuige comhoibríoch uathúil maidir le talmhaíocht tar éis teacht chun cinn, agus tá bainne ó fheirmeacha á chur ar fáil do chomharchumainn atá faoi úinéireacht feirmeoirí.

Mar sin féin, tá pobal feirmeoirí na hÉireann ag dul in aois, agus tá beagnach 38% de na feirmeoirí os cionn 65 bliain d'aois anois, treocht atá le tabhairt faoi deara bliain i ndiaidh bliana, (féach Fíor 2). Glacadh leis sin mar cheann de na tosca a bhí ag cur le laghdú ar líon foriomlán na n-eallaí in Éirinn. Tháinig méadú seasta ar líon iomlán na n-eallaí ó 2015 go dtí 2022. Tháinig laghdú 3% ar na figiúirí ó shin agus iad cosúil le figiúirí 2015. Táthar ag súil go leanfaidh líon iomlán na n-eallaí an treocht sin in 2025. Ainneoin gur mhéadaigh an céatadán de bha déiríochta sa tréad

[29] https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=Land_cover_statistics#:~:text=roads%20or%20lakes).-,Land%20cover%20in%20the%20EU,and%20wetland%20(1.7%20%25).

náisiúnta i rith na tréimhse sin, laghdaigh an dearbhlíon ba déiríochta 1.4% idir 2023 agus 2024[30].

Tháinig laghdú ar dhíolacháin náisiúnta de leasachán ceimiceach do leasacháin ina bhfuil nítrigin agus fosfar 549,555 tona freisin idir 2021 agus 2023[31]. I gcomparáid le buaicfhigiúirí díolacháin in 2018, tháinig laghdú ar dhíolacháin leasacháin de leasachán nítrigine ceimiceach 24%. I gcomparáid leis an tréimhse chéanna, tháinig laghdú ar dhíolacháin leasacháin fosfair cheimicigh 38% freisin.

Meascán d'athruithe rialála is cúis leis na hathruithe sin, mar aon le bainistiú cothaitheach feabhsaithe ar fheirmeacha, praghsanna leasacháin idirnáisiúnta agus coinníollacha aimsire neamhfhabhracha.



% of Farm Holders by Age Group	% de Shealbhóirí Feirme de réir Aoisghrúpa

Fíor 2 Céatadán feirmeoirí de réir aoisghrúpa. (Foinse: POS na hÉireann)[32]

Tá líon suntasach bearta curtha chun feidhme ag feirmeoirí agus é mar aidhm acu cáilíocht an uisce a fheabhsú agus tacú leis an maolú níotráití. Príomhghné den

[30] Suirbhé Barr agus Beostoic Torthaí Deiridh Meitheamh 2024: https://data.cso.ie/table/AAA09

[31] https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-fsa/fertilisersales2024/

[32] https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-fss/farmstructuresurvey2023/demographicprofileoffarmholders/

obair leanúnach a rinneadh le blianta beaga anuas i ndáil le cáilíocht an uisce a fheabhsú, a bheidh sa mhaolú níotráití.

2 Comhthéacs Beartais

Forbraíodh an dréacht den Séú CGN i gcomhréir le beartais éagsúla Rialtais agus AE, ag ionchorprú taighde ábhartha agus ionchur ó pháirtithe leasmhara trí chur chuige comhordaithe, comhoibríoch. Is féidir tuilleadh sonraí a fháil faoin gcaoi ar comhtháthaíodh cuspóirí agus breithnithe comhshaoil pleananna agus clár eile agus an dréacht den Séú CGN i gCaibidil 4 den Tuarascáil Chomhshaoil ar Mheasúnú Straitéiseach Timpeallachta (TC MST) á ullmhú.

2.1 Beartas Rialtais

2.1.1 Clár don Rialtas

Leagtar amach i gClár Rialtais na hÉireann 2025[33] tiomantas láidir don talmhaíocht agus don bhia, mar cheann de na hearnálacha fostaíochta dúchasacha is sine agus is mó in Éirinn. San áireamh leis sin, tá gealltanas ón Rialtas “gach rud atá de chumhacht aige a dhéanamh chun cás a dhéanamh ar leibhéal an AE chun coinneáil an Mhaolaithe Níotráite a chinntiú i bhfianaise na samhla táirgthe féarbhunaithe uathúla againn.” Mar chuid den Chlár, tá gealltanas tugtha ag an Rialtas chun:

- Coiste Comh-Aireachta um Cháilíocht Uisce a bhunú faoi chathaoirleacht an Taoisigh chun feabhsuithe ar cháilíocht uisce a chomhordú ar fud na n-earnálacha uile.
- Oibriú i gcomhar le feirmeoirí agus leis an tionscal chun maolú níotráití na hÉireann a dhaingniú ar leibhéal an AE, tríd an bPlean Athnuachana maidir le Maolú Níotráití a chur i bhfeidhm chun tacú le coinneáil[34].

[33] https://www.gov.ie/en/department-of-the-taoiseach/publications/programme-for-government-2025-securing-irelands-future/

[34] https://www.gov.ie/en/department-of-agriculture-food-and-the-marine/press-releases/mcconalogue-publishes-nitrates-derogation-renewal-plan-water-and-agriculture-a-collaborative-approach/

- An Clár Tacaíochta agus Comhairleach um Inbhuanaitheacht Talmhaíochta (CTCIT) a leathnú[35].
- Leanúint ar aghaidh ag tacú leis an gComhpháirtíocht Eorpach um Nuáil maidir le Feirmeoireacht ar son Uisce (CEN) trí mhaoiniú a mhéadú. Feabhsaíonn an scéim ríthábhachtach seo cáilíocht an uisce i gceantair thosaíochta ar fud na tíre agus cuidíonn sé go díreach le feirmeoirí le comhairle, tacaíocht agus acmhainní a chur ar fáil dóibh.
- Feabhas a chur ar chomhoibriú maidir le tástáil uisce trí chomhpháirtíochtaí idir feirmeoirí, Teagasc agus an GCC a fheabhsú chun cáilíocht an uisce a choinneáil.

I measc na ngealltanas eile a bhaineann leis an talmhaíocht tá tacaíochtaí don orgánaic; comharbas feirme idirghlúine; ag baint leasa as fuinneamh in-athnuaite san earnáil talmhaíochta; slándáil bia agus inbhuanaitheacht a chur chun cinn; an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta maidir le Mná san Earnáil Talmhaíochta[36], leas ainmhithe a threisiú; feabhas a chur ar shábháilteacht feirme, agus tacaíocht a thabhairt do nuálaíocht agus taighde.

2.1.2 Uisce agus Talmhaíocht – Cur Chuige Comhoibríoch

Leagtar amach in “Uisce agus Talmhaíocht – Cur Chuige Comhoibríoch” [37] a d’fhoilsigh an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara in 2024, tiomantas an Rialtais chun coinneáil mhaolú níotráití na hÉireann a chinntiú, agus a thábhacht do thalmhaíocht na hÉireann agus don gheilleagar náisiúnta i gcoitinne á cur san áireamh. Sa bheartas seo, leagtar amach cosán trí chúig phríomhréimse, eadhon:

1. Bearta rialála – lena n-áirítear laghdú ar theorainneacha nítrigine ceimicí agus aistriú chuig trealamh Leata Sciodair Astaíochtaí Ísle (LSAÍ).

[35] https://teagasc.ie/environment/water-quality/farming-for-water-quality-assap/assap-in-detail

[36] https://www.gov.ie/en/department-of-agriculture-food-and-the-marine/publications/women-in-agriculture/

[37] https://assets.gov.ie/static/documents/water-and-agriculture-a-collaborative-approach.pdf

2. Tacaíochtaí airgeadais rialtais d'fheirmeoirí – lena n-áirítear soláthar tacaíochtaí airgeadais do chomhairleoirí feirme agus an CEN maidir le Feirmeoireacht ar son Uisce ar fiú €60m é.
3. An rialtas, an tionscal agus feirmeoirí ag obair le chéile – lena n-áirítear feachtas Teagasc dar teideal 'Feirmeoireacht ar son Uisce,[38] agus rannpháirtíocht leis an earnáil trí CEN maidir le Feirmeoireacht ar son Uisce agus Clár Uiscí na nÚdarás Áitiúil (CUÚÁ).
4. Bearta agus gníomhartha breise – lena n-áirítear measúnuithe comhshaoil agus eacnamaíocha, agus tuilleadh taighde faoi stiúir Teagasc.
5. An chéad mhaolú eile níotráití in Éirinn a chinntiú.

Tá go leor de na gníomhartha atá leagtha amach sa doiciméad beartais ar bun anois agus geallann an dréacht den Séú CGN go mbainfear amach na príomhréimsí seo.

2.1.3 Fís Bia 2030 – Ceannaire Domhanda i gCórais Bhia Inbhuanaithe

Is Straitéis deich mbliana í an Straitéis Fís le haghaidh an Bhia don earnáil agraibhia in Éirinn[39]. Is é Fís na straitéise, a foilsíodh in 2022, go mbeidh Éire ina ceannaire domhanda i gCórais Bhia Inbhuanaithe sna deich mbliana amach romhainn. Bainfidh buntáistí suntasacha leis sin don earnáil agraibhia in Éirinn féin, do shochaí na hÉireann agus don chomhshaol. Trí chur chuige córas bia comhtháite, tá sé mar aidhm áit ar leith a bhaint amach le haghaidh na hÉireann mar cheannaire domhanda i nuálaíocht bia agus talmhaíochta inbhuanaithe, le bia sábháilte, cothaitheach agus ar ardluach a chur ar fáil, agus ár n-acmhainní nádúrtha agus cultúrtha a chosaint agus a fheabhsú ag an am céanna.

Leagtar amach 22 Sprioc sa Straitéis, eagraithe faoi cheithre Mhisean ardleibhéil ar féidir leis an earnáil díriú orthu:

1. Earnáil agraibhia atá aeráidchliste agus atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de;
2. Táirgeoirí tosaigh inmharthana athléimneacha lena mbaineann folláine fheabhsaithe;

[38] https://teagasc.ie/environment/water-quality/better-farming-for-water/

[39] https://www.gov.ie/en/department-of-agriculture-food-and-the-marine/policies/food-vision-2030-a-world-leader-in-sustainable-food-systems/

3. Bia atá sábháilte, cothaitheach agus mealltach, atá iontaofa agus a bhfuil luach air sa bhaile agus thar lear;
4. Earnáil agraibhia atá nuálach, iomaíoch agus athléimneach, bunaithe ar theicneolaíocht agus ar dhaoine cumasacha.

Faoi gach misean tá fo-thacar de phríomhtháscairí le 'Sprioc' gaolmhar, ar féidir iad a rianú, mar aon le Dul Chun Cinn na Misin, ar dheais[40]. Le Misean 1, socraítear sprioc chun "Córas bia atá neodrach ó thaobh na haeráide de a bhaint amach faoi 2050, agus dul chun cinn intomhaiste á mheas faoi 2023. Áirítear leis seo astaíochtaí a laghdú, ceapadh carbóin a mhéadú, cáilíocht an aeir agus an uisce a fheabhsú, bithéagsúlacht a athbhunú agus a fheabhsú, foraoisí ilghnéitheacha a fhorbairt, bia mara inbhuanaithe a chur chun cinn, deiseanna sa bhithgheilleagar a iniúchadh, agus clár Origin Green a neartú." Ceann de na príomhtháscairí faoi Mhisean 1 is ea 'Cáilíocht an Uisce', ar féidir rianú a dhéanamh air ar an deais, rud a léiríonn an chaoi a gcuirtear tábhacht cháilíocht an uisce san áireamh i ngach straitéis rialtais a bhaineann leis an earnáil talmhaíochta agus bia.

2.1.4 Beartas Forbartha Tuaithe – Ár dTodhchaí Tuaithe 2021–2025

Tá cónaí ar 45% den daonra náisiúnta faoin tuath in Éirinn[41]. D'fhéadfadh an céatadán sin a bheith i bhfad níos airde go réigiúnach, áfach, mar shampla i Réigiún an Iarthair, (Dún na nGall, Sligeach, Liatroim, Maigh Eo, Ros Comáin, Gaillimh agus an Clár), áit a bhfuil an daonra tuaithe cothrom le 63%[42]. Is féidir é sin a chur i gcomparáid le meándaonra tuaithe de níos lú ná 25% san AE[43]. Leagtar amach sa Bheartas Forbartha Tuaithe náisiúnta[44], á stiúradh ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, agus Gaeltachta, fís do cheantar tuaithe bríomhar in Éirinn. An aidhm atá leis ná an geilleagar tuaithe a fheabhsú agus nascacht agus inbhuanaitheacht a

[40] Food Vision Dashboard

[41] https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=Urban-rural_Europe_-_introduction#Source_data_for_tables_and_graphs

[42] https://westerndevelopment.ie/insights/key-statistics-from-census-2022-for-the-western-region-and-its-counties/#_ftn1- Western Development Commission

[43] https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=Urban-rural_Europe_-_introduction#Information_on_data

[44] https://www.gov.ie/en/department-of-rural-and-community-development-and-the-gaeltacht/publications/our-rural-future-rural-development-policy-2021-2025/

fheabhsú, agus béim á leagan ar chleachtais atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de sa talmhaíocht agus san fhorbairt tuaithe. Bainfear é sin amach trí ghníomhartha spriocdhírithe i roinnt réimsí tábhachtacha, ina measc “Tacú le hinbhuanaitheacht Talmhaíochta, Mara agus Foraoiseachta”. Sa chaibidil sin den pholasaí, tugtar aird ar thábhacht earnáil an agraibhia do gheilleagar na hÉireann agus do cheantair thuaithe na hÉireann, agus leagtar amach cuspóirí beartais i ndáil le hinbhuanaitheacht chomhshaoil na talmhaíochta.

2.1.5 Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht 2023–2030 agus Straitéis Bithéagsúlachta an AE 2030

I gceathrú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht[45] (PGNB) na hÉireann, leagtar amach an clár oibre bithéagsúlachta náisiúnta don tréimhse idir 2023–2030; tá sé mar aidhm leis an bplean tacú leis na bunathruithe atá ag teastáil i ndáil leis na bealaí a gcuirimid luach leis an dúlra agus a gcosnaímid é.[46]

Tríd an gceathrú PGNB, déantar iarracht cur chuige “uile-rialtais, uile-shochaí” a bhaint amach i leith rialachas agus chaomhnú na bithéagsúlachta. Is é an sprioc a chinntiú go bhfuil gach saoránach, pobal, gnólacht, údarás áitiúil, comhlacht leathstáit agus gníomhaireacht stáit eolach ar an mbithéagsúlacht, go dtuigeann siad a tábhacht agus iarmhairtí a caillteanais, agus go bhfuil a fhios acu conas is féidir leo cur le dul i ngleic leis an ngéarchéim bithéagsúlachta mar chuid d’iarracht náisiúnta athnuaite chun ‘gníomhú ar son an dúlra’.

Tá an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht 2023-2030 bunaithe ar ghnóthachtálacha an Phlean roimhe seo. Leanfar de ghníomhartha a chur i bhfeidhm laistigh de chreat cúig chuspóir straitéiseacha, agus aghaidh á thabhairt ar shaincheisteanna nua agus saincheisteanna atá ag teacht chun cinn:

- Cuspóir 1 – Cur chuige Uile-Rialtais, Uile-Phobail i leith na Bithéagsúlachta a ghlacadh
- Cuspóir 2 – Riachtanais Phráinneacha Chaomhantais agus Athbhunaithe a Bhaint Amach

[45] https://www.npws.ie/legislation/national-biodiversity-action-plan

[46] https://environment.ec.europa.eu/strategy/biodiversity-strategy-2030_en

- Cuspóir 3 – Cion an Dúlra do Dhaoine a Dhaingniú
- Cuspóir 4 – An Bunús Fianaise maidir le Gníomhaíocht don Bhithéagsúlacht a Fheabhsú
- Cuspóir 5 – Rannpháirtíocht na hÉireann i dTograí Bithéagsúlachta Idirnáisiúnta a Neartú

Is cuid lárnach den Chomhaontú Glas don Eoraip é Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030[47]. An aidhm atá léi ná stop a chur le cailliúint na bithéagsúlachta san Eoraip agus éiceachórais nádúrtha a athbhunú faoi 2030 trí roinnt gníomhartha agus spriocanna, lena n-áirítear:

- Limistéir faoi Chosaint a leathnú go dtí 30% ar a laghad de thalamh agus de limistéir mhuirí an AE agus 10% de na limistéir sin a chosaint.
- Spriocanna Athchóirithe Dúlra a shocrú ach éiceachórais dhíghrádaithe a athchóiriú, bacainní abhann a bhaint agus meath pailneoirí a aisiompú.
- Bithéagsúlacht feabhsaithe i gcórais talmhaíochta agus feirmeoireacht orgánach a mhéadú.
- Úsáid agus riosca lotnaidicídí ceimiceacha a laghdú agus dul i ngleic le speicis choimhthíocha ionracha.
- Cur i bhfeidhm a chumasú trí chistí a leithdháileadh, bithéagsúlacht a chomhtháthú i ngach beartas AE agus forfheidhmiú a fheabhsú.
- An tAontas Eorpach a chur chun cinn mar cheannaire domhanda.

Agus na bearta don dréacht den Séú CGN á bhforbairt, cuireadh an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht agus Straitéis Bhithéagsúlachta an AE san áireamh. Dá bhrí sin, áirítear sa dréacht den Séú CGN bearta a bhfuil comhthairbhí acu don bhithéagsúlacht agus don chomhshaol nádúrtha.

[47] https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/priorities-2019-2024/european-green-deal_en

2.1.6 Creat Náisiúnta um Oiriúnú

Foilsíodh an Creat Náisiúnta um Oiriúnú (CNO) sa bhliain 2024, agus is é an dara creat dá leithéid a forbraíodh in Éirinn[48]. Leagtar amach ann an straitéis chun leochaileacht don athrú aeráide a laghdú, lena n-áirítear tionchair ó imeachtaí aimsire foircneacha amhail tuilte agus triomach. D'fhoilsigh an RTBM an Plean Oiriúnaithe Earnála Athraithe Aeráide do Thalmhaíocht, Foraoiseacht agus Bia Mara[49] faoin gCreat Náisiúnta um Oiriúnú, agus leagtar amach ann an tslí a mbeidh ag earnáil "ag forbairt athléimneachta i ndáil le héifeachtaí an athraithe aeráide agus teagmhais adhaimsire san earnáil talmhaíochta, foraoiseachta agus bia mara, ag laghdú aon tionchar diúltach más féidir, ag baint tairbhe as aon deis atá ann agus ag cabhrú le Ráiteas Cuspóirí Straitéise RTBM a chomhlíonadh."

2.1.7 An Straitéis um Aer Glan d'Éirinn

Is ionann chéad straitéis um aer glan na hÉireann agus gealltanas uile-rialtais agus soláthraítear ann an creat beartais straitéisigh ardleibhéil atá riachtanach chun gníomhartha comhtháite a aithint agus a chur chun cinn ar fud bheartas an Rialtais, atá riachtanach chun truailliú aeir a laghdú agus aer comhthimpeallach níos glaine a chur chun cinn, agus spriocanna náisiúnta níos leithne á mbaint amach i gcomhthráth[50]. San áireamh ansin tá gealltanais laghdaithe maidir le truailleáin aeir a laghdú, lena n-áirítear le haghaidh amóinia, a dtagann 99% di ón talmhaíocht.

Mar thoradh ar an méadú a tháinig ar líon na n-eallaí tar éis deireadh a chur le cuótaí bainne in 2015, bhí Éire neamhchomhlíontach le sprioc laghdaithe astaíochtaí amóinia Threoir (AE) 2016/2284 maidir le Gealltanais Laghdaithe Astaíochtaí Náisiúnta (TGAN) in 2020 agus in 2021.

Mar sin féin, tá astaíochtaí á laghdú mar thoradh ar bhearta a tugadh isteach sa Chlár Gníomhaíochta um Níotráití, lena n-áirítear úsáid trealaimh leata sciodair astaíochtaí ísle, ar úsáid úiré coiscthe agus ar laghdú ar an tréad náisiúnta. Mar

[48] https://www.gov.ie/en/department-of-climate-energy-and-the-environment/publications/national-adaptation-framework-naf/

[49] https://assets.gov.ie/static/documents/agriculture-forestry-and-seafood-department-of-agriculture-food-and-the-marine.pdf

[50] https://www.gov.ie/en/department-of-climate-energy-and-the-environment/publications/clean-air-strategy/

thoradh air sin, d'éirigh le hÉirinn an sprioc laghdaithe TGAN maidir le hamóinia a chomhlíonadh arís in 2023, agus measfar go leanfar ar aghaidh leis sin ar choinníoll go gcuirfear na bearta maolaithe pleanáilte chun feidhme[51].

2.1.8 Cód Dea-chleachtais Talmhaíochta chun Astaíochtaí Amóinia ón Talmhaíocht a Laghdú

In 2021, d'fhoilsigh an RTBM Cód Dea-chleachtais Talmhaíochta chun Astaíochtaí Amóinia ón Talmhaíocht a laghdú, agus é mar aidhm cur le feasacht ar na roghanna atá ar fáil d'fheirmeoirí[52]. Rinneadh é sin i ndiaidh do Teagasc Cuar Costais Laghdaithe Imeallaigh (CCLI) Amóinia a fhoilsiú ina ndéantar cur síos ar chostéifeachtacht beart difriúil chun astaíochtaí amóinia agus GCT ón talmhaíocht a laghdú chun a chinntiú go bhfuil teorainneacha TGAN á gcomhlíonadh. Trí chion an sciodair, a leathadh, a mhéadú agus úsáid á baint as trealamh LSAÍ, léiríodh gur tugadh laghduithe suntasacha in astaíochtaí amóinia faoi deara i gcomparáid le modhanna úsáide níos traidisiúnta. Léiríodh gur beart cumhachtach freisin é aistriú go dtí úiré chosanta a úsáid.

2.2 Polasaí Uisce Náisiúnta: An Plean Gníomhaíochta Uisce 2024 (3ú Plean Bainistíochta Abhantraí na hÉireann)

Mar a luadh roimhe seo, is é Plean Gníomhaíochta Uisce 2024 (PGU) an tríú Plean Bainistíochta Abhantraí atá forbartha in Éirinn don tréimhse 2022–2027[53].

Is é cur chuige foriomlán an phlean ná "an beart ceart san áit cheart", a sholáthraítear trí leibhéal méadaithe uaillmhéine; soiléireacht róil agus cur i bhfeidhm comhoibríoch; bainistíocht chomhtháite dobharcheantar; rannpháirtíocht an phobail; agus díriú ar iltairbhí.

Tá gá le bearta spriocdhírithe agus éifeachtacha chun dul i ngleic le meath ar cháilíocht an uisce agus chun na limistéir sin a bhfuil dul chun cinn déanta iontu a

[51] https://www.epa.ie/publications/monitoring--assessment/climate-change/air-emissions/IIR_Ireland-2025_web_v2.pdf

[52] https://www.gov.ie/en/department-of-agriculture-food-and-the-marine/publications/code-of-good-agricultural-practice-for-reducing-ammonia-emissions-from-agriculture/

[53] https://www.gov.ie/en/department-of-housing-local-government-and-heritage/policy-information/river-basin-management-plan-2022-2027/

chosaint. Sa bhreis ar cháilíocht fhoriomlán an uisce a fheabhsú, tá tábhacht ag baint le bainistíocht uisce inbhuanaithe chun dul i ngleic le tionchair an athraithe aeráide agus chun dul in oiriúint dó, agus tá comhleasanna ag baint le roinnt mhaith de na bearta a bhfuil gá leo don mhaolú aeráide agus don bhithéagsúlacht. Leagtar amach sa PGU os cionn 150 gníomh chun aghaidh a thabhairt ar ghníomhaíochtaí a mbíonn tionchar acu ar uiscí agus chun cur le cur i bhfeidhm aon Treoir déag ón AE, lena n-áirítear an Treoir um Níotráití. Chun na bearta sin a chur i bhfeidhm beidh gá le maoiniú agus le hacmhainní leanúnacha agus leordhóthanacha, arna dtreisiú ag rannpháirtíocht chomhoibríoch páirtithe leasmhara ag leibhéil náisiúnta, réigiúnacha agus earnálacha.

Déanfar na gníomhartha sin a sholáthar trí Réimsí Gníomhaíochta tosaíochta, a tugadh isteach den chéad uair sa dara timthriall de Phlean Bainistíochta Abhantraí na hÉireann 2018–2021; tá 527 de na réimsí sin ann anois. Cuireann an cur chuige maidir le roghnú leis an gcur chuige ar baineadh tairbhe as sa dara timthriall, tráth a raibh Réimsí Tosaíochta le haghaidh Gníomhaíochta á mbainistiú ag Clár Uiscí an Údaráis Áitiúil (CUÚÁ). Tá cur chuige an tríú timthrialla deartha chun ‘áit do chách a sholáthar sa phlean’ trí rogha níos leithne de Réimsí Gníomhaíochta a chur san áireamh a chuimsíonn Réimsí atá le Cosaint, Réimsí Athchóirithe agus Réimsí do Thionscadail Dobharcheantar (féach Físor 3).

Tá ról lárnach ag an obair leanúnach atá á déanamh faoi **Chlár Uiscí na nÚdarás Áitiúil** (CUÚÁ)[54] maidir le soláthar na ngníomhartha atá sonraithe sa PGU. Tá CUÚÁ maoinithe ag an RTBM agus oibríonn sé thar ceann 31 údarás áitiúil mar sheirbhís chomhroinnte, seirbhís lena gcomhordaítear iarrachtaí chun cáilíocht uisce aibhneacha, lochanna, screamhuisce agus limistéir thrasdula agus chósta na hÉireann a chosaint agus a athbhunú. Tá 60 ball foirne speisialaithe ann a dhéanann an obair seo a leanas: comhordú iarrachtaí idir údaráis áitiúla agus comhlachtaí poiblí ábhartha; obair rannpháirtíochta le pobail agus le páirtithe leasmhara; measúnuithe ar abhantracha i Réimsí Gníomhaíochta Tosaíochta; spreagadh rialachas an CTU, go háirithe ar an leibhéal réigiúnach; agus cur le cur chuige nuálach chun feabhas a chur ar cháilíocht an uisce. Agus é ag obair leis an **gClár**

[54] https://lawaters.ie/

Tacaíochta agus Comhairleach um Inbhuanaitheacht Talmhaíochta (CTCIT)[55], tá CUÚÁ lárnach maidir le cuspóirí an PGU a sholáthar.

Is seirbhís chomhairleach saor in aisce agus rúnda é CTCIT a chuirtear ar fáil d'fheirmeoirí chun cabhrú le cáilíocht an uisce a fheabhsú. Tá breis is 30 comhairleoir speisialaithe páirteach ann, agus tá sé cómhaoinithe ag an RTRÁO, an RTBM agus an tionscal agraibhia. Tugadh isteach é den chéad uair sa dara timthriall, ach tá forbairt tagtha air agus tá comhairleoirí breise san áireamh ann, agus tá roinnt táirgeoirí feola ag tosú ag soláthar comhairleoirí, chomh maith le comharchumainn déiríochta. Trí bheith ag obair le feirmeoirí ar bhonn aonair, is féidir le comhairleoirí CTCIT tacú le:

- Bainistiú cothaitheach feabhsaithe le húsáid níos spriocdhírithe a bheith á baint as sciodar agus leasachán.
- Cur chuige nua maidir le bainistíocht talún chun caillteanais cothaitheach ó réimsí foinsí criticiúla a laghdú.
- Bainistíocht agus cleachtais níos fearr ar chlóis feirme.



[55] https://teagasc.ie/environment/water-quality/farming-for-water-quality-assap/

Third-Cycle Areas for Action:	Réimsí le haghaidh Gníomhaíochta faoin Tríú Timthriall:
Process evolved to also capture on-going work that's not in the second-cycle RBMP	Forbraíodh an próiseas chun obair leanúnach nach bhfuil san áireamh sa 2ú Timthriall den PBA a chur san áireamh
Restoration	Athchóiriú
Prioritised areas for action LAWPRO	Ceantair thosaíochta le haghaidh gníomhaíochta CUÚÁ
Blue Dot areas for action LAWPRO and others	Réimsí Poncanna Gorma le haghaidh gníomhaíochtaí CUÚÁ agus eile
LA Areas for Restoration Local Authorities	Ceantair ÚÁ atá le hAthshlánú Údaráis Áitiúil
Public Health Areas for Restoration	Limistéir Sláinte Poiblí le hAthshlánú
NFGWS, UÉ, HSE, Las, SFPA	CNGU, UÉ, FS, ÚÁnna, ÚCIM
Protection	Cosaint
Prioritised areas for Protection	Limistéir Tosaíochta atá le Cosaint
Local Authorities	Údaráis Áitiúla
Blue Dot areas for Protection LAWPRO and others	Ceantair Phoinc Ghoirm atá le Cosaint CUÚÁ agus Eile
LA Areas for Protection Local Authorities	Ceantair ÚÁ atá le Cosaint Údaráis Áitiúla
Public Helath Areas for Protection	Réimsí Sláinte Poiblí atá le Cosaint
NFGWS, UÉ, HSE, Las, SFPA	CNGU, UÉ, FS, ÚÁnna, ÚCIM
Catchment Projects	Tionscadail Dobharcheantair
River Trust/Community led initiatives	Iontaobhas Abhann/Tionscnaimh faoi stiúir an phobail

DRAFT

LIFE	LIFE
INTERREG	INTERREG
EIPs	CENanna
Public Body Research, etc	Taighde Comhlachta Poiblí, etc

Fíor 3 Creat Réimsí Gníomhaíochta an Tríú Timthrialla

Maidir leis an talmhaíocht mar an brú is minice, luaitear sa PGU go bhfuil ról lárnach ag an CGN, mar a cuireadh i bhfeidhm é trí Rialacháin an DCT, maidir le haghaidh a thabhairt ar bhrúnna talmhaíochta ar cháilíocht an uisce, mar aon leis an CEN maidir le Feirmeoireacht ar son Uisce. Leagtar amach 12 ghníomh sa PGU chun aghaidh a thabhairt ar bhrúnna talmhaíochta a mbíonn tionchar acu ar cháilíocht an uisce mar atá leagtha amach anseo, Tábla 3.

DRÉACHT

Tábla 3 Agraibhearta an Phlean Gníomhaíochta Uisce 2024 (tá tuilleadh sonraí maidir le gach gníomh le fáil in Aguisín 2 den PGU)[56]

Beart	Achoimre ar an mbeart
Agra 1	Déanfaidh RTRÁO agus RTBM maoirseacht ar chur i bhfeidhm an Chláir Gníomhaíochta um Níotráití atá níos láidre agus níos spriocdhírithe.
Agra 2	Neartóidh Údaráis Áitiúla an chigireacht agus an forfheidhmiú a bhaineann le truailliú idirleata ón talmhaíocht. Leithdháileadh 57 Cigire nua ar fad in údaráis áitiúla ar an gClár Cigireachta Talmhaíochta Náisiúnta (CCTN) agus leithdháileadh cúigear ball foirne nua ar an GCC chun maoirseacht a dhéanamh ar an gclár. Leithdháileadh ceathrar ball foirne sa bhreis ar Chlár Uiscí na nÚdarás Áitiúil (CUÚÁ) chun cabhrú le comhordú na gníomhaíochta agus chun dúbláil a sheachaint nuair is féidir. Déanfar cigireachtaí spriocdhírithe agus rioscabhunaithe ar suas le 4,500 feirm sa bhliain, agus úsáid á baint as an bhfianaise ar fad atá ar fáil. Déanfaidh an RTBM 500–1,000 cigireacht sa bhliain faoi Rialacháin DCT, spriocdhírithe ar Ráithe 1 nuair a bhíonn an riosca a bhaineann le tionchar cothaitheach ar cháilíocht an uisce ard. Mhéadaigh an RTBM a chigireachtaí maolaithe ó 5% go 10% de na feirmeacha maolaithe go léir in aghaidh na bliana agus tabharfaidh sé faoi thart ar 700 cigireacht mhaolaithe in aghaidh na bliana.
Agra 3	Cuirfidh an RTBM Plean Straitéiseach CBT na hÉireann i bhfeidhm agus leagfar béim láidir ar leibhéal níos airde d'uaillmhian chomhshaoil a bhaint amach. Áirítear leis sin cur chun feidhme na hAiltireachta Glaise nua maidir le (1) Coinníollacht, (2) Éiciscéimeanna Cholún I agus (3) Idirghabhálacha Cholún II amhail STAAT agus an CEN nua maidir le hUisce.

[56] https://www.gov.ie/en/department-of-housing-local-government-and-heritage/publications/river-basin-management-plan-2022-2027-programme-of-measures-to-protect-and-restore-our-waters/

Beart	Achoimre ar an mbeart
Agra 4	Cabhróidh bearta éiciscéimeanna le cáilíocht an uisce a chosaint. Déanfaidh RTBM glacadh na mbeart sin a chur chun cinn agus a spriocdhíriú i suíomhanna, ar leibhéal na feirme, áit ina n-uasmhéadóidh siad cosaint uisce. Bainfear é sin amach trí oiliúint agus trí sheirbhísí comhairleacha feirme agus trí húsáid a bhaint as na léarscáileanna um Acmhainneacht Tionchair Truaillithe (ATT) arna nginiúint ag GCC.
Agra 5	Beidh tionscadal an CEN maidir le Feirmeoireacht ar son Uisce atá á stiúradh ag CUÚÁ, i gcomhpháirt le Teagasc agus le Tionscail Déiríochta Éireann, dírithe ar chaillteanais fosfair, nítrigine, dríodair agus, más ábhartha, lotnaidicídí, isteach san uisce ó thailte talmhaíochta, a laghdú, rud a dhéanfar trí ghlacadh le dea-chleachtas nuálach i mbainistiú cothaitheach, cur i bhfeidhm Réiteach Dúlrabhunaithe agus bearta oiriúnacha eile a chur chun cinn. Beidh sé mar aidhm ag an tionscadal tacaíocht a thabhairt do suas le 15,000 feirmeoir chun bearta cosanta agus maolaithe uisce ar an bhfeirm a chur i bhfeidhm.
Agra 6	Cuirfidh RTRÁO agus RTBM socruithe i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéanfar measúnuithe agus athbhreithnithe neamhspleácha ar éifeachtúlacht an Chláir Gníomhaíochta um Níotráití, an Phlean Straitéisigh faoi CBT agus CEN maidir le Feirmeoireacht ar son Uisce (agus beart ábhartha eile) chun na 1000 dobharlach a bhfuil tionchar orthu ag an talmhaíocht a thabhairt suas go stádas maith agus chun cosc a chur ar mheath. Sainaithneoidh siad bearta breise, nuair is gá, a chuirfear i bhfeidhm le linn shaolré an phlean nó ina dhiaidh sin, i gcás ina bhfuil údar maith leo faoi Airteagal 4 den TRU. Áireofar ar na meicníochtaí athbhreithnithe; monatóireacht & measúnú RTRÁO ar dhul chun cinn ar chlár na mbeart, ról reachtúil GCC maidir le measúnú ar an CGN, tionscadail taighde de chuid GCC agus an Creat Faireacháin Feidhmíochta agus Meastóireachta (CFFM) de chuid an Phlean Straitéisigh faoi CBT.

DRAFT

Beart	Achoimre ar an mbeart
Agra 7	Chun tacú leis na Pleananna Oibre um Bainistíocht Dobharcheantar, foilseoidh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara Plean Oibre Gníomhaíochta um Earnáil Talmhaíochta chun caillteanais uisce mar gheall ar nítrigin a laghdú i limistéir ina bhfuil na leibhéil ag méadú nó ina bhfuil siad ró-ard, agus chun caillteanais ar uisce mar thoradh ar nítrigin, fosfar agus dríodar ó fhoinsí talmhaíochta a thabhairt laistigh de leibhéil inbhuanaithe faoi 2027.
Agra 8	Pleanáil Inbhuanaitheachta Feirme Ar Líne: Forbróidh Teagasc Plean Inbhuanaitheachta Feirme ar líne d'fheirmeoirí, a chuirfidh le huirlis ar líne atá ann cheana féin maidir le Pleanáil um Bainistiú Cothaitheach, chun tacú le Córais um Eolas agus um Fhaisnéis Talmhaíochta (CEFT) ar clár níos leithne é.
Agra 9	Oifig um chosaint uisce na n-údarás áitiúil a shíneadh agus a leathnú amach. Déanfar CUÚÁ a leathnú ar feadh ré iomlán Timthriall 3 go dtí 2027. Sainaithneoidh CBCC an leibhéal cuí acmhainní agus rannpháirtíochta CUÚÁ chun cuspóirí CTU a chomhlíonadh suas go dtí 2027 agus ina dhiaidh sin i PBAnna amach anseo.
Agra 10	Comhairle saor in aisce ar an bhfeirm a chur ar fáil d'fheirmeoirí. Cuirfear síneadh leis an tseirbhís chomhairleach inbhuanaitheachta (CTCIT) do thréimhse iomlán Thimthriall 3. Sa tionscal déiríochta cuireadh seisear ball nua le líon na gcomhairleoirí a bhfuil baint acu leis an CTCIT, don tréimhse idir 2022 agus 2027, agus tá tacaíochtaí breise á gcur ar fáil ag an tionscal feola anois freisin.
Agra 11	Chun tacú leis an sprioc maidir leis an mbeart ceart a dhíriú ar an áit cheart, cuirfear forbairt ghairmiúil leanúnach ar fáil do gach comhairleoir feirme atá páirteach san CEN 'Feirmeoireacht ar son Uisce', lena n-áirítear leibhéal cuí oiliúna san eolaíocht dobharcheantair chun a chinntiú go bhfuil bearta spriocdhírithe ar bhealach leordhóthanach.

DRAFT

Beart	Achoimre ar an mbeart
Agra 12	Uasoiliúint a chur ar fheirmeoirí agus ar chomhairleoirí chun a chinntiú go bhfuil an t-eolas agus na scileanna acu chun bearta cuí a chur chun feidhme chun tionchar na gcleachtas feirmeoireachta ar cháilíocht an uisce agus ar bhithéagsúlacht fionnuisce a laghdú.

DRÉACHT

Plean Gníomhaíochta Uisce – Plean Oibre Gníomhaíochta Earnála don Talmhaíocht (POGE)

Is ceanglas de chuid an PGU é forbairt, cur i bhfeidhm agus rianú Pleananna Oibre Gníomhaíochta Earnála (POGE) do gach ceann de na hearnálacha. Leagtar amach sna pleananna oibre sin gníomhartha de réir príomhearnálacha ar scála náisiúnta, gníomhartha a bhfuil mar aidhm acu a chinntiú nach mbeidh an earnáil ábhartha ina brú suntasach a thuilleadh, le himeacht ama, brú a théann i bhfeidhm ar dhobharlaigh nó a chuireann le meath cháilíocht an uisce. I measc na n-earnálacha a bhfuiltear ag tabhairt aghaidh orthu tá an talmhaíocht, brúnna ar hidreamoirfeolaíocht, an fhoraoiseacht, fuíolluisce uirbeach, gníomhaíochtaí a mbíonn tionchar acu ar thalamh portaigh agus speicis choimhthíocha ionracha, chomh maith le cosaint foinsí uisce óil (ina ndírítear ar fhorbairt phleananna sábháilteachta an uisce óil). Is í an RTBM an phríomhchomhlacht atá freagrach as an POGE a chur chun feidhme don talmhaíocht. Leagtar amach sa phlean oibre na céimeanna chun na 12 ghníomh den PGU a bhaineann le talmhaíocht a chur i bhfeidhm, chomh maith le haon ghníomhartha eile a bhaineann le cáilíocht an uisce. Áirítear leo spriocanna, príomhtháscairí feidhmíochta agus amlínte seachadta. Déanfaidh ceannairí earnála, amhail an RTBM, athbhreithniú bliantúil ar na POGEnna agus beidh siad ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin an Rialtais anseo: www.gov.ie/RBMP: www.gov.ie/RBMP.

Plean Gníomhaíochta Uisce – Pleananna Oibre Bainistíochta Dobharcheantair

Thar shaolré an PGU agus le tacaíocht ó na POGEnna, forbrófar 46 Plean Oibre Bainistíochta Dobharcheantair (POBD) chun tacú le bearta a chur i bhfeidhm ag scála dobharlaigh. Beidh soláthar sonraí spásúla maidir leis na bearta a cuireadh i bhfeidhm ríthábhachtach chun meastóireacht fhianaisebhunaithe a dhéanamh ar bhearta maidir le cáilíocht an uisce. Tá cúig abhantrach phíolótacha sainaitheanta chun tacú le forbairt teimpléid lena gcumasófar rolladh amach na POBDanna seo in 2026.

Pleananna Oibre Gníomhaíochta Uisce na nÚdarás Áitiúil

Leagfar amach i bPleananna Oibre Gníomhaíochta Uisce na nÚdarás Áitiúil na gníomhartha atá sannta do gach údarás áitiúil chun cáilíocht an uisce in Éirinn a

chosaint agus a athchóiriú. Déanfar cur síos sna pleananna sin ar róil agus ar fhreagrachtaí na n-údarás áitiúil i dtéarmaí a gcuid oibleagáidí CTU agus tacóidh siad le hailíniú níos fearr le tuairisciú Íoschritéir Mholta do Chigireachtaí Comhshaoil (ÍCMCC). San áireamh sna pleananna beidh mionsonraí maidir leis na gníomhaíochtaí a thuairiscítear faoi ÍCMCC faoi láthair, cosúil leis na gníomhaíochtaí a chuirtear i gcrích faoin gClár Cigireachta Talmhaíochta Náisiúnta, mar aon le gníomhaíochtaí eile a chuirtear i gcrích chun an timpeallacht uisce a chosaint. Tá an CUÚÁ chun grúpa oibre a bhunú, a mbeidh baill ó údaráis áitiúla páirteach ann, chun teimpléad a dhearadh faoi Ráithe 4 2025 atá le rolladh amach go hiomlán in 2026. Beidh na pleananna sin ar fáil don phobal agus beidh siad comhtháite sna Pleananna Oibre Bainistíochta Dobharcheantair a bheidh bunaithe ar na Pleananna Oibre Gníomhaíochta Earnála.

An Chomhpháirtíocht Eorpach um Nuáil maidir le Feirmeoireacht ar son Uisce

Is tionscnamh faoin gComhpháirtíocht Eorpach Nuálaíochta um Tháirgiúlacht agus Inbhuanaitheacht Talmhaíochta (CEN-AGRA) í an Chomhpháirtíocht Eorpach Nuálaíochta maidir le Feirmeoireacht ar son Uisce[57]. Faoin tionscadal €60m sin tacaítear le comhoibriú i measc feirmeoirí, taighdeoirí, lucht déanta beartas agus páirtithe leasmhara eile, chun réitigh nuálacha a chomhfhorbairt agus a scagadh chun buntáistí cáilíochta uisce agus comhshaoil a bhaint amach. Dírítear sa tionscadal ar bhearta spriocdhírithe a fhorbairt ar féidir iad a chur i bhfeidhm agus atá inscálaithe ar leibhéil áitiúla, dobharcheantair agus náisiúnta. Tá an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM), i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach (CE), ag soláthar €50 milliún go sonrach le haghaidh íocaíochtaí feirmeoirí chun tacú le gníomhartha spriocdhírithe ar an talamh, a théann níos faide ná na ceanglais rialála. Tá an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (RTRÁO) ag cur tacaíocht riaracháin ar luach €10 milliún ar fáil don tionscadal. Tá Clár Uiscí na nÚdarás Áitiúil (CUÚÁ) i gceannas ar an tionscnamh, i gcomhpháirtíocht le Teagasc agus le Tionscal Déiríochta Éireann (TDÉ). Sa chás go dtugann CUÚÁ faoi mheasúnú abhantraí agus go n-aithnítear an talmhaíocht mar bhrú, cuirtear an fheirm faoi bhráid an CTCIT. Oibríonn an CTCIT ansin go díreach leis an bhfeirmeoir chun

[57] https://farmingforwater.ie/app/uploads/2025/01/Measures-Booklet-Single-sheet.pdf

bearta oiriúnacha a aithint agus a chur i bhfeidhm, roghnaithe ó liosta de 43, a théann níos faide ná na ceanglais rialála, agus úsáid á baint as uirlisí ar nós léarscáileanna ATT agus FLAG an GCC[58]. Seolta i mí an Mhárta 2024, beidh an clár á rith go dtí 2027. Tá sé beartaithe sa Séú Dréacht CGN seo, áfach, síneadh ama a chur le saolré an tionscadail ionas go mairfidh sé chomh fada leis an CGN seo ar a laghad.

Tionscnaimh faoi Stiúir an Tionscail: Tionscadail na hAbhann Móire agus na Sláine

Tugtar le chéile faoi thionscnamh Inbhuanaitheacht Déiríochta na hÉireann (IDÉ) de TDÉ na hocht bpríomhphróiseálaí déiríochta agus baill de Chumann Comhar-Eagraíochtaí na hÉireann (CCEÉ) chun pleananna spriocdhírithe a fhorbairt lena ndéanfaí cáilíocht an uisce a chosaint agus a fheabhsú. Tá príomhlimistéar dobharcheantair amháin, ar a laghad, sainaitheanta ag gach príomhphróiseálaí déiríochta agus tá siad ag obair sa limistéar sin mar atá molta i dtuarascáil taighde a foilsíodh le déanaí a bhí á maoiniú ag an GCC[59]. Tugtar le chéile faoi na tionscadail sin príomhpháirtithe leasmhara eile ón tionscal agus é mar chuspóir coiteann acu feasacht a mhúscailt agus tacú le cur chuige comhchoiteann maidir le cáilíocht an uisce a fheabhsú. I measc na samplaí tá Clár Dobharcheantair na hAbhann Móire[60] agus Feirmeoireacht ar son Uisce: Tionscadail na Sláine[61]

TC Uiscí LIFE

Is Tionscadal Comhtháite (TC) LIFE de chuid an AE é Uiscí LIFE, a bhfuil sé mar aidhm aige meath na ndobharlach gan mhilleadh (nó Cuspóra Ardstádais) in Éirinn a chur ina cheart[62]. Bunaíodh an tionscadal ar dtús faoin dara timthriall de Phlean Bainistíochta Abhantraí 2018–2021, agus feidhmíonn sé mar thionscadal taispeána

[58] https://gis.epa.ie/EPAMaps/agriculture

[59] https://www.epa.ie/publications/research/water/research-482-mitigating-agricultural-impacts-on-water-quality-through-research-and-knowledge-exchange.php

[60] https://www.agriland.ie/farming-news/programme-launched-to-enhance-water-quality-in-river-blackwater-catchment/

[61] https://www.tirlan.com/sites/default/files/2024-04/tirlan-farming-for-water-river-slaney-project-information-leaflet.pdf

[62] https://www.watersoflife.ie/

ar scála dobharcheantair, chun cur chuige bunaithe ar dhobharcheantair a chur i bhfeidhm go héifeachtach maidir le bearta a chur i bhfeidhm. I measc chomhpháirtithe an tionscadail tá an RTRÁO, an RTBM, Teagasc agus CUÚÁ, agus tá foireann an tionscadail ag obair le feirmeoirí i roinnt dobharlach chun scéim íocaíochtaí bunaithe ar thorthaí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun leas na ndobharlach Cuspóra Ardstádais sin[63].

2.3 Beartas Eorpach agus Idirnáisiúnta

2.3.1 An Comhbheartas Talmhaíochta

Tháinig Plean Straitéiseach an Chomhbheartais Talmhaíochta (CBT) i bhfeidhm i mí Eanáir 2023 agus beidh sé i bhfeidhm go dtí deireadh 2027[64]. Tá béim láidir á leagan i bPlean Straitéiseach CBT na hÉireann (PSC) 2023–2027 ar uaillmhian aeráide agus chomhshaoil níos airde a bhaint amach agus tá bearta ann a bhfuil sé mar aidhm acu bithéagsúlacht agus cáilíocht an uisce a fheabhsú, chomh maith le cur le spriocanna aeráide agus comhshaoil náisiúnta agus AE. Sonraítear i PSC go mbeidh an fheidhmíocht bunaithe ar aschur agus ar thorthaí. Déantar cur síos ann freisin ar an gcaoi a dtacaíonn sé le cuspóirí an CBT ar leibhéal an AE, agus le spriocanna comhshaoil breise faoin gCreat-treoir Uisce agus na Treoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga, rud atá leagtha amach i mbeartais náisiúnta amhail an Plean Gníomhaíochta Uisce, an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht, agus an Plean Uile-Éireann um Pailneoirí.

Tá an RTBM freagrach as forbairt agus as cur i bhfeidhm PSC na hÉireann, ina sonraítear raon idirghabhálacha cáilíochta uisce leathana agus spriocdhírithe ar fud Ailtireacht Ghlas Phlean Straitéiseach an CBT. San áireamh leis sin tá Coinníollacht Fheabhsaithe, atá infheidhme maidir le gach feirmeoir le >10ha a bhfuil Íocaíochtaí Díreacha á bhfáil acu, Éiciscéim bhliantúil dheonach atá spriocdhírithe ar gach feirmeoir agus atá níos spriocdhírithe ar idirghabhálacha agra-chomhshaoil faoi Cholún II den CBT cosúil leis an STAAT (Scéim Timpeallachta Agra-Aeráide

[63] https://www.watersoflife.ie/app/uploads/2024/11/2024-AEP-Programme-Booklet.pdf

[64] https://agriculture.ec.europa.eu/common-agricultural-policy/cap-overview/cap-2023-27_en

Tuaithe), an Scéim Nuachóiriúcháin Talmhaíochta Spriocdhírithe (SNTS) agus an CEN Feirmeoireacht ar son Uisce.

Tá an Scéim Timpeallachta Agra-Aeráide Tuaithe (STAAT) roinnte i 'STAAT Ginearálta' agus 'Tionscadal Comhoibrithe (TC) STAAT'. Tá STAAT ginearálta oscailte d'fheirmeoirí ar fud na tíre agus is cur chuige bunaithe ar thorthaí é TC STAAT atá oiriúnaithe go háitiúil chun tacú le feirmeoirí seirbhísí éiceolaíocha a sholáthar. Tá TC STAAT dírithe go sonrach ar 'Talamh Feirme a bhfuil Ardluach ó thaobh an Dúlra uirthi'. Is léir ó shonraí atá curtha ar fáil ag an RTBM go bhfuil thart ar 81.5% de dhobharlaigh ardstádais CTU clúdaithe ag Criosanna TC STAAT.

Déantar scóráil ar thailte feirme laistigh de TC STAAT trí úsáid a bhaint as scórchártaí atá deartha go speisialta, a úsáidtear chun na híocaíochtaí a fhaigheann feirmeoirí a ríomh. Dá airde an scór, is airde an íocaíocht. Is féidir le feirmeoirí iarratas a dhéanamh chun bearta sonracha a dhéanamh ar a gcuid talún chun riocht gnáthóige nó sruthchúrsa a fheabhsú, chun a scór a fheabhsú agus an íocaíocht a fhaigheann siad an bhliain dár gcionn a fheabhsú dá réir sin. Is é an aidhm atá ag na bearta atá ar fáil chun cáilíocht an uisce a chosaint nó a fheabhsú ná caillteanais cothaitheach agus dríodair isteach san uisce a chosc nó a laghdú.

Tá beagnach 54,000 feirmeoir páirteach in STAAT; tá díreach os cionn 20,500 feirmeoir ag glacadh páirt sna hocht gcrios TC STAAT agus tá díreach faoi 33,400 feirmeoir ag glacadh páirt i gcur chuige STAAT Ghinearálta. As na feirmeoirí atá ag glacadh páirt i gcur chuige STAAT Ghinearálta, tá breis is 4,000 laistigh de 'Dobharcheantair le Cuspóirí Uisce Ardstádais' nó 'Ceantair Leochaileacha Uisce'.

Tá ról suntasach ag an Scéim Nuachóiriúcháin Talmhaíochta Spriocdhírithe (SNTS) maidir le maoiniú a chur ar fáil d'infheistíocht ar an bhfeirm d'fheirmeoirí chun raon sonrach foirgneamh agus trealaimh feirme a fhorbairt agus a fheabhsú ar a ngabháltais. Ábhartha go sonrach i ndáil le cáilíocht an uisce a fheabhsú agus a chothabháil, tairgeann SNTS roinnt nithe atá incháilithe le haghaidh cúnamh deontais.

Faoi na scéimeanna maoinithe sin, eisíodh cúnamh deontais de thart ar €394 milliún idir 2016 agus 2024. Cuireadh 75% den mhaoiniú sin ar fáil d'umair choincréite stórála cothaitheach agus cuireadh 16% de ar fáil d'umair shoghluaiste sciodair le

feistis leata sciodair astaíochtaí ísle. I measc na nithe suntasacha eile ar cuireadh cúnamh deontais ar fáil dóibh faoi na scéimeanna maoinithe sin bhí stórtha sciodair ciorclacha, stór líneáilte le geoscannán, cairn aoiligh, umair choincréite réamhtheilgthe le clúdach, barra silte iarfheistithe ar thancaer sciodair soghluaiste a bhí in úsáid roimhe seo, agus córas leata sciodair imleacáin.

I mí Iúil 2025, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach tograí don chéad CBT eile, a bheidh i bhfeidhm idir 2028 agus 2034. Is í seo an chéad chéim i bpróiseas idirbheartaíochta a bhfuil an RTBM ag obair air le páirtithe leasmhara trí Choiste Comhairleacha CBT i nDiaidh 2027 chun na tograí a bhreithniú[65].

2.3.2 Fís Eorpach le haghaidh na Talmhaíochta agus an Bhia

Déantar cur síos in 'Fís Eorpach le haghaidh na Talmhaíochta agus an Bhia' de chuid an Choimisiúin Eorpaigh, a foilsíodh i mí Feabhra 2025, ar straitéis fhadtéarmach chun todhchaí chóras agraibhia an AE go dtí 2040 a threorú[66]. Déantar iarracht léi cothromaíocht a chinntiú idir inmharthanacht gheilleagrach, inbhuanaitheacht chomhshaoil, cothroime shóisialta agus nuálaíocht.

Maidir le feirmeoirí, tá sé mar aidhm léi ioncam cothrom a chinntiú, cleachtais trádála éagothroma a laghdú, tacú le seirbhísí éiceachórais, trédhearcacht sa slabhra bia a fheabhsú agus athnuachan ghlúine a spreagadh. Ó thaobh cúrsaí comhshaoil de, is í an sprioc atá ann tacú le cleachtais lena gcaomhnaítear ithreacha, uisce agus an bhithéagsúlacht, tairbhe a bhaint as feirmeoireacht chliste aeráide, tacú le baint charbóin agus tagarmharcáil inbhuanaitheachta dheonach a chur chun cinn.

I measc na réimsí gníomhaíochta faoi Fhís an Choimisiúin tá Straitéis maidir le hAthléimneacht i Réimse an Uisce a fhorbairt, straitéis bhithgheilleagair a chur i láthair, agus Comhbheartas Talmhaíochta níos cothroime, níos simplí agus níos spriocdhírithe a mholadh.

[65] https://www.gov.ie/en/department-of-agriculture-food-and-the-marine/collections/cap-post-2027-consultative-committee/

[66] https://agriculture.ec.europa.eu/overview-vision-agriculture-food/vision-agriculture-and-food_en

2.3.3 Straitéis Eorpach maidir le hAthléimneacht i Réimse an Uisce

Tá sé mar aidhm ag Straitéis Eorpach maidir le hAthléimneacht i Réimse an Uisce 2025 rochtain ag pobal uile na hEorpa ar uisce leordhóthanach agus ar ardchaighdeán a chinntiú, agus dea-stádas na ndobharlach ar fad sa mhór-roinn a chinntiú[67]. Tá sé mar aidhm ag rialacha an AE a chinntiú go ndéantar uisce a bhainistiú go hinbhuanaithe san fhadtéarma, go laghdaítear truailliú uisce, agus go gcosnaítear éiceachórais uisceacha.

Bainfear é seo amach trí dhíriú ar thrí chuspóir:

- Timthriall an uisce a athbhunú agus a chosaint mar bhonn do sholáthar uisce;
- Geilleagar uisce-chliste a fhorbairt chun iomaíochas a threisiú, infheistíocht a mhealladh agus tionscal uisce an AE a chur chun cinn;
- Uisce agus sláintíocht ghlan agus inacmhainne a chinntiú do chách, agus tomhaltóirí a chumasú le haghaidh athléimneacht uisce.

Tá an dréacht den Séú CGN ag teacht leis na cuspóirí seo trí iarracht a dhéanamh truailliú i ndobharlaigh a laghdú agus éiceachórais uisceacha a chosaint ó thionchair dhíobhálacha a d'fhéadfadh teacht as gníomhaíocht talmhaíochta.

2.3.4 Straitéis an AE 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' 2030

Is cuid lárnach den Chomhaontú Glas don Eoraip í an Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc', agus tá sé mar aidhm aici córas bia cothrom, sláintiúil agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a chruthú[68]. Is é a príomhaidhm talmhaíocht an AE a dhéanamh inbhuanaithe faoi 2030, trí dhul i ngleic leis an athrú aeráide, le cailliúint na bithéagsúlachta agus le saincheisteanna a bhaineann leis an tsláinte. I measc na bpríomhréimsí fócais tá laghdú ar úsáid lotnaidicídí, laghdú ar chaillteanais cothaitheach, laghdú ar úsáid frithmhiocróbach agus méadú ar fheirmeoireacht orgánach. Faoin straitéis tacaítear le slabhraí soláthair níos giorra, leas ainmhithe feabhsaithe agus cumhachtú tomhaltóirí; agus tacaítear le feirmeoirí nuálaíocht, ioncam cothrom agus rochtain ar chleachtais inbhuanaithe a bhaint amach.

[67] https://commission.europa.eu/topics/environment/water-resilience-strategy_en

[68] https://food.ec.europa.eu/horizontal-topics/farm-fork-strategy_en

Tá sé mar aidhm ag an dréacht den Séú CGN tacú leis an aistriú sin trí bhearta comhshaoil nuálacha a chur i bhfeidhm a fhorbraítear go comhoibríoch, agus tacaíochtaí airgeadais á soláthar tríd an CEN maidir le Feirmeoireacht ar son Uisce, chomh maith le comhairle spriocdhírithe saor in aisce a sholáthar tríd an CTCIT.

2.3.5 Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe

Is bailiúchán de 17 gcuspóir iad na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) arna nglacadh ag na Náisiúin Aontaithe in 2015, agus é mar aidhm acu aghaidh a thabhairt ar na dúshláin is suntasaí ar fud an domhain faoi 2030. Is sínitheoir í Éire ar na SFInna mar chuid dár dtiomantas do Chlár Oibre 2023 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe, ar ghlac Ballstáit uile na NA leis.

SFI 6 – Infhaighteacht agus bainistiú inbhuanaithe uisce agus sláintíocht do chách a chinntiú

Tá sé mar aidhm ag SFI 6 a chinntiú go bhfuil uisce óil sábháilte, sláintíocht agus sláinteachas ann do chách, chomh maith le soláthar glan agus leordhóthanach uisce do speicis atá ag brath ar uisce.

Ní mheastar gurb ionann tiúchaintí níotráite agus brú ar sholáthairtí uisce óil in Éirinn, agus leantar leis an CGN agus leis na rialacháin chur chun feidhme de chosaint a sholáthar d'fhoinsí agus d'astarraingtí uisce óil trí roinnt maolán forordaithe agus measúnuithe teicniúla ar na riochtaí i gcomharsanacht pointí astarraingthe.

Is beart cosanta faoin gCreat-Treoir Uisce é an CGN freisin agus leagtar síos teorainneacha do tháirgeadh talmhaíochta.

SFI 14 – Na haigéin, na farraigí agus na hacmhainní muirí a chaomhnú agus a úsáid go hinbhuanaithe ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe

Le SFI 14, dírítear ar acmhainní muirí a chaomhnú agus a úsáid go hinbhuanaithe trí thruailliú muirí a laghdú, éiceachórais chósta agus mhuirí a chosaint, cleachtais iascaireachta a rialáil, iarrachtaí caomhnaithe a chur i bhfeidhm, tacú le hiascairí mionscála, aghaidh a thabhairt ar an aigéadú, agus úsáid inbhuanaithe timpeallachtaí mara a chur chun cinn. Toisc theorannaithe ríthábhachtach is ea an nítrigin do thimpeallacht inbhir na hÉireann, agus is féidir tionchar diúltach a bheith

aici ó thaobh an chomhshaoil agus an gheilleagair de trí thionchar diúltach a imirt ar éiceolaíocht inbhir agus, dá bharr sin, ar shliogéisc. Dá réir sin, beidh leas díreach ag baint le haon laghdú cothaitheach eile a eascraíonn as na bearta atá molta sa dréacht den Séú CGN.

2.3.6 Prionsabail na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) – Rialachas Uisce

Glacadh le Prionsabail an ECFE maidir le Rialachas Uisce in 2015 agus bunaíodh leo creat de 12 phrionsabal atá eagraithe faoi thrí cholún – Éifeachtacht, Éifeachtúlacht, agus Muinín agus Rannpháirtíocht[69]. Achoimrítear i dTábla 3 an chaoi a bhfuil an dréacht den Séú CGN ailínithe le Prionsabail an ECFE maidir le Rialachas Uisce.

DRÉACHT

[69] https://www.oecd.org/en/topics/sub-issues/water-governance/the-oecd-principles-on-water-governance-and-implementation-strategy.html

Tábla 4 Ailíniú an Dréachta den Séú CGN le Prionsabail an ECFE maidir le Rialachas Uisce

Colúin	Prionsabal	An chaoi a n-ailíníonn an dréacht den Séú CGN
Éifeachtacht	1. Róil agus freagrachtaí soiléire 2. Scála iomchuí 3. Comhleanúnachas Beartais 4. Acmhainn	Tá an RTRÁO freagrach as an dréacht den Séú CGN a fhorbairt agus tá an RTBM freagrach as an iarratas ar mhaolú níotráití. Is beart bunúsach faoin CTU é an CGN, agus leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta Uisce 2024 an struchtúr rialachais soiléir d'uisce ar fud na n-earnálacha uile in Éirinn. Agus dréacht an Séú CGN á fhorbairt, ghlac Éire le cur chuige uile-críche seachas le Limistéir Leochaileacha Níotráití mar an scála iomchuí d'Éirinn. Leis an dréacht den Séú CGN cuirtear leis na cúig CGN roimhe seo agus ailínítear le cuspóirí Phlean Gníomhaíochta Uisce 2024. Tá acmhainní breise curtha ar fáil d'fhoireann cigirí nua ar fud na n-údarás áitiúil uile agus an GCC chun an Clár Cigireachta Talmhaíochta Náisiúnta a chur chun feidhme, agus tríd an PGU cuirtear acmhainní ar fáil do CUÚÁ, don CTCIT agus don CEN Feirmeoireacht ar son Uisce chun bearta a chur chun feidhme.
Éifeachtúlacht	5. Sonraí agus faisnéis 6. Maoiniú 7. Creataí rialála	Déanann an GCC measúnú ar cháilíocht an uisce go náisiúnta, agus cuireann sí tuarascálacha a cheanglaítear faoin Treoir um Níotráití agus faoin gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún maidir leis an Treoir um Níotráití i dtoll a chéile. Lena chois sin, foilsíonn an GCC

DRÉACHT

Colúin	Prionsabal	An chaoi a n-ailíníonn an dréacht den Séú CGN
	8. Rialachas nuálach	tuarascálacha maidir leis an CTU, mar aon le tacair sonraí agus léarscáileanna. Tá maoiniú curtha ar fáil don Chlár Cigireachta Talmhaíochta Náisiúnta tríd an CGN, mar aon leis an CEN Feirmeoireacht ar son Uisce ar fiú €60m é agus an CTCIT tríd an PGU, agus tá sé beartaithe sa dréacht den Séú CGN na cláir sin a leathnú. Agus na bearta á bhforbairt, déanann an Sainghrúpa Níotráití (SGN) moltaí don Aire, a thugtar ar aghaidh ansin, má ghlactar leo, chuig an dréacht-Chlár Gníomhaíochta um Níotráití. Tar éis comhairliúcháin phoiblí agus measúnaithe comhshaoil, tugtar bunús reachtúil don CGN trí Rialacháin na DCT. Is beart bunúsach é an CGN chun cáilíocht an uisce a chosaint agus tá sé ag feidhmiú laistigh de scáthstruchtúr rialachais an PBA. Sa dara timthriall den PBA, cuireadh athchóiriú rialachais i bhfeidhm in Éirinn trí úsáid a bhaint as córas soiléir trí shraith[70]. Léiríodh i dtaighde a rinne an GCC go bhfuil struchtúir rialachais oiriúnach go ginearálta anois

[70] ECFE (2018), *Implementing the OECD Principles on Water Governance: Indicator Framework and Evolving Practices*, Staidéir ECFE ar Uisce, Foilseacháin ECFE, Páras, https://doi.org/10.1787/9789264292659-en.

Colúin	Prionsabal	An chaoi a n-ailíníonn an dréacht den Séú CGN
		agus gur cheart iad a bheachtú seachas struchtúir nua a bhunú ina n-áit[71,72].
Muinín agus Rannpháirtíocht	9. Ionracas agus trédhearcacht 10. Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara 11. Comhbhabhtálacha 12. Faireachán agus Meastóireacht	Déantar tuairisciú ar chur i bhfeidhm an CGN trí thuarascálacha Airteagal 10 de Threoir um Níotráití an GCC, agus tuarascáil Airteagal 29(2) de Rialacháin DCT. Cuirtear moltaí an SGN ar fáil don Aire; tá fáil ar na moltaí sin, agus ar mhiontuairiscí agus ar chláir oibre gach cruinniú den SGN ar shuíomh gréasáin an Rialtais. Tá creataí rannpháirtíochta láidre bunaithe in Éirinn ina ndírítear ar chomhoibriú tríd an bhFóram Uisce agus trí Ghrúpa Oibre Talmhaíochta Cháilíocht an Uisce, mar shampla. Cinntítear rannpháirtíocht dhearfach le páirtithe leasmhara le bearta atá faoi threoir áitiúil amhail an CEN Feirmeoireacht ar son Uisce agus rannpháirtíocht dhíreach le feirmeoirí aonair trí CTCIT mar shampla. Agus tuairisciú rialta á dhéanamh ag an GCC ar cháilíocht an uisce, cinntítear gur féidir éifeachtacht na mbeart a mheas agus a

[71] https://www.epa.ie/publications/research/water/Research_Report_372.pdf

[72] https://www.epa.ie/publications/research/water/research-373-using-an-experimental-governance-lens-to-examine-governance-of-the-river-basin-management-plan-for-ireland-20182021.php

DRÉACHT

Colúin	Prionsabal	An chaoi a n-ailíníonn an dréacht den Séú CGN
		bheachtú, agus scóip laistigh den CEN chun bearta nua a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

DRÉACHT

3 Bearta Reatha agus Leanúnacha

3.1 Achoimre ar Chláir Ghníomhaíochta um Níotráití Roimhe Seo

Tógtar sa dréacht den Séú Clár Gníomhaíochta um Níotráití ar an dul chun cinn a baineadh amach sna Cláir roimhe seo, go háirithe an Cúigiú Clár, faoinar tugadh isteach sraith beart nua, idir rialála agus neamhrialála, (féach Alt 3.2).

Seo a leanas achoimre ar na Cláir Ghníomhaíochta um Níotráití roimhe seo:

3.2 An Chéad Chlár Gníomhaíochta um Níotráití (2006–2010)

Tugadh isteach an Chéad CGN chun freastal ar riachtanais na hÉireann faoin Treoir maidir le Níotráití ón AE. Cuireadh i bhfeidhm é trí I.R. 788/2005, agus leasaíodh é le I.R. 378/2006. Áiríodh iad seo a leanas i measc na bpríomhghnéithe:

- Na chéad Rialacháin DCT;
- Teorainneacha maidir le nítrigin agus fosfair a leathadh bunaithe ar chineál ithreach agus barra;
- Tréimhsí dúnta le haghaidh scaipeadh sciodair agus treoirlínte maidir le stóráil aoiligh a thabhairt isteach;
- Díriú ar oideachas agus ar ardú feasachta agus
- Maolú lena gceadaítear d'fheirmeoirí a chomhlíonann critéir shonracha leas a bhaint as teorainn níos airde aoiligh orgánaigh, faoi réir cloí le rialacha comhshaoil níos déine agus údarú ón RTBM.

3.3 An Dara Clár Gníomhaíochta um Níotráití (2010–2013)

Thóg an Dara CGN ar an gCéad CGN le bearta feabhsaithe agus comhlíonadh feabhsaithe. Cuireadh i bhfeidhm é trí I.R. 610/2010, arna leasú. Áiríodh iad seo a leanas i measc na bpríomhghnéithe:

- Pleanáil bainistíochta cothaitheach níos cruinne;
- Breis béime ar fhaireachán agus ar fhorfheidhmiú;

DRÉACHT

- Coigeartuithe ar an bhféilire leathadh sciodair;
- Teorainneacha coigeartaithe le haghaidh nítrigin orgánach;
- Ceanglais fheabhsaithe maidir le haoileach orgánach a stóráil agus a láimhseáil; agus
- Athnuachan an mhaolaithe lena gceadaítear d'fheirmeoirí a chomhlíonann critéir shonracha leas a bhaint as teorainn níos airde aoiligh orgánaigh, faoi réir cloí le rialacha comhshaoil níos déine agus údarú ón RTBM.

3.4 An Tríú Clár Gníomhaíochta um Níotráití (2014–2017)

Cuireadh an Tríú CGN i bhfeidhm trí I.R. 31/2014 agus léirigh sé spriocanna comhshaoil atá ag teacht chun cinn. Áiríodh iad seo a leanas i measc na bpríomhghnéithe:

- Béim mhéadaithe ar mhonatóireacht cháilíochta uisce;
- Rialuithe neartaithe timpeall ar chriosanna maolánacha in aice le dobharlaigh;
- Rialacha nua maidir le fuíolluisce a stóráil agus a úsáid;
- Traschomhlíonadh feabhsaithe le tacaí an Chomhbheartais Talmhaíochta (CBT); agus
- Athnuachan an mhaolaithe lena gceadaítear d'fheirmeoirí leas a bhaint as teorainn níos airde aoiligh orgánaigh, faoi réir cloí le rialacha comhshaoil níos déine.

3.5 An Ceathrú Clár Gníomhaíochta um Níotráití (2018–2021)

Léirigh an Ceathrú CGN, a cuireadh i bhfeidhm faoi I.R. 605/2017, imní mhéadaitheach faoi cháilíocht uisce, bithéagsúlacht agus astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) na hÉireann. Áiríodh iad seo a leanas i measc na bpríomhghnéithe:

- Rialacha níos déine maidir le scaipeadh sciodair, rátaí stocála, agus úsáid leasacháin cheimicigh;
- Oiliúint éigeantach d'fheirmeoirí maolaithe;

DRAFT

- Ailíniú níos fearr le spriocanna athraithe aeráide agus laghdaithe amóinia;
- Tacaíocht leathnaithe monatóireachta comhshaoil agus comhairle eolaíche; agus
- Athnuachan an mhaolaithe lena gceadaítear d'fheirmeoirí a chomhlíonann critéir shonracha leas a bhaint as teorainn níos airde aoiligh orgánaigh, faoi réir cloí le rialacha comhshaoil níos déine agus údarú ón RTBM.

3.6 An Cúigiú Clár Gníomhaíochta um Níotráití (2022-2025)

Ba é Cúigiú CGN na hÉireann (2022–2025) an ceann ba láidre go dtí seo, agus tugadh isteach réimse leathan beart rialála agus neamhrialála araon faoi. Bhí a sholáthar bunaithe ar chur chuige comhoibríoch lena raibh baint ag na páirtithe leasmhara uile, lena n-áirítear an Stát, feirmeoirí, eagraíochtaí feirmeoireachta, agus comharchumainn faoi úinéireacht feirmeoirí. Léiríodh leis an gcur chuige sin tiomantas agus infheistíocht mhór ní hamháin ón Stát ach ón earnáil feirmeoireachta freisin. Chuir an earnáil tacaíocht ar fáil trí chomhairleoirí an Chláir Tacaíochta agus Chomhairligh um Inbhuanaitheacht Talmhaíochta (CTCIT) a sholáthar agus trí rannpháirtíocht i roinnt tionscadal píolótach faoi threoir áitiúil faoi thionscnamh na Comhpháirtíochta Eorpaí Nuálaíochta (CEN). Cuireadh an clár i bhfeidhm trí I.R. 113/2022, arna leasú, agus rinneadh athbhreithniú eatramhach meántéarmach air i gcomhréir leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún maidir leis an maolú níotráití. Mar thoradh ar an athbhreithniú sin, tugadh bearta breise isteach agus rinneadh é a ailíniú leis na gealltanais a leagadh amach sa Chomhaontú Glas don Eoraip agus sa Straitéis Feirm go Forc. Críochnaíodh athbhreithniú eatramhach an Chúigiú CGN i mí Feabhra 2025. I measc phríomhghnéithe an Chúigiú CGN bhí:

- Clár díolacháin leasacháin cheimiceacha a bhunú;
- Ceanglas fógra 4 lá ar líne maidir le leasachán orgánach a onnmhairiú;
- Clár Cigireachta Talmhaíochta Náisiúnta (CCTN) nua d'údarás áitiúil a bhunú;
- Rátaí eisfheartha beostoic athbhreithnithe;
- Liúntais athbhreithnithe nítrigine ceimicigh; agus

DRAFT

- Athnuachan an mhaolaithe lena gceadaítear d'fheirmeoirí a chomhlíonann critéir shonracha leas a bhaint as teorainn níos airde aoiligh orgánaigh, faoi réir cloí le rialacha comhshaoil níos déine agus údarú ón RTBM.
- Tar éis an athbhreithnithe eatramhaigh, laghdaíodh na teorainneacha sin go 220 kgN/ha don chuid is mó de na feirmeacha maolaithe.

Déantar achoimre anseo, Tábla5, ar na cúig Chlár Gníomhaíochta um Níotráití go dtí seo.

Tábla5 Achoimre ar Chláir Ghníomhaíochta um Níotráití na hÉireann

PGN	Blianta	Príomhfhócas
1ú	2006–2010	Comhlíonadh tosaigh, teorainneacha bunúsacha cothaitheach
2ú	2010–2013	Pleanáil, faireachán, forfheidhmiú níos fearr
3ú	2014–2017	Criosanna maolánacha, béim ar cháilíocht uisce
4ú	2018–2021	Naisc aeráide, rialuithe níos déine
5ú	2022–2025	Rialacha spriocdhírithe, acmhainní forfheidhmithe nua, uirlisí digiteacha, teorainneacha níos déine

4 Athbhreithniú ar an gCúigiú Clár Gníomhaíochta um Níotráití

Ba é an Cúigiú CGN 2022–2025 an ceann b'uaillmhianaí go dtí seo, agus tugadh isteach réimse leathan beart, rialála agus neamhrialála araon, faoi, lena n-áirítear tacaíochtaí airgeadais, tacaíocht chomhairleach agus clár nua cigireachta agus forfheidhmithe. Rinneadh athbhreithniú eatramhach ar an gCúigiú CGN agus, le leasú ar na Rialacháin DCT curtha leis trí I.R. 42 de 2025 i mí Feabhra 2025, bunaíodh roinnt beart breise ar bhonn reachtúil.

Tá na bearta go léir a tugadh isteach faoin gCúigiú CGN curtha i bhfeidhm, nó á gcur i bhfeidhm, seachas an beart a bhaineann le bunú glas ar thalamh arúil i ndiaidh an fhómhair, (féach Tábla 6 le haghaidh achoimre ar bhearta an Chúigiú Clár Gníomhaíochta um Níotráití).

4.1 Fianaise an GCC

Éilítear ar na Ballstáit, faoi Airteagal 10 den Treoir um Níotráití, tuarascáil a chur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh ar na bearta coisctheacha gach ceithre bliana, lena n-áirítear, i measc nithe eile, achoimre ar thorthaí na monatóireachta agus achoimre ar na príomhbhearta sa CGN. Tiomsaíonn an GCC an tuarascáil d'Éirinn; cumhdaítear an seachtú tréimhse thuairiscithe 2020–2023 sa tuarascáil is déanaí[73]. Dá bhrí sin, tá trasnáil idir an tuarascáil sin agus tús an Chúigiú CGN, ach ní bheifí ag súil go mbainfí feabhsuithe ar cháilíocht an uisce a bhaineann go díreach leis an gCúigiú CGN amach sa tréimhse seo, ós rud é gur tugadh formhór na mbeart isteach de réir a chéile le linn thréimhse an CGN. Tharla an tréimhse thuairiscithe seo roimh an athbhreithniú eatramhach freisin. Léiríodh sa tuarascáil go raibh méadú tagtha ar thiúchaintí nítrigine i screamhuisce, in aibhneacha agus in uisce trasdultach ó bhí an tréimhse thuairiscithe roimhe sin ann.

I mí Lúnasa 2025, d'fhoilsigh an GCC tuarascáil dar teideal "Spriocdhíriú fianaisebhunaithe ar bhearta talmhaíochta chun nítrigin i ndobharcheantair a laghdú ar mhaithe le cuspóirí cáilíochta uisce a bhaint amach"[74], inar tugadh trí nuashonrú idirnasctha ar an mbonn fianaise chun tacú le cur chuige Phlean Gníomhaíochta Uisce 2024 maidir leis "na bearta cearta san áit cheart" mar seo a leanas:

- measúnú ar na dobharcheantair a bhfuil laghduithe nítrigine ag teastáil uathu, a thugann tuarascáil roimhe seo don tréimhse 2017–2019 cothrom le dáta, lena n-áirítear sonraí níos déanaí;
- measúnú ar na hathruithe ar achar-chuig-sprioc níotráití ó 1990 i leith sna dobharcheantair ionadaíocha sin; agus

[73] https://www.epa.ie/publications/monitoring--assessment/freshwater--marine/Nitrates-Article-10-Report-for-Ireland-2020-2023.pdf

[74] Evidence-based targeting of agricultural measures to reduce nitrogen in catchments to achieve water quality objectives | Environmental Protection Agency

- nuashonrú ar léarscáil na mBeart Feirme agus Tírdhreacha don Talmhaíocht (FLAG), (ar a dtugtaí an léarscáil um Spriocdhíriú ar Bhearta Talmhaíochta roimhe seo) chun a léiriú cá háit ar ar cheart bearta talmhaíochta a spriocdhíriú chun cáilíocht an uisce a athbhunú. Úsáideann údaráis áitiúla an léarscáil sin chun cabhrú le ceantair a aithint le haghaidh cigireachtaí feirme, agus le díriú beart faoin CEN Feirmeoireachta ar son Uisce.

Mar chuid den tuarascáil rinneadh measúnú ar an ualach nítrigine i 20 dobharcheantar ionadaíoch, rud a léirigh gur tháinig laghdú ar chaillteanais nítrigine inár n-dobharcheantair le blianta beaga anuas. Mar thoradh air sin, tháinig laghdú freisin ar an méid nítrigine a chaithfear a laghdú chun spriocanna éiceolaíocha a bhaint amach, i ngach suíomh ach amháin suíomh amháin, dobharcheantar na hAbhann Móire, i gcomparáid leis an measúnú roimhe seo bunaithe ar thréimhse thuairiscithe 2017–2019. Bunaithe ar shonraí ó 2022–2024, tá laghduithe nítrigine idir 2% agus 38% ag teastáil fós i seacht gcinn de na 20 dobharcheantar. Tá na laghduithe is airde ag teastáil i ndobharcheantar na Bearú, agus ina dhiaidh sin i ndobharcheantar na Sláine. Is iad na cúig dhobharcheantar eile ina bhfuil laghduithe nítrigine ag teastáil ná dobharcheantair Abhainn na Bandan, na hAbhann Móire, na Bóinne, na Feoire agus na Siúire.

Tugadh isteach tuarascáil ‘Táscairí Luatha’ an GCC, ina ndéantar measúnú ar leibhéil nítrigine ag 20 príomhshuíomh monatóireachta abhann roghnaithe, in 2024 agus eisítear tuarascáil gach 6 mhí. Tuairiscíodh na laghduithe freisin sa “Tuarascáil maidir le táscaire ar Luath-léargais: Tiúchaintí nítrigine i bpríomhaibhneacha roghnaithe idir Eanáir agus Nollaig 2024”[75]. Fuarthas amach sa tuarascáil sin go raibh tiúchaintí níotráite ag na láithreáin ionadaíocha sin níos ísle ná an bhliain roimhe sin; bhí tiúchaintí níotráite sna ‘Dobharcheantair ar Údar Imní iad’ fós ró-ard.

Éilítear i Rialacháin DCT ar an GCC tuarascáil bhliantúil a ullmhú ar thorthaí monatóireachta uisce lena húsáid chun an maolú níotráite a mheas. Foilsíodh an tuarascáil sin, dar teideal ‘Tuarascáil mhonatóireachta ar cháilíocht an uisce maidir le tiúchaintí nítrigine agus fosfair in uiscí na hÉireann’, is déanaí in 2025, ina

[75] https://www.epa.ie/publications/monitoring--assessment/freshwater--marine/Early-insights-indicator-report-N-concs-Jan-Dec-2024.pdf

gcumhdaítear tréimhse mhonatóireachta 2024.[76] Úsáidtear sonraí ó líonra stáisiún monatóireachta níos leithne sa tuarascáil, agus fuarthas amach ann go raibh laghdú 10% tagtha ar thiúchaintí níotráite abhann i bhformhór na réigiún. Tá tiúchaintí níotráite in aibhneacha i leath thoir theas na tíre fós ró-ard, áfach.

In ainneoin na laghduithe a tuairiscíodh, léirítear i dtuarascáil Luathléargais an GCC le déanaí do mhí Eanáir – Meitheamh 2025 go bhfuil méadú tagtha ar leibhéil nítrigine abhann i gcomparáid leis an tréimhse chéanna sa bhliain roimhe seo. Mar sin féin, tá na leibhéil fós níos ísle ná iad siúd a fuarthas in 2023 agus beagán níos ísle ná 2020.

Le déanaí, ar an 14 Deireadh Fómhair 2025, d'fhoilsigh an GCC a thuarascáil ar Cháilíocht Uisce in Éirinn 2019–2024[77]. Is í an tuarascáil ar Cháilíocht Uisce in Éirinn, arna foilsiú ag an GCC, an tuarascáil is cuimsithí ar mheasúnú cháilíocht an uisce in Éirinn, agus cuirtear na sonraí is déanaí ó na 3 bliana seo caite ar fáil ann. Léirítear sa tuarascáil nach bhfuil cáilíocht an uisce ag baint spriocanna an CTU amach; tá 52% d'uiscí dromchla ag stádas maith nó ard, (laghdú ó 54% sa timthriall tuairiscithe roimhe seo), agus tá 92% de screamhuisce ag stádas maith. Tá an bhail is measa ar uiscí trasdultacha, agus bail mhíshásúil ar 70% díobh, sin méadú ó 64% sa mheasúnú roimhe seo.

Mar sin féin, is fiú a lua gur laghdaigh tiúchaintí cothaitheach le linn na tréimhse tuairiscithe, agus tógfaidh sé tamall sula léireofar é sin sa stádas éiceolaíoch. Leagtar béim sa tuarascáil freisin ar fheabhsuithe i ndálaí fosfair i Réimsí Gníomhaíochta Tosaíochta, rud a léiríonn go dtarlaíonn feabhsuithe nuair a dhéantar gníomhaíocht spriocdhírithe, agus gur féidir leibhéil fosfair a bhaint amach chun dea-stádas éiceolaíoch a éascú.

Gach bliain, tiocfaidh athrú ar leibhéil nítrigine ag brath ar an ualach foinse, ar bhainistíocht talún talmhaíochta agus ar phatrúin aimsire, agus d'fhéadfadh sé go dtógfadh sé roinnt blianta sula mbeadh treocht anuas fhoriomlán soiléir ó na bearta a tugadh isteach sa Chúigiú CGN. Mar sin féin, is léir ón méadú ar na leibhéil a

[76] https://www.epa.ie/publications/monitoring--assessment/freshwater--marine/Water-Quality-Nitrogen-and-Phosphorus-Report-2024.pdf

[77] https://www.epa.ie/publications/monitoring--assessment/freshwater--marine/water-quality-2019-2024-summary-report.php

braitheadh sna chéad sé mhí de 2025 gur gá bearta neartaithe agus spriocdhírithe a chur san áireamh sa Séú CGN.

Tugadh isteach réimse beart cosanta leis an gCúigiú CGN, agus is dócha gur chuir na bearta sin le cailliúint nítrigine isteach san uisce a mhaolú. Is léir, áfach, go bhfuil níos mó le déanamh fós i roinnt dobharcheantar leochaileach, go háirithe in oirdheisceart na tíre. Tá sé tábhachtach go dtógfaidh an earnáil talmhaíochta ar an móiminteam reatha, agus go leanfaidh sí de bhearta a chur i bhfeidhm ar bhealach spriocdhírithe, atá oiriúnach don chineál ithreach, don suíomh dobharcheantair agus don chothaitheach atá i gceist.

Ceanglaítear ar an GCC, faoi Airteagal 29(2) de Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Dea-Chleachtas Talmhaíochta chun Uiscí a Chosaint) (DCT) 2022, arna leasú, athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta maidir leis na Rialacháin sin a chur i bhfeidhm agus tuarascáil a chur faoi bhráid an Aire faoin 1 Deireadh Fómhair 2024, agus gach ceithre bliana ina dhiaidh sin. Tá torthaí an athbhreithnithe sin sa tuarascáil, mar aon le moltaí maidir le bearta breise chun truailliú uisce ó fhoinsí talmhaíochta a chosc agus a laghdú. Rinneadh roinnt moltaí sa tuarascáil sin maidir le comhlíontacht a chinntiú (féach Roinn 4.2), agus rinneadh moltaí inti freisin maidir le cailliúint cothaitheach, lena n-áirítear go bhfuil feabhsuithe suntasacha ar éifeachtúlacht úsáide nítrigine ag teastáil i ndobharcheantair ina bhfuil an iomarca cailliúint nítrigine ar an gceist is tábhachtaí.

4.2 Dearbhú ar Chomhlíontacht Rialála

Clár Cigireachta Talmhaíochta Náisiúnta

Faoin gCúigiú CGN agus faoi Rialacháin DCT cur chun feidhme, cuirtear ceanglais bhreise ar an GCC i ndáil le cur i bhfeidhm Chlár Cigireachta Talmhaíochta Náisiúnta (CCTN)[78] nua, agus maoirseacht ar fhorfheidhmiú Rialacháin DCT ag údaráis áitiúla. Cuireadh é sin san áireamh mar bheart chun aghaidh a thabhairt ar laghdú ar líon na gcigireachtaí DCT a rinne údaráis áitiúla ó 2012 i leith, agus chun comhlíonadh a chur chun cinn trí chigireachtaí agus gníomhartha forfheidhmiúcháin a dhéanamh. Bunaíodh an CCTN in 2023 agus áiríodh ann soláthar le haghaidh

[78] https://www.epa.ie/our-services/compliance--enforcement/support-and-supervision-of-local-authorities/national-agricultural-inspection-programme-naip/

earcaíocht 57 cigire talmhaíochta tiomnaithe nua in údaráis áitiúla, i dteannta na 11 bhall foirne coibhéise lánaimseartha a bhí i bhfeidhm cheana féin. Chomh maith leis sin, bhí foireann nua laistigh den GCC san áireamh chun an clár a chur i bhfeidhm agus a mhaoirsiú, agus foireann nua i CUÚÁ chun cabhrú le comhordú cigireachtaí, comhroinnt sonraí agus oiliúint. Cuireadh tús le hearcú agus oiliúint foirne nua in 2023 agus leanadh leis sin i rith 2024 agus 2025. Tá na cigireachtaí spriocdhírithe agus bunaithe ar riosca, le breis béime ar chomhlíonadh agus ar fhorfheidhmiú leantach. Léirítear leo cur chuige comhordaithe, agus iad spriocdhírithe ar dhobharlaigh a shainaithin an GCC mar dhobharlaigh a bhfuil bearta talmhaíochta ag teastáil uathu, ag baint úsáid as uirlisí amhail léarscáileanna FLAG agus ATT. Tháinig méadú faoi dhó ar líon na bhfeirmeacha ar a ndearnadh cigireacht iomlán DCT in 2024 i gcomparáid le 2023 agus 2022, agus sprioc i bhfeidhm chun cigireacht a dhéanamh ar 4,500 feirm in 2025. Ní hamháin go méadaítear le ráta méadaithe cigireachtaí forfheidhmiúcháin, a dhéantar ar an mbealach spriocdhírithe sin, an dóchúlacht go n-aithneofar fadhbanna i ndobharcheantair atá i mbaol, ach spreagtar comhlíonadh níos fearr leis freisin. Chomh maith leis sin, meastar go dtiocfaidh laghdú ar an ráta neamhchomhlíonta de réir mar a leathnófar an clár. Ina theannta sin, is féidir gníomhartha a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar neamhchomhlíonadh a rianú i gcoinne feabhsuithe i gcáilíocht an uisce trí lúb aiseolais.

Áiríodh le forbairt an chláir:

- Plean cigireachta bunaithe ar riosca.
- Treoir agus uirlisí chun feirmeacha a roghnú le haghaidh cigireachta.
- Teimpléid agus treoir maidir le cigireachtaí feirme a dhéanamh, a thaifeadadh agus a thuairisciú.
- Modheolaíocht le haghaidh measúnú leantach a dhéanamh agus réiteach ar shaincheisteanna a sainaithníodh, lena n-áirítear gníomhartha cur chun cinn, monatóireachta agus forfheidhmiúcháin.
- Teimpléid agus prótacail chun cigireachtaí agus torthaí cigireachtaí a thaifeadadh chun tacú le húdaráis áitiúla atá ag cloí leis na Rialacháin DCT.

- Clár oiliúna do gach údarás áitiúil chun na treoirlínte agus na prótacail seo a chur i bhfeidhm.
- Moltaí maidir le ceanglais le haghaidh córas TFC agus tacaíocht d'fhorbairt córais.
- Tuarascáil don Aire ar dhul chun cinn i gcur i bhfeidhm Rialacháin DCT a chríochnú agus moltaí maidir le bearta breise a bhfuil gá leo chun truailliú uisce ó fhoinsí talmhaíochta a chosc/a laghdú.

Tríd an CCTN, is é cur chuige straitéiseach foriomlán an GCC ná díriú ar an leibhéal forfheidhmithe a neartú chun leibhéal níos airde comhlíonta a bhaint amach agus na brúnna talmhaíochta ar cháilíocht an uisce a laghdú. Áirítear leis sin comhsheasmhacht a bhaint amach go náisiúnta agus neamhchomhlíonadh á réiteach trí úsáid a bhaint as uirlisí forfheidhmithe éagsúla, tras-thuairisciú agus ionchúisimh, chun cosaint agus feabhsú cháilíocht uisce na hÉireann a sholáthar.

Cigireachtaí na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara

Chomh maith leis na cigireachtaí DCT a dhéanann údaráis áitiúla, déanann an RTBM trí chineál cigireachtaí allamuigh ar an láthair gach bliain:

i) 550 tréad ar a laghad faoi Rialacháin DCT thar ceann údarás áitiúil.
ii) Cigireachtaí Coinníollachta Iomlána, chun Rialacháin an DCT a chur san áireamh, ar 1% de na feirmeoirí go léir a dhéanann iarratas ar íocaíochtaí CBT a fháil ar limistéir os cionn 10 heicteár, cuid díobh sin ar fheirmeacha maolaithe.
iii) Cigireachtaí iomlána Rialacháin DCT ar 10% d'iarratasóirí maolaithe níotráití. Méadaíodh an ráta cigireachta sin in 2022 ó 5%, i gcomhréir le Cinneadh cur chun feidhme an Choimisiúin Eorpaigh ó 2022 lena ndeonaítear maolú d'Éirinn.

Úsáideann an RTBM cur chuige bunaithe ar riosca chun cigireachtaí a roghnú, lenar féidir díriú ar na feirmeacha a léiríonn na rioscaí is mó do cháilíocht an uisce.

Ina theannta sin, déantar seiceálacha riaracháin ar gach iarratasóir ar mhaolú níotráití, lena chinntiú go gcomhlíonann siad na critéir incháilitheachta, go

soláthraíonn siad na cáipéisí tacaíochta riachtanacha go léir, agus go bhfuil taifid leasacháin curtha isteach acu.

Ina theannta sin, déanann an RTBM seiceáil riaracháin 100% ar gach tréadúinéir (maolaithe agus neamh-mhaolaithe) a bhfuil beostoc aige nó aici gach bliain, chun a chinntiú nach bhfuil teorainn ráta stocála faoi seach an ghabháltais sáraithe. Éilítear faoin tseiceáil sin go ndéantar an chainníocht iomlán nítrigine orgánaí (N) do gach tréad a thiomsú ó Chóras Aitheantais agus Gluaiseachta Ainmhithe (AGA) an RTBM mar aon le sonraí ráta eisfhearadh an N orgánaigh, roinnte ar an achar talún dearbhaithe atá incháilithe do chothaithigh faoin Scéim um Thacaíocht Bhunúsach Ioncaim i dtaobh na hInbhuanaitheachta (TBII), chun figiúr kg N orgánaí in aghaidh an heicteáir a bhaint amach do gach tréad. Gearrtar pionóis ar tréadúinéirí a sháraíonn a n-uasteorainn incheadaithe aoiligh beostoic. I gcás feirmeoirí neamhchomhlíontacha, cuirtear an pionós i bhfeidhm ar fud na scéimeanna Íocaíochtaí Díreacha go léir atá maoinithe ag an AE agus ar bhearta an Chláir Forbartha Tuaithe/an Phlean Straitéisigh CBT atá bunaithe ar thalamh.

4.2.1 Torthaí Cigireachta agus Forfheidhmithe

Clár Cigireachta Talmhaíochta Náisiúnta

Léirítear i sonraí an GCC ón gClár Cigireachta Talmhaíochta Náisiúnta go ndearna údaráis áitiúla cigireacht ar 2,598 feirm faoi Rialacháin DCT in 2024[79]. Ní áirítear leis an bhfigiúr sin cigireachtaí leantacha, cigireachtaí a rinneadh ar chúiseanna eile, mar shampla mar fhreagra ar ghearán, ná cigireachtaí a rinne comhlachtaí eile, amhail an RTBM nó Iascach Intíre Éireann (IIÉ). Léirítear i sonraí an CCTN 2024 go raibh ráta neamhchomhlíonta de 42% ann, ach bhí an ráta cigireachtaí an-íseal go dtí seo. Measadh go raibh tábhacht nó acmhainneacht tionchair 85% den neamhchomhlíonadh sin íseal, agus braitheadh 1,484 mionsárú, ar eisíodh fógra um chomhlíonadh ina leith. Ag eascairt as na cigireachtaí sin, cuireadh 149 tras-thuarascáil faoi bhráid an RTBM, eisíodh 129 fógra ailt faoi na Rialacháin DCT nó faoin Acht um Thruailliú Uisce, agus tugadh ceithre ionchúiseamh i gcoinne daoine.

[79] https://www.epa.ie/publications/compliance--enforcement/public-authorities/national-agricultural-inspection-programme-naip-summary-report-2024.php

Seo a leanas na cúiseanna is coitianta le neamhchomhlíonadh a braitheadh i gcigireachtaí DCT údaráis áitiúla in 2023 agus 2024 araon:

- Rialú ar fhuíolluisce
- Bainistiú aoiligh ar chlós feirme
- Scaoileadh a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar cháilíocht an uisce
- Bailiú agus stóráil sciodair

Bhain na gníomhartha ceartaitheacha ba choitianta a iarradh ag na húdaráis áitiúla le bainistíocht fuíolluisce a ritheann chun srutha, bíodh sé ó aoileach clóis feirme, ó eisilteach sadhlais nó ó fhuíolluisce. Chomh maith le leanúint leis na cigireachtaí comhlíontachta, moltar roinnt beart sa dréacht den Séú CGN chun aghaidh a thabhairt ar na brúnna sin, mar shampla, moltar bearta a chur ar fáil chun toilleadh stórála a mhéadú ar fheirmeacha déiríochta mar atá leagtha amach in Alt 5.

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

Tá ráta neamhchomhlíonta i bhfad níos ísle i measc na bhfeirmeacha a ndéanann an RTBM cigireacht orthu. Sna cigireachtaí ar an bhfeirm a rinne an RTBM thar ceann na n-údarás áitiúil, sainaithníodh go raibh sárú amháin ar a laghad ar Rialacháin DCT i gceist le 28% de na tréada in 2023 agus le 25% de na tréada in 2024.

Sna cigireachtaí coinníollachta ar an bhfeirm a rinne an RTBM in 2023, fuarthas go raibh sárú amháin ar a laghad ar Rialacháin DCT i gceist le 21% de na tréada in 2023 agus le 34% de na tréada in 2024.

Is suimiúil gur braitheadh ráta neamhchomhlíontachta níos ísle le linn cigireachtaí an RTBM ar fheirmeacha maolaithe, in ainneoin oibleagáidí rialála níos airde; fuarthas amach go raibh thart ar 11% de na feirmeacha maolaithe in 2023 agus 21% de na feirmeacha maolaithe in 2024, a ndearnadh cigireacht orthu, neamhchomhlíontach. Tabhair faoi deara go bhfuil roinnt seiceálacha riaracháin le haghaidh 2024 ar siúl fós, mar sin tá an luach sin faoi réir athraithe. Is é toradh na neamhchomhlíonta sin go gcaillfidh an feirmeoir a m(h)aolú don bhliain chigireachta agus nach mbeidh sé nó sí incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar mhaolú an bhliain dár gcionn.

Ciallaíonn sé sin go bunúsach diúltú ar feadh dhá bhliain. Is riail nua í sin a tugadh isteach sa Chúigiú CGN agus is bac suntasach í chomh maith.

Fadhbanna clóis feirme ba mhó a bhí ina gcúis leis an neamhchomhlíonadh a fuarthas i measc na dtrí chineál cigireachtaí a rinne an RTBM, fadhbanna amhail bainistíocht beostoic agus aoiligh orgánaigh eile, agus bainistíocht uisce glan. I measc na neamhchomhlíonta bainistíochta talún bhí leasacháin orgánacha agus cheimiceacha a scaipeadh ar thalamh agus brait fásra agus stiallacha maoláin a threabhadh, ach ní raibh siad sin chomh coitianta céanna.

Mar a leagtar amach thuas, ceanglaítear ar fheirmeoirí maolaithe bearta breise a dhéanamh. I measc na gcúiseanna coitianta le neamhchomhlíonadh ar fheirmeacha maolaithe bhí; rialú uisce salach, uiscebhealaí nach raibh fálaithe timpeall orthu, pointí óil neamhchomhlíontacha, sárú ar lamháltais cothaitheach ceimiceach agus drochbhainistíocht féarthailte.

Ba é X in 2022 agus X in 2023 an cion d'fheirmeoirí maolaithe níotráití ar diúltaíodh dóibh tar éis seiceálacha riaracháin.

Tar éis seiceálacha riaracháin ar na feirmeoirí go léir, ba é 2,808 líon na bhfeirmeoirí a ghearr an RTBM pionós orthu as dul thar na teorainneacha Nítrigine in 2022. Ba é 2,857 feirmeoir an figiúr comhfhreagrach in 2023. Tá seiceálacha maidir le comhlíonadh teorainneacha ráta stocála in 2024 fós ar siúl. Ba chóir a thabhairt faoi deara freisin go bhfuil gach feirmeoir i dteideal achomharc a dhéanamh i gcoinne aon phionóis a ghearrtar chuig an Oifig Achomharc Talmhaíochta, dá bhrí sin, níl sonraí 2024 do na seiceálacha sin ar fáil go fóill.

DRAFT

Iascach Intíre Éireann

Chomh maith leis na cigireachtaí a dhéanann údaráis áitiúla agus an RTBM i ndáil le tionchair thalmhaíochta ar cháilíocht uisce, téann baill d'Iascach Intíre Éireann ar patról sa timpeallacht tuaithe, agus rinne siad 2,010 cigireacht talmhaíochta in 2023[80].

Moltaí don Chlár Cigireachta Talmhaíochta Náisiúnta

I dtuarascáil Airteagal 29(2) an GCC rinneadh roinnt moltaí maidir le comhlíontacht a chinntiú don CCTN, lena n-áirítear na moltaí seo a leanas:

- Ba cheart d'údaráis áitiúla a chinntiú go bhfuil na hacmhainní atá sannta i bhfeidhm chun cigireachtaí DCT a dhéanamh, chun a gcuid cigireachtaí CCTN riachtanacha do 2025 a dhéanamh;
- Béim níos láidre ó údaráis áitiúla ar líon na gcigireachtaí DCT, seiceálacha comhlíonta leantacha agus gníomhartha forfheidhmiúcháin a mhéadú;
- Leibhéil fheabhsaithe na comhlíontachta leis na Rialacháin DCT chun cáilíocht an uisce a fheabhsú agus a chosaint agus chun truailliú ó fhoinsí talmhaíochta a chosc, agus;
- Mhol Grúpa Oibre an CCTN roinnt leasuithe sonracha ar Rialacháin DCT bunaithe ar thaithí chur i bhfeidhm Rialacháin DCT.

Leagtar amach na bearta maidir le dearbhuithe comhlíontachta agus gníomhaíocht forfheidhmithe don dréacht den Séú CGN i Roinn 5.

4.3 Achoimre ar chur i bhfeidhm na mbeart a tugadh isteach faoin gCúigiú CGN

Tá achoimre ar na bearta a tugadh isteach faoin gCúigiú CGN leagtha amach i dTábla 6 thíos, agus moltar leanúint leis na bearta sin go léir nó cur leo sa dréacht den Séú CGN, le heisceacht amháin. Tugadh isteach saothrú éadomhain ar thalamh arúil faoi bheart sa Chúigiú CGN chun fás 'Brat Fásra ar Thalamh Curaíochta' a chur chun cinn sna contaetha roghnaithe ina raibh laghduithe móra ar ualach nítrigine ag teastáil. Bhí ceanglas sa bheart sin chun 20–25% de chlúdach neamhshaothraithe a

[80] https://www.fisheriesireland.ie/what-we-do/protection/environmental-protection

choinneáil chun tacú le héin a itheann síolta i rith na tréimhse geimhridh. Mar sin féin, leagadh béim i dtaighde le déanaí ar thábhacht na talún curaíochta d'éin talún feirme geimhridh a bhfuil imní chaomhnaithe ann fúthu, go háirithe an Fhuinseog, an Glasán Lín agus an tSiobháinín Bhuí[81]. Dá bhrí sin, moltar an ceanglas atá ann cheana maidir le saothrú éadomhain a bhaint sa dréacht den Séú CGN, agus gealltanas a thabhairt leanúint le tionscadal taighde Teagasc maidir le 'Measúnú ar Riachtanais Brait Fásra: Impleachtaí d'Éin Talún Feirme'. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal taighde sin na héifeachtaí féideartha a bhaineann le beart saothraithe éadomhain a chinneadh chun tacú le cuspóirí cáilíochta uisce ar éin talún feirme, agus tagairt ar leith á déanamh d'infhaighteacht bia sa gheimhreadh. Mar chuid den taighde déanfar measúnú ar chainníocht agus ar cháilíocht an choinligh geimhridh atá ar fáil mar acmhainn d'éin talún feirme agus lena dtacaítear leis an mbithéagsúlacht. Cuirfidh torthaí an taighde sin faisnéis ar fáil don phróiseas cinnteoireachta agus bearta CGN sa todhchaí á ndearadh, agus do chomhtháthú bhearta an CGN agus beart níos leithne comhshaol talmhaíochta chun na trádmhalartuithe féideartha i soláthar cuspóirí comhshaoil a íoslaghdú.

DRÉACHT

[81] https://birdwatchireland.ie/app/uploads/2024/02/Cork-Winter-farmland-bird-habitat-associations-report.pdf

Tábla 6Achoimre ar Bhearta an Chúigiú Clár Gníomhaíochta um Níotráití

Beart	Rialála / Neamhrialála	Curtha i bhfeidhm/Idir lámha	Cuspóir an Bhirt	Trácht
Clárú ar an mBunachar Sonraí Náisiúnta Leasachán (BSNL) – chun gluaiseachtaí leasacháin cheimicigh a rianú ón bpointe allmhairithe go dtí an t-úsáideoir deiridh.	Rialála	Arna chur i bhfeidhm	• Bainistíocht N & F fheabhsaithe • Athchúrsáil cothaitheach ar an bhfeirm a chur chun cinn • Éifeachtúlacht úsáide cothaitheach ar fheirmeacha a fheabhsú agus tacú le laghdú ar úsáid leasacháin i gcomhréir le spriocanna i bPlean Gníomhaithe na hÉireann ar son na hAeráide.	Síníodh an Bunachar Sonraí Náisiúnta Leasachán ina dhlí ar an 11 Iúil 2023.

DRÁCHT

Beart	Rialála / Neamhrialála	Curtha i bhfeidhm/Idir lámha	Cuspóir an Bhirt	Trácht
Cigireacht agus forfheidhmiú méadaithe	Rialála	Arna chur i bhfeidhm	• Comhlíonadh rialála feabhsaithe • Cur chun cinn na comhlíontachta • Caillteanas N, F agus dríodair a laghdú • Bainistíocht N & F fheabhsaithe	• Cruthaíodh go bhfuil sé deacair foireann ÚÁ a earcú agus a choinneáil don CCTN, ach tá 54 as 57 cigire údaráis áitiúil i bhfeidhm amhail an 1 Deireadh Fómhair 2025. • Méaduithe suntasacha ar líon na gcigireachtaí ag údaráis áitiúla. • Méadú faoi dhó ar ráta cigireachta an RTBM ar ghabháltais mhaolaithe.

DRÉACHT

Beart	Rialála / Neamhrialála	Curtha i bhfeidhm/Idir lámha	Cuspóir an Bhirt	Trácht
Ceanglais mhéadaithe chun stóráil sciodair agus uisce shalaigh a bhainistiú	Rialála	Arna chur i bhfeidhm	Caillteanas N & F a laghdú, go háirithe le linn amanna ardriosca den bhliain	Tugadh isteach tréimhse dhúnta le haghaidh chur i bhfeidhm an uisce shalaigh ar fheirmeacha déiríochta.
Rátaí eisfheartha cothaitheach do bha déiríochta coigeartaithe	Rialála	Arna chur i bhfeidhm	Sonraí eolaíocha reatha a chur i bhfeidhm maidir le heisfhearadh N & F ag beostoc buaibheacha.	Nuashonraíodh Táblaí 6 agus 6a san athbhreithniú meántéarmach faoi I.R. 42 de 2025.
Rátaí eisfheartha cothaitheach na mbó-ainmhithe óga suas le dhá bhliain d’aois coigeartaithe	Rialála	Arna chur i bhfeidhm	Sonraí eolaíocha reatha a chur i bhfeidhm maidir le heisfhearadh N & F ag beostoc buaibheacha.	Nuashonraíodh Táblaí 6 agus 6a san athbhreithniú meántéarmach faoi I.R. 42 de 2025.

DRÁFT

Beart	Rialála / Neamhrialála	Curtha i bhfeidhm/Idir lámha	Cuspóir an Bhirt	Trácht
Laghdú ar lamháltais leasacháin cheimicigh N	Rialála	Arna chur i bhfeidhm	• An barrachas N a laghdú • Úsáid éifeachtach cothaitheach a chur chun cinn.	Laghduithe do gach feirmeoir in 2022. Laghduithe breise do dhianfheirmeoirí agus teorainn níos ísle nua d'fheirmeoirí fairsinge tugtha isteach in 2025.
Athbhreithniú ar bhainistiú agus ar mhaoirseacht dríodair atá á chur ar thalamh	Rialála	Arna chur i bhfeidhm	• Monatóireacht agus bainistíocht a dhéanamh ar ghluaiseachtaí aoiligh orgánaigh • An barrachas N & F a laghdú	• Bunaíodh grúpa oibre faoin nGrúpa Náisiúnta um Chur i bhFeidhm Teicniúil (NTIG) don CTU, agus críochnaíodh tuarascáil ina raibh moltaí[82].

[82] https://www.catchments.ie/report-of-the-sludges-and-organic-fertilisers-working-group/

DRÉACHT

Beart	Rialála / Neamhrialála	Curtha i bhfeidhm/Idir lámha	Cuspóir an Bhirt	Trácht
				• Tugadh isteach riail 4 lá maidir le tuairisciú gluaiseachtaí san athbhreithniú lár téarma, agus comhroinneadh sonraí idir an RTBM agus údaráis áitiúla, rud arna éascú trí CUÚÁ.
Carnadh fosfair in ithreacha bunaithe ar thorthaí saotharlainne	Rialála	Arna chur i bhfeidhm	• Bainistiú maith ithreach a chur chun cinn lena n-áirithítear cion cothrom fosfair • An barrachas F a laghdú	Beart tábhachtach chun torthúlacht ithreach a chothromú agus éifeachtúlacht cothaitheach a bharrfheabhsú.

DRÉACHT

Beart	Rialála / Neamhrialála	Curtha i bhfeidhm/Idir lámha	Cuspóir an Bhirt	Trácht
			• Úsáid éifeachtach cothaitheach a chur chun cinn	
Riachtanas an Bhrait Ghlais ar thalamh churaíochta	Rialála	Arna chur i bhfeidhm	Láisteadh cothaitheach agus sreabhadh dríodair ar thalamh a laghdú. Le himeacht ama, an barrachas N & F a laghdú	Tá an ceanglas maidir le saothrú éadomhain á bhaint don Séú CGN, agus beidh gealltanas ann leanúint ar aghaidh leis an taighde ar Éin Talmhaíochta agus fanacht le toradh an taighde sin.
Laghdú ar amhphróitéin i mbeathaí tiubhaithe	Rialála	Arna chur i bhfeidhm	An barrachas N sa chóras féaraigh a laghdú	Laghdaithe ó 15% go 14% d'eallach fásta ar fhéar agus sínte chuig gach feirmeoir

DRÉACHT

Beart	Rialála / Neamhrialála	Curtha i bhfeidhm/Idir lámha	Cuspóir an Bhirt	Trácht
				san athbhreithniú eatramhach.
Aitheantas d'fheirmeoirí déiríochta a roghnaíonn garbhphróitéin a bhainistiú ar feadh na bliana ar fad	Rialála	Arna chur i bhfeidhm	N barrachais a laghdú	Tugtha isteach san athbhreithniú eatramhach.
Cinneadh ar ábhar orgánach ithreacha le haghaidh plean um bainistiú cothaitheach	Rialála	Arna chur i bhfeidhm	• An barrachas F a laghdú • Dea-bhainistíocht ithreach a chur chun cinn	Ní rachaidh an ráta leasacháin fosfair d'ithreacha ina bhfuil níos mó ná 20% d'ábhar orgánach thar na méideanna a cheadaítear d'ithreacha Innéacs 3.

DRÉACHT

Beart	Rialála / Neamhrialála	Curtha i bhfeidhm/Idir lámha	Cuspóir an Bhirt	Trácht
Ceanglais bhreisithe maidir le sampláil ithreach	Rialála	Arna chur i bhfeidhm	• Plean um bainistiú cuí cothaitheach a fhorbairt • Tacú le hithreacha sláintiúla • Úsáid éifeachtach cothaitheach a chur chun cinn	Tugtha isteach de réir a chéile le linn an Chúigiú CGN, agus ceanglaítear anois ar gach feirmeoir os cionn 130 kg N/ha agus ar gach talamh arúil samplaí ithreach a thógáil.
Bainistíocht talún féaraigh fheabhsaithe	Rialála	Arna chur i bhfeidhm	• Úsáid agus dáileadh éifeachtach cothaitheach laistigh de ghabháltas a chur chun cinn • An barrachas N & F a laghdú	• Lamháltais laghdaithe do thalamh coimíneachta de 50 kg d'aoileach beostoic N/heicteár • Ní cheadaítear aon leasachán ceimiceach do choimíneacht.

DRÁFT

Beart	Rialála / Neamhrialála	Curtha i bhfeidhm/Idir lámha	Cuspóir an Bhirt	Trácht
Athbhreithniú agus nuashonrú ar tháblaí teicniúla chun iad a ailíniú le sonraí eolaíocha reatha	Rialála	Arna chur i bhfeidhm	• Úsáid agus bainistíocht éifeachtach cothaitheach a chur chun cinn • An barrachas N & F a laghdú	Rinneadh Táblaí 6, 6a, 7, 11, 12 agus 13a, chomh maith le fonótaí soiléirithe, a nuashonrú trí leasuithe ar na Rialacháin i rith thréimhse an Chúigiú CGN, i gcomhréir leis an taighde is déanaí.
Leathnaíodh an ceanglas chun trealamh Scaipthe Sciodair Íseal-Astaíochtaí a úsáid	Rialála	Arna chur i bhfeidhm	• Úsáid agus bainistiú éifeachtach cothaitheach a chur chun cinn • An barrachas N & F a laghdú	Baineann LSAÍ anois le gach feirm os cionn 100 kgN/ha, chomh maith le cur i bhfeidhm sciodair muc.
Laghdú ar an uasráta stocála bunaithe ar an	Rialála	Arna chur i bhfeidhm	An barrachas N & F a laghdú	Baineann an laghdú ó 250 kgN/ha go 220 kgN/ha anois

DRÉACHT

Beart	Rialála / Neamhrialála	Curtha i bhfeidhm/Idir lámha	Cuspóir an Bhirt	Trácht
tacar sonraí is fearr atá ar fáil faoin Chreat-Treoir Uisce (Baineann an beart sin le feirmeacha maolaithe).				le formhór na bhfeirmeacha maolaithe, tar éis an athbhreithnithe eatramhaigh.
Bearta maolaithe chun cosc a chur ar róstocáil limistéar talún (Baineann an beart sin le feirmeacha maolaithe).	Rialála	Arna chur i bhfeidhm	An barrachas N & F a laghdú	• Tugtha isteach san athbhreithniú eatramhach. • Tá údar tacaíochta ag teastáil le haghaidh aon talún atá níos mó ná 30km ón áit a bhfuil an fheirmeoireacht suite má

DRÉACHT

Beart	Rialála / Neamhrialála	Curtha i bhfeidhm/Idir lámha	Cuspóir an Bhirt	Trácht
				tá sé chun leas a bhaint as na lamháltais níos airde a cheadaítear faoin maolú níotráití.
An méid seimre a fhásann i mbáinseach féir a mhéadú	Rialála	Arna chur i bhfeidhm	Ionchuir N cheimiceacha a laghdú agus socrú bitheolaíoch cobhsaí N chun freastal ar riachtanais bairr féir a chumasú	Rinneadh an ceanglas síol seimre a chur leis agus báinseach seagalach ilbhliantúil á athshíolrú, a leathnú chuig gach feirmeoir mar chuid den athbhreithniú eatramhach.
Srian ar úsáid úiré neamhchosanta	Rialála	Arna chur i bhfeidhm	• Astaíochtaí amóinia a laghdú agus éifeachtúlacht úsáide nítrigine a mhéadú	Tá srian ar úsáid úiré neamhchosanta i bhfoirm ghráinneach i bhfeidhm

DRÉACH

Beart	Rialála / Neamhrialála	Curtha i bhfeidhm/Idir lámha	Cuspóir an Bhirt	Trácht
			• An barrachas N a laghdú	anois ón 15 Meán Fómhair 2025.
Feachtas “Feirmeoireacht Níos Fearr don Uisce” faoi threoir Theagasc[83]	Neamhrialála	Idir lámha	• Dea-chleachtas i mbainistíocht feirme a spreagadh agus a chur i bhfeidhm • An barrachas cothaitheach a laghdú	Seolta agus an rannpháirtíocht ar bun, lena n-áirítear suíomh gréasáin nua.

[83] https://teagasc.ie/environment/water-quality/better-farming-for-water/

DRÉACHT

Beart	Rialála / Neamhrialála	Curtha i bhfeidhm/Idir lámha	Cuspóir an Bhirt	Trácht
Athbhreithniú ar an gClár Tacaíochta agus Comhairleach um Inbhuanaitheacht Talmhaíochta (CTCIT)	Neamhrialála	Idir lámha	• Dea-chleachtas i mbainistíocht feirme a spreagadh agus a chur i bhfeidhm • An barrachas cothaitheach a laghdú	Críochnaíodh athbhreithniú neamhspleách ag deireadh 2021 agus rinneadh 10 moladh ann a ndearnadh dul chun cinn ina leith le linn an Chúigiú CGN.

DRÉACHT

Beart	Rialála / Neamhrialála	Curtha i bhfeidhm/Idir lámha	Cuspóir an Bhirt	Trácht
Comhpháirtíocht Nuálaíochta Eorpach maidir le Feirmeoireacht ar son Uisce ag tacú le gníomhartha spriocdhírithe os cionn na gceanglas rialála	Neamhrialála	Idir lámha	• Dea-chleachtas i mbainistíocht feirme a spreagadh agus a chur i bhfeidhm • An barrachas cothaitheach a laghdú Bainistíocht cothaitheach agus feirme a fheabhsú	Cuireadh tús leis an CEN seo i mí an Mhárta 2024 agus tá sé mar aidhm aige 15,000 feirmeoir a spreagadh chun bearta spriocdhírithe a chur i bhfeidhm lena dtabharfaí aghaidh ar fhadhbanna a bhaineann le cáilíocht uisce. Tá an tionscadal seo fós ar siúl.

DRÉACHT

Beart	Rialála / Neamhrialála	Curtha i bhfeidhm/Idir lámha	Cuspóir an Bhirt	Trácht
Tacaíochtaí airgeadais chun Toilleadh Stórais Aoiligh Orgánaigh a Fheabhsú	Neamhrialála	Idir lámha	• An barrachas N & F a laghdú • Tacú le pleanáil éifeachtach bhainistiú na gcothaitheach i gcomhthéacs aeráid atá ag athrú	Úsáideadh taighde a rinne Teagasc faoin gCúigiú CGN chun eolas a dhéanamh do bhearta molta a bhaineann le toilleadh stórála don dréacht den Séú CGN.

DRÉACHT

Cothromaíocht Cothaitheach agus bunachar sonraí díolachán/allmhairí Beatha Ainmhithe a mheas	Neamhrialála	Idir lámha	• An barrachas N & F a laghdú • Monatóireacht a dhéanamh ar ionchuir cothaitheach • Tacú le pleanáil éifeachtach bhainistiú na gcothaitheach	Tá cothromaíocht cothaitheach á tabhairt isteach trí AgNav, a úsáideann sonraí inbhuanaitheachta a bailíodh le linn iniúchtaí Bord Bia. Bhreithnigh an RTBM bunachar sonraí díolacháin/allmhairithe beatha ainmhithe a fhorbairt. Níl an ghné sin ag dul chun cinn ag an gcéim seo mar gheall ar na hacmhainní suntasacha a bheadh ag teastáil, agus an gá atá leis na hacmhainní sin a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar chúrsaí eile a d'fhéadfadh tionchar níos dírí a bheith acu ar cháilíocht an uisce.

DRÉACHT

Beart	Rialála / Neamhrialála	Curtha i bhfeidhm/Idir lámha	Cuspóir an Bhirt	Trácht
Báinseach ilspeiceas spreagtha	Neamhrialála	Idir lámha	An barrachas N & F a laghdú	Tá an taighde ar chuimsiú agus ar bhainistiú báinsí ilspeiceas ag dul ar aghaidh.

DRÉACHT

Beart	Rialála / Neamhrialála	Curtha i bhfeidhm/Idir lámha	Cuspóir an Bhirt	Trácht
Tionchair na Talmhaíochta ar Cháilíocht Uisce a Shamhaltú	Neamhrialála	Idir lámha	• Feabhas a chur ar thuiscint agus ar scála na dtionchar • Bearta spriocdhírithe breise a fhorbairt chun cáilíocht uisce a chosaint agus a athbhunú	• Foilsíodh tuarascáil an GCC, “Spriocdhíriú fianaisebhunaithe ar bhearta talmhaíochta chun nítrigin i ndobharcheantair a laghdú ar mhaithe le cuspóirí cáilíochta uisce a bhaint amach 2020–2024” i mí Lúnasa 2025. • D’iarr an RTBM go foirmiúil ar Teagasc tús a chur le hobair shamhaltaithe, atá á déanamh i gcomhar leis an GCC.

DRÉACHT

Beart	Rialála / Neamhrialála	Curtha i bhfeidhm/Idir lámha	Cuspóir an Bhirt	Trácht
Treoirthionscadal chun eolas a thabhairt d'fhorbairt an Séú CGN	Neamhrialála	Idir lámha	Cur chuige comhoibríoch, comhtháite maidir le bainistíocht dobharcheantair a fhorbairt.	Bunaíodh tionscadal píolótach i Loch Tóchair a bhfuil Comhairle Contae Loch Garman i gceannas air agus a dtacaíonn gníomhaireachtaí Stáit, an RTRÁO, an RTBM, CUÚÁ agus an tionscal leis.

DRÉACHT

4.4 Bearta a tugadh chun cinn don dréacht den Séú CGN

Is é an Cúigiú CGN an bunús le haghaidh fhorbairt an Séú CGN. Is léir go gcaithfear níos mó a dhéanamh chun caillteanais cothaitheach isteach san uisce a laghdú agus, go háirithe, chun caillteanais nítrigine a laghdú i ndeisceart agus in oirdheisceart na tíre. Tugtar achoimre i Roinn 5 ar na bearta atá molta, lena n-áirítear bearta chun cinn atá ann cheana a neartú, chomh maith le roinnt bearta nua.

Maidir le cuspóirí na Creat-Treorach Uisce a chomhlíonadh, leagtar amach i bPlean Gníomhaíochta Uisce (PGU) 2024 breis is 150 beart, lena n-áirítear meascán de 12 bheart reachtúla agus neamhreachtúla don earnáil talmhaíochta. Tá na bearta sin le soláthar ag raon páirtithe leasmhara rialtais agus neamhrialtasacha agus áirítear leo pleananna oibre gníomhaíochta earnála agus pleananna bainistíochta dobharcheantair araon a fhorbairt. Is cuid thábhachtach de na bearta sin an CGN chun cáilíocht uisce a chosaint agus a fheabhsú, ach ní bhainfear cuspóirí cáilíochta uisce amach go gcuirfear sraith iomlán na mbeart PGU i bhfeidhm.

5 Bearta a tugadh isteach faoin Dréacht den Séú Clár Gníomhaíochta um Níotráití

Forbraíodh an dréacht den Séú CGN chun cur leis an bhfuinneamh agus an rannpháirtíocht atá ann faoi láthair, ar fud earnáil agraibhia na hÉireann, chun cáilíocht an uisce a chosaint agus a fheabhsú. Leagtar amach sa dréacht den Séú CGN an chaoi a bhfuil sé beartaithe ag an Stát feabhsuithe ar cháilíocht uisce a bhaineann le talmhaíocht a bhaint amach tríd an gcothromaíocht cheart rialála, aistriú eolais/ardú feasachta agus dreasachtaí, agus trí bhearta spriocdhírithe atá bunaithe ar an eolaíocht a chur i bhfeidhm. D'fhéadfaí a mheas go bhfuil líon na mbeart nua atá beartaithe faoin dréacht den Séú CGN níos lú ná mar a bhí i CGNanna roimhe seo. Mar sin féin, forbraíodh na bearta sin chun díriú ar phríomhfhadhbanna i dtéarmaí laghdú a dhéanamh ar ualaí cothaitheach a mbíonn tionchar acu ar cháilíocht uisce, nó chun tacú leis an bhfeachtas chun bonn fianaise níos láidre a bhailiú chun an méid spásúil de chur i bhfeidhm cothaitheach a chinneadh. Dá réir sin, tacófar le forbairt beart amach anseo. Tá siad sa bhreis ar na bearta sin atá á dtabhairt ar aghaidh agus á gcoinneáil ón gCúigiú CGN freisin.

Chuir Éire an Coimisiún Eorpach ar an eolas faoina rún iarratas a dhéanamh ar mhaolú, agus tá plé ag dul ar aghaidh ar leibhéal an AE. Leis an maolú, bheadh feirmeoirí in ann leanúint de níos mó ná 170kg de nítrigin aoiligh beostoic a chur amach in aghaidh an heicteáir ó 2026, faoi réir cheadú iarratais ón RTBM, agus comhlíonadh le sraith coinníollacha comhshaoil níos déine lena gcuirtear le cuspóirí na Treorach maidir le Níotráití a bhaint amach. Dá bhrí sin, tá bearta a bhaineann leis an maolú curtha san áireamh sa dréacht den Séú CGN freisin. Tá sé beartaithe nach mbeidh cuid de na bearta don Séú CGN éigeantach ach d'fheirmeoirí maolaithe, agus go mbeidh feidhm níos leithne ag bearta eile, de réir mar is iomchuí.

Féadfar tagairt a dhéanamh do na Rialacháin atá beartaithe de chuid an Aontais Eorpaigh (Dea-chleachtas Talmhaíochta chun Uiscí a Chosaint) 2026 le haghaidh tuilleadh sonraí (dá ngairtear na dréacht-Rialacháin DCT) mar aon leis na hAilt 5.1 agus 5.2 seo a leanas.

5.1 Bearta rialála atá á mbreithniú

- **Cothromaíocht cothaitheach ag leibhéal na feirme aonair (bíodh d'uimhir ar eolas agat).**

Is féidir le cothromaíocht cothaitheach ag geata na feirme measúnú a thabhairt ar stádas foriomlán na gcothaitheach (Nítrigin agus Fosfar) ar an bhfeirm. Gintear an chothromaíocht uimhriúil cothaitheach ach an difríocht idir na cothaithigh a thagann isteach san fheirm mar ionchur (i bhfoirm leasachán, beatha ainmhithe, beostoc ceannaithe, mar shampla), agus na cothaithigh a fhágann an fheirm mar aschur (i bhfoirm barr, feola nó táirgí déiríochta, mar shampla), a ríomh.

Is féidir torthaí éagsúla cothromaíochta cothaitheach a bheith bainteach le cásanna feirmeoireachta éagsúla agus dá bhrí sin, is féidir difríochtaí a bheith ann i leibhéal na gcothaitheach a fhanann ar an bhfeirm agus sa tírdhreach a d'fhéadfaí a chailleadh isteach san uisce. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach go mbeadh a gcothromaíocht cothaitheach féin ar eolas ag feirmeoirí, chun cabhrú leo cailliúint cothaitheach luachmhar ón gcóras feirmeoireachta isteach sa timpeallacht a íoslaghdú. Tá sé sin ábhartha go háirithe dóibh siúd atá ag feirmeoireacht ag rátaí stocála níos airde, áit a bhfuil riosca ann go mbeidh barrachas níos airde ann má tá aschuir fhoriomlána na feirme níos ísle ná na hionchuir.

Beidh sé éigeantach cothromaíocht cothaitheach feirme a bheith ar eolas ag feirmeoirí i gcás feirmeacha maolaithe agus spreagfar é d'fheirmeacha eile. Tacófar leis sin le hoiliúint, le comhairle agus le huirlisí. Áireofar ar na huirlisí sin AgNav, ardán inbhuanaitheachta nua ar líne saor in aisce arna fhorbairt ag Teagasc, Cónaidhm Phórú Eallaigh na hÉireann (ICBF) agus Bord Bia, le tacaíocht ón RTBM. Cuireann sé sonraí cruinne agus infhíoraithe ar fáil d'fheirmeoirí chun tacú le cinnteoireacht ar an bhfeirm chun cabhrú le spriocanna gníomhaíochta aeráide agus cáilíochta uisce na talmhaíochta a bhaint amach.

Cuspóir an Bhirt: Cabhrú le cinnteoireacht níos fearr maidir le bainistiú cothaitheach ar an bhfeirm. Ciallaíonn an beart seo gur féidir le feirmeoirí cothaithigh bhreise atá á gcur amach agus/nó á gcoinneáil ar an bhfeirm, a d'fhéadfadh caillteanais cothaitheach a bheith mar thoradh orthu, a aimsiú agus cosc a chur orthu. Tá acmhainneacht ag an mbeart freisin úsáid níos fearr cothaithigh a sholáthar, lena mbainfidh sochar comhshaoil agus costais níos ísle d'fheirmeoirí.

- **Dáileadh cothaitheach feabhsaithe ar fheirmeacha ilroinnte**

Ar fheirmeacha ilroinnte, is ar thalamh ar féidir rochtain a fháil uirthi ón mbleánlann a bhíonn na ba ar a lacht ag innilt den chuid is mó. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh go mbeadh cion níos airde de nítrigin aoiligh beostoic na feirme á fháil ag na tailte sin agus na ba ar fhéar agus/nó i bhfoirm sciodair, mar gheall ar a ngaireacht don chlós feirme.

Ar fheirmeacha déiríochta ilroinnte, agus ag brath ar stádas torthúlachta na hithreach, is fearr an éifeachtúlacht úsáide cothaitheach a uasmhéadú tríd an sciodar eallaigh a chur ar an limistéar a úsáidtear le haghaidh caomhnú sadhlais.

Cé go bhfuil liúntas cothaitheach gabháltais bunaithe ar an achar talún iomlán atá á shaothrú, is féidir nach leathnófaí an dáileadh cothaitheach ar fheirmeacha ilroinnte go dtí na bloic imeallacha, ar chúiseanna praiticiúla agus eacnamaíocha. Má bhíonn tiúchan cothaitheach i bhfad níos airde á scaipeadh ar an talamh níos gaire don chlós feirme, nó ar an limistéar ar a dtugtar an t-ardán blite de ghnáth, mar thoradh air sin, cuirfear lamháltas N níos ísle i bhfeidhm mura féidir leis an bhfeirmeoir a léiriú go bhfuil aoileach beostoic á scaipeadh ar fud an ghabháltais feirme. Tá sonraí faoin mbeart leagtha amach in Airteagal 17 de na dréacht-Rialacháin DCT.

Cuspóir an Bhirt: Bainistiú feabhsaithe cothaitheach ar an bhfeirm, chun cosc a chur ar chothaithigh iomarcacha agus barrachais a chur ar limistéir áirithe, agus an baol ann go gcaillfear cothaithigh dá bharr.

- **Riachtanais mhéadaithe maidir le toilleadh stórála sciodair agus uisce shalaigh**

Agus an dul chun cinn atá déanta i bpórú bó déiríochta agus i gcórais feirmeoireachta ghaolmhara á gcur san áireamh, aithnítear go bhfuil méadú tagtha ar na méideanna sciodair agus uisce shalaigh a tháirgeann an bó dhéiríochta. Tá na méideanna sin níos airde ná na luachanna a socraíodh nuair a tugadh isteach an chéad CGN in Éirinn in 2006.

Mar a gealladh sa Chúigiú CGN, choimisiúnaigh an RTBM Teagasc chun suirbhé measúnaithe a dhéanamh ar mhéideanna an sciodair agus an uisce shalaigh a tháirgtear ar 100 feirm dhéiríochta ionadaíoch ar fud na tíre. Rinneadh an suirbhé thar thréimhse 21 mí ó mhí Iúil 2023 go mí an Mhárta 2025, agus foilsíodh na torthaí i mí Mheán Fómhair 2025[84].

Léirítear sa suirbhé go bhfuil an méid sciodair a tháirgeann an bhó dhéiríochta mheánach in Éirinn 21% níos airde ná na luachanna rialála atá ann cheana. Léiríonn sé sin go bhfuil gá le méadú ar na riachtanais maidir le toilleadh stórála sciodair do ghabháltais ina bhfuil ba déiríochta. Moltar go n-athrófar an méid sciodair a tháirgtear ó bhó dhéiríochta go 0.40 m^3 in aghaidh na seachtaine. Is méadú é sin ar an ráta a cuireadh i bhfeidhm roimhe seo de 0.33 m^3 in aghaidh na seachtaine, mar atá leagtha amach sna táblaí teicniúla faoi Sceideal 2 de na dréacht-Rialacháin DCT.

I gcomparáid leis an luach atá ann cheana féin, tá méadú 43% tagtha ar an méid uisce shalaigh a tháirgtear ó bhó dhéiríochta. Moltar é a shocrú ag 0.30 m^3 in aghaidh na bó sa tseachtain, in ionad an 0.21 m^3 in aghaidh na bó sa tseachtain atá ann faoi láthair. Mar sin féin, mar a leagtar amach in Airteagal 9 de na dréacht-Rialacháin DCT, moltar go mbeadh sé sin bunaithe ar líon na mbó atá á gcrú ag

[84] https://teagasc.ie/wp-content/uploads/uploads/media/website/publications/2025/Slurry-and-dairy-soiled-water-volume-estimates.pdf

amanna criticiúla den bhliain, seachas an líon teoiriciúil is airde bó ag am ar bith i rith na bliana.

Cuirfear an ráta uisce shalaigh a tháirgtear in aghaidh na bó leis na dréacht-Rialacháin DCT mar thábla teicniúil nua, murab ionann agus rialacháin roimhe seo. Tá na ceanglais maidir le toilleadh stórála uisce shalaigh d'fheirmeacha ina dtáirgtear bainne agus d'fheirmeacha nach dtáirgtear bainne iontu leagtha amach faoi Airteagal 9 de na dréacht-Rialacháin DCT.

Ba chóir a thabhairt faoi deara go léirítear le torthaí an tsuirbhé foilsithe maidir le huisce salach na leibhéil d'uisce salach a tháirgtear in aghaidh na míosa in aghaidh na bó, bunaithe ar an líon is airde bó á gcrú sa tréad i rith na bliana. Rinneadh an suirbhé den chuid is mó ar thréada breithe san earrach. Sna tréada sin, déantar na ba a thriomú sa gheimhreadh agus stopann siad ag táirgeadh bainne go dtí go saolaítear gamhna. Mar sin, má roinntear méideanna an uisce shalaigh a tháirgtear ar an líon bó is airde, beidh na leibhéil níos ísle i míonna an gheimhridh.

Chun an tréimhse triomaithe do bha a chur san áireamh agus chun méid níos cruinne d'uisce salach a léiriú ar bailíodh é bunaithe ar líon na mbó a bhí ag táirgeadh bainne ag an am, bunaíodh meánmhéid an uisce shalaigh in aghaidh na bó a bhí le tabhairt ar aghaidh faoi na rialacháin ar shonraí athríofa ó thaighde Teagasc. Níor cuireadh míonna an gheimhridh ó Shamhain go Feabhra san áireamh sna sonraí sin mar is dócha go mbíonn an chuid is mó de na ba triomaithe le linn na tréimhse sin.

Beidh pleanáil, infheistíocht ar an bhfeirm agus tógáil ag teastáil mar gheall ar na hathruithe struchtúracha i dtéarmaí méadú ar stóráil sciodair agus uisce shalaigh ar fheirmeacha déiríochta. Dá bhrí sin, chun an tréimhse ama a bheidh ag teastáil sula dtosófar ar an obair sin a éascú, moltar go dtiocfaidh an t-athrú riachtanach ar mhéid an sciodair agus an uisce shalaigh a tháirgtear ag bó dhéiríochta i bhfeidhm ón 1 Deireadh Fómhair 2028.

Faoi réir an bhuiséid atá ar fáil, tacófar le tógáil stórais bhreise trí chúnamh deontais arna sholáthar ag an RTBM. Tá sé beartaithe go n-éascófar tógáil áiseanna stórála aoiligh neamhspleácha nua, lena gcomhlíontar coinníollacha áirithe, trí dhíolúine sna

Rialacháin Phleanála agus Forbartha, atá ag dul tríd an bpróiseas reachtaíochta faoi láthair.

Cuspóir an Bhirt: Feabhas a chur ar stóráil agus ar bhainistiú cothaitheach ar an bhfeirm, chun a chinntiú go bhfuil dóthain stórais i bhfeidhm do na cothaithigh atá á dtáirgeadh ar an bhfeirm. Laghdaítear leis an mbeart an baol go gcaillfear foinsí pointe, agus cothaithigh ón talamh, agus cuirtear ar chumas feirmeoirí leis cothaithigh a chur ar an talamh ag an am ceart agus ag an ráta ceart nuair a bhíonn siad ag teastáil ó bharra atá ag fás. Ba cheart go mbeadh feirmeoirí in ann a spleáchas ar nítrigin cheimiceach a laghdú freisin mar gheall ar bhainistiú aoiligh orgánaigh agus cur amach ar an talamh a bharrfheabhsú.

- **Lamháltais nítrigine ceimicí le haghaidh féarthailte agus barra arúla**

Mar thoradh ar an gCúigiú CGN agus ar na Bearta Breise den Chúigiú CGN, laghdaíodh na lamháltais nítrigine ceimicí. Léiríodh i dtaighde Teagasc a foilsíodh i Meán Fómhair 2025[85] go dtarlóidh easnaimh foráiste ar fheirmeacha a bhfuil stoc níos déine iontu mar thoradh ar laghduithe bhreise ar lamháltais nítrigine ceimicí do thalamh féaraigh, in éagmais feabhsuithe ar thorthúlacht iomlán na hithreach, chomh maith le feabhsuithe ar bhunú agus ar theicnící bainistíochta seimre. Chruthódh sé sin riosca gaolmhar go mbeadh níos mó spleáchais ar bheatha allmhairithe, rud a bheadh dochrach don chomhshaol. Chun iarmhairtí neamhbheartaithe den sórt sin a sheachaint, níl sé beartaithe laghduithe bhreise a chur i bhfeidhm ar lamháltais nítrigine ceimicí faoin Séú CGN. Mar sin féin, mar a leagtar amach i dtaighde Teagasc, déanfar foráil do liúntas táirgthe sadhlais oiriúnaithe (nítrigin agus fosfar atá ar fáil) d'fheirmeacha a oibríonn ag 85 kg N orgánach/ha nó faoina bhun (féach ar Airteagal 17 de na dréacht-Rialacháin DCT).

Cuspóir an Bhirt: Cur amach na nítrigine agus an fhosfair a chomhcheangal le riachtanais barr chun an baol go bhfanfaidh cothaithigh bhreise san ithir a laghdú, nó chun meath ar thorthúlacht na hithreach a laghdú, toisc go bhféadfadh sé sin cothromaíocht nítrigine níos airde a chruthú.

[85] https://teagasc.ie/wp-content/uploads/uploads/media/website/publications/2025/An-environmental-and-economic-assessment-on-the-impact-of-possible-reductions-in-the-maximum-chemical-nitrogen-allowances-for-all-grassland-stocking-rates.pdf

- **An t-am is fearr le cothaithigh a chur ar bharra arúla**

Cuirfear srian leis an am is fearr chun cothaithigh a chur ar thalamh arúil ionas go n-ailíníonn sé níos fearr le héilimh barr i ndobharcheantair ina bhfuil an laghdú is mó ar an ualach cothaitheach ag teastáil chun cuspóirí na Creat-Treoir Uisce a bhaint amach.

Ach amháin i gcás na talún arúla atá á cur le *brassica spp* nó barra féir faoin 15 Meán Fómhair, moltar cosc a chur ar leasachán orgánach i bhfoirm dríodair camrais a chur amach i ndiaidh an fhómhair i nDobharcheantar na Bearú agus i nDobharcheantar na Sláine agus Chuan Loch Garman. Chun tréimhse choigeartaithe a cheadú chun stóras breise a sholáthar nó chun cinn scríbe mhalartacha a aithint don dríodar camrais a chuirtear amach faoi láthair ar thalamh arúil sna dobharcheantair sin i rith an fhómhair, moltar go gcuirfear an beart seo i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2028 mar atá leagtha amach in Airteagal 17 de na dréacht-Rialacháin DCT.

I gcás ina gcuirtear aoileach eile amach ar thalamh arúil san fhómhar go náisiúnta, beidh sé riachtanach é a ionchorprú san ithir agus barr a chur laistigh de 21 lá mar a leagtar amach in Airteagal 17 de na dréacht-Rialacháin DCT.

Cuspóir an Bhirt: Cailliúint cothaitheach ó thalamh arúil a laghdú.

- **Leathnú ar bhunachar sonraí gluaiseachta cothaitheach orgánach an RTBM**

I mí Eanáir 2025, thug an RTBM clár nua ar líne isteach chun fógra a thabhairt faoi onnmhairiú cothaitheach orgánach ó ghabháltais feirme, laistigh de cheithre lá óna n-onnmhairiú. Éascaítear leis sin cigireacht a dhéanamh ar thalamh scaipthe ar ghabháltais ghlactha chun a fhíorú gur tharla gluaiseacht na gcothaitheach orgánach.

Tar éis moladh a fháil ó fhoghrúpa an Ghrúpa Náisiúnta um Chur i bhFeidhm Teicniúil de chuid na Creat-Treorach Uisce (CTU), faoi chathaoirleacht an GCC, maidir le Bainistiú Dríodair, Bithsholad agus Aoiligh Orgánaigh, moltar go leathnóidh an RTBM an clár sin anois chun onnmhairiú an aoiligh orgánaigh go léir atá á chur ar thalamh talmhaíochta a chur san áireamh, beag beann ar an bhfoinse. Déanfar sampláil ar thalamh scaipthe nuair is féidir chun bailíocht na samplaí ithreach a

cuireadh isteach a fhíorú chun tacú le tailte scaipthe, ach braithfidh sé sin ar an am a thógfar an tsampláil i gcomparáid leis na samplaí bunaidh agus le dálaí na hithreach.

Cuspóir an Bhirt: Dea-chleachtas i dtéarmaí úsáid cothaitheach a spreagadh agus an riosca go gcuirfear an iomarca cothaitheach amach a laghdú. Faoin mbeart seo freisin, cumasófar cigireachtaí bunaithe ar riosca trí rianú agus bainistiú feabhsaithe ar ghluaiseachtaí cothaitheach orgánach.

- **Béim leanúnach agus mhéadaithe ar chomhlíonadh agus ar fhorfheidhmiú, agus ar an gClár Cigireachta Talmhaíochta Náisiúnta**

Faoi láthair, déanann an RTBM agus na húdaráis áitiúla araon cigireachtaí feirme faoi na Rialacháin um Dhea-Chleachtas Talmhaíochta chun Uisce a Chosaint, atá faoi mhaoirseacht Chlár Cigireachta Talmhaíochta Náisiúnta an GCC.

Tá oiliúint curtha ar fáil agus á cur ar fáil do chigirí údarás áitiúil, oiliúint a forbraíodh agus atá á soláthar i gcomhar le hionchur ón RTBM. Déanfar an cur chuige i leith cigireachtaí ag an RTBM agus ag na húdaráis áitiúla araon a ailíniú agus a chaighdeánú tuilleadh, ag baint úsáid as cur chuige neartaithe atá bunaithe ar riosca. Tugadh cúrsa oiliúna deimhnithe nua isteach do chigirí údarás áitiúil in 2025, agus beidh oiliúint agus uasoiliúint scileanna leanúnach ar siúl do chigirí ar fud dhréacht an Séú CGN, i gcomhréir le hearcaíocht, ceanglais agus taighde nua.

Mar chuid de bhunú an CCTN, earcaíodh 57 cigire feirme tiomnaithe nua laistigh de na húdaráis áitiúla chun cigireachtaí a dhéanamh, ach tá na conarthaí i bhfeidhm faoi láthair go dtí deireadh 2027, i gcomhréir leis an tríú timthriall den Phlean Bainistíochta Abhantraí. Moltar machnamh a dhéanamh ar fhoireann bhuan a dhéanamh den fhoireann sin, chun comhsheasmhacht i bhforfheidhmiú, coinneáil ball foirne oilte agus fad saoil an Chláir a chinntiú.

Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar an CCTN chun eolas a thabhairt maidir le conas is féidir an clár a fheabhsú nó a fhorbairt a thuilleadh amach anseo.

Cuspóir an Bhirt: Forfheidhmiú agus cur chun cinn comhlíontachta méadaithe, rud a fhágann go mbeidh cleachtas agus tuiscint níos fearr i gceist ar an bhfeirm.

- **Athbhreithniú foriomlán ar Rialacháin DCT**

Forbraíodh Rialacháin DCT thar roinnt leaganacha ó 2006 i leith, agus mar thoradh air sin, tá siad ciotach agus dorochtana ag go leor daoine. Rinneadh athbhreithniú foriomlán ar Rialacháin DCT chun na Rialacháin a dhéanamh níos simplí, chun iad a dhéanamh níos éifeachtaí nuair is féidir, agus chun iad a dhéanamh níos inrochtana, agus na cosaintí atá riachtanach d'uisce á gcoinneáil ag an am céanna. Tá sé sin soiléir sna dréacht-Rialacháin DCT.

Cuspóir an Bhirt: Soiléireacht na gceanglas a chinntiú.

5.2 Bearta neamhrialála atá á mbreithniú

- **Leathnú ar an gClár Tacaíochta agus Comhairleach um Inbhuanaitheacht Talmhaíochta (CTCIT)**

Is seirbhís tacaíochta agus comhairleoireachta saor in aisce agus rúnda í an CTCIT, a chuirtear ar fáil d'fheirmeoirí chun feabhas a chur ar cháilíocht an uisce. Tugadh an tseirbhís isteach go déanach in 2018, agus tá sí cómhaoinithe ag na comharchumainn déiríochta, ag an RTRÁO agus ag an RTBM. Léirítear leis an gcur chuige tras-chomhoibríoch sin idir an earnáil talmhaíochta agus na ranna rialtais an tábhacht a bhaineann leis an tionscadal agus an tacaíocht a thugann na geallsealbhóirí go léir dó. Ina theannta sin, tá béim curtha ar thiomantas na hearnála talmhaíochta don chlár ag na comharchumainn déiríochta a chuir tacaíocht ar fáil do chomhairleoirí breise CTCIT le blianta beaga anuas, agus tá méadú faoi thrí tagtha ar líon na gcomhairleoirí CTCIT a dtacaíonn siad leo ó cuireadh tús leis an gclár. Chomh maith leis sin, tá roinnt próiseálaithe feola tar éis tosú ar chomhairleoirí CTCIT a fhostú le déanaí. Moltar sa dréacht den Séú CGN leanúint leis an gclár agus é a leathnú le hacmhainní breise maoinithe ag an Rialtas bunaithe ar chás gnó atá faighte ó Teagasc.

Cuspóir an Bhirt: Comhairle spriocdhírithe ar an bhfeirm, aistriú eolais agus cinntí níos eolaí ag feirmeoirí a chumasú maidir le cosaint uiscí ar a bhfeirmeacha féin agus laistigh dá ndobharlaigh féin.

- **Leanúint ar aghaidh leis an gComhpháirtíocht Nuálaíochta Eorpach (CNE) maidir le Feirmeoireacht ar son Uisce go dtí deireadh 2029**

DRAFT

Is tionscadal €60m é an Chomhpháirtíocht Nuálaíochta Eorpach maidir le Feirmeoireacht ar son Uisce agus tá sé mar aidhm aici tacú le cuspóirí an tríú timthriall de Phlean Bainistíochta Abhantraí na hÉireann, (Plean Gníomhaíochta Uisce 2024), a bhaint amach.

Tá iarratas curtha isteach ag breis is 4,500 feirmeoir go dtí seo chun páirt a ghlacadh sa tionscadal sin, tionscadal lena dtacaítear le cur i bhfeidhm na mbeart cáilíochta uisce spriocdhírithe os cionn na gceanglas rialála trí chomhairle talmhaíochta agus eolaíochta a sholáthar, mar aon le dreasachtaí airgeadais. Is é an cuspóir ná suas le 15,000 feirmeoir a spreagadh.

Tá an CNE sin maoinithe faoi láthair go dtí deireadh 2027. Cuirfear síneadh ama le soláthar an mhaoinithe don CNE sin le haghaidh shaolré an Séú CGN chun leanúint de thacaíocht a thabhairt do chur i bhfeidhm na mbeart breise spriocdhírithe sin.

Cuspóir an Bhirt: Feirmeoirí a spreagadh chun bearta spriocdhírithe a ghlacadh atá sonrach dá gcás feirme féin a théann thar na ceanglais rialála íosta.

- **Aistriú eolais agus ardú feasachta d'fheirmeoirí agus do chomhairleoirí feirme araon**

Tugadh isteach feachtas Feirmeoireacht Níos Fearr don Uisce de chuid Teagasc sa Chúigiú CGN, chun feasacht a mhúscailt i measc phobal na feirmeoireachta maidir le fadhbanna cáilíochta uisce. Tá sé beartaithe go leanfar leis an bhfeachtas náisiúnta iomráiteach sin ar feadh an Séú CGN.

Tá sé beartaithe go mbunófar clár um Aistriú Eolais maidir le cáilíocht uisce faoin Séú CGN chun cur leis an bhfeachtas Feirmeoireacht Níos Fearr don Uisce, clár ina ndíreofar ar fheirmeoirí, ar chomhairleoirí feirme agus ar an tseirbhís chomhairleach feirme níos leithne. Beidh rannpháirtíocht san oiliúint sin éigeantach d'fheirmeoirí maolaithe agus spreagfar í d'fheirmeoirí neamh-mhaolaithe.

Beidh cur i bhfeidhm oiliúna éigeantaí do gach Comhairleoir creidiúnaithe de chuid na Seirbhíse Comhairle Feirme (SCF) i gceist leis an gclár sin i ráithe 1 de 2026. Cuirfear oiliúint roghnach leis an oiliúint sin níos déanaí in 2026 do na Comhairleoirí SCF sin ar mian leo an oiliúint bhreise sin a fháil. Beidh an oiliúint

bhreise roghnach sin éigeantach do chomhairleoirí ar mian leo oiliúint a chur ar fáil d'fheirmeoirí maolaithe faoin Séú CGN.

Tá sé mar aidhm ag an RTBM comhsheasmhacht teachtaireachtaí a bhaint amach agus feabhsuithe a dhéanamh ar an bhfeasacht fhoriomlán maidir le gníomhartha chun tionchar na talmhaíochta ar cháilíocht an uisce a laghdú. Chuige sin, oibreoidh sé leis an tionscal agraibhia chun oiliúint a chur ar fáil maidir le cáilíocht uisce do chomhairleoirí gairmiúla a fhreastalaíonn ar an tionscal feirmeoireachta ach nach bhfuil creidiúnaithe ag SCF.

Ina theannta sin, oibreoidh an RTBM le hinstitiúidí a sholáthraíonn cúrsaí tríú leibhéal sa talmhaíocht agus/nó san eolaíocht talmhaíochta chun a chinntiú go bhfuil an chéad ghlúin eile d'fheirmeoirí agus a gcomhairleoirí láneolach ar an dea-chleachtas chun na rioscaí féideartha don uisce a eascraíonn as gníomhaíocht talmhaíochta a íoslaghdú.

I gcomhar le Clár Uiscí na nÚdarás Áitiúil (CUÚÁ) agus Teagasc, cuirfidh an RTBM tionscnamh "bíodh eolas agat ar cháilíocht d'uisce áitiúil" i bhfeidhm do gach feirmeoir freisin. Faoin tionscnamh sin, cuirfear teachtaireachtaí simplí ar fáil faoi cháilíocht an uisce i gceantar áitiúil gach feirmeora, mar aon le céimeanna simplí spriocdhírithe is féidir leo a ghlacadh ar a ngabháltas féin chun na rioscaí do cháilíocht an uisce a íoslaghdú.

Cuspóir an Bhirt: Feasacht agus bonn eolais a fheabhsú i measc feirmeoirí agus comhairleoirí.

- **Taighde ar anailís ithreach Mehlich chun cothaithigh atá ar fáil do phlandaí a mheas níos fearr**

Coimisiúnóidh an RTBM athbhreithniú ar anailís ithreach Mehlich, agus forbairt córais innéacs ithreach gaolmhar chun cothaithigh atá ar fáil do phlandaí a mheas agus a thuiscint.

Fógrófar an tionscadal taighde ilbhliantúil sin láithreach nuair a bheidh tús curtha leis an Séú CGN. Cuireadh an beart seo san áireamh sa Chúigiú CGN agus d'eisigh an RTBM glao taighde, ach ní raibh aon eagraíocht taighde in ann freagairt, mar gheall ar shrianta acmhainní i roinnt cásanna ar a laghad. Tuigtear nach fadhb iad na srianta acmhainní sin a thuilleadh.

Cuspóir an Bhirt: Laghdú ar chaillteanas cothaitheach trí rátaí níos oiriúnaí maidir le cur amach cothaitheach, rátaí a oireann níos fearr do riachtanais na mbarr bunaithe ar fhíorleibhéal na gcothaitheach atá ar fáil san ithir.

- **Taighde ar bhunú barr cumhdaigh**

Tá ról láidir ag barra cumhdaigh maidir le caillteanas nítrigine, caillteanas dríodair agus rith chun srutha ó thalamh arúil a mhaolú. Mar sin féin, tá gá le scrúdú a dhéanamh ar bhealaí malartacha chun na barra sin a bhunú chun a rannchuidiú trí bhunú níos éifeachtúla ó thaobh am agus costas de a uasmhéadú. Sa Séú CGN tógfar ar an taighde atá ar siúl sa réimse sin.

Cuspóir an Bhirt: Caillteanas nítrigine, caillteanas dríodair agus rith chun srutha ó thalamh arúil a mhaolú tríd an úsáid is fearr a bhaint as barra cumhdaigh.

- **Leanúint le Clár Dobharcheantar Talmhaíochta Teagasc**

Tá Clár Dobharcheantar Talmhaíochta (CDT) Teagasc mar cheannaire domhanda sa taighde a dhéantar maidir le talmhaíocht agus cáilíocht an uisce. Tá an clár sin maoinithe faoi láthair go dtí deireadh 2027, ach cuirfear síneadh ama leis agus déanfar é a neartú chun go mbeidh sé ar siúl go dtí deireadh 2029 ar a laghad, i gcomhréir le hamlínte an Séú CGN. Faoin gclár, déanfar scrúdú ar thionchar na talmhaíochta agus, go háirithe, an mhaolaithe, ar cháilíocht an uisce. Ina theannta sin, forbróidh Teagasc straitéis fhadtéarmach chun an CDT a bhainistiú.

Cuspóir an Bhirt: A chinntiú go bhfuil feabhsuithe leanúnacha á ndéanamh san eolaíocht is fearr atá ar fáil, agus i dtaca le tuiscint ar na gnéithe a mbíonn tionchar acu ar cháilíocht uisce ó thaobh na talmhaíochta de.

DRAFT

Tábla 7. Achoimre ar bhearta an dréachta den Séú CGN

Beart	Rialála / Neamhrialála	Cuspóir an Bhirt
Cothromaíocht cothaitheach ar leibhéal feirme aonair (Bíodh d'uimhir ar eolas agat).	Rialála (Éigeantach d'fheirmeacha maolaithe, spreagtha do gach feirm)	Cabhrú le cinnteoireacht níos fearr maidir le bainistiú cothaitheach ar an bhfeirm. Leis an mbeart sin, cuirfear ar chumas feirmeoirí cothaithigh bhreise atá á gcur ar thalamh agus/nó á gcoinneáil san fheirm, a d'fhéadfadh caillteanais cothaitheach a bheith mar thoradh orthu, a aimsiú agus cosc a chur orthu. Tá acmhainneacht ag an mbeart freisin úsáid níos fearr cothaithigh a sholáthar, lena mbainfidh sochar comhshaoil agus costais níos ísle d'fheirmeoirí.
Dáileadh cothaitheach feabhsaithe ar fheirmeacha ilroinnte	Rialála	Bainistiú feabhsaithe cothaitheach ar an bhfeirm, chun cosc a chur ar chothaithigh iomarcacha agus barrachais a chur ar limistéir áirithe, agus an baol ann go gcaillfear cothaithigh dá bharr.
Riachtanais mhéadaithe maidir le toilleadh stórála sciodair agus uisce shalaigh	Rialála	Feabhas a chur ar stóráil agus ar bhainistiú cothaitheach ar an bhfeirm, chun a chinntiú go bhfuil dóthain stórais i bhfeidhm do na cothaithigh atá á dtáirgeadh ar an bhfeirm. Laghdaítear leis an mbeart an baol go gcaillfear foinsí pointe, agus cothaithigh ón talamh, agus cuirtear ar chumas feirmeoirí leis cothaithigh a chur ar an talamh ag an am ceart agus ag an ráta ceart nuair a bhíonn siad ag teastáil ó bharra atá ag fás. Ba cheart go

DRAFT

Beart	Rialála / Neamhrialála	Cuspóir an Bhirt
		mbeadh feirmeoirí in ann a spleáchas ar nítrigin cheimiceach a laghdú freisin mar gheall ar bhainistiú aoiligh orgánaigh agus cur amach ar an talamh a bharrfheabhsú.
Liúntais nítrigine ceimicí do thalamh féaraigh	Rialála	Cur amach na nítrigine agus an fhosfair a chomhcheangal le riachtanais barr chun an baol go bhfanfaidh cothaithigh bhreise san ithir a laghdú, nó chun meath ar thorthúlacht na hithreach a laghdú, toisc go bhféadfadh sé sin cothromaíocht nítrigine níos airde a chruthú.
An t-am is fearr le cothaithigh a chur ar bharra arúla	Rialála	Cailliúint cothaitheach ó thalamh arúil a laghdú.
Leathnú ar bhunachar sonraí gluaiseachta cothaitheach orgánach an RTBM	Rialála	Dea-chleachtas i dtéarmaí úsáid cothaitheach a spreagadh agus an riosca go gcuirfear an iomarca cothaitheach amach a laghdú. Faoin mbeart seo freisin, cumasófar cigireachtaí bunaithe ar riosca trí rianú agus bainistiú feabhsaithe ar ghluaiseachtaí cothaitheach orgánach.

DRÉACHT

Beart	Rialála / Neamhrialála	Cuspóir an Bhirt
Béim leanúnach agus mhéadaithe ar chomhlíonadh agus ar fhorfheidhmiú, agus ar an gClár Cigireachta Talmhaíochta Náisiúnta	Rialála	Forfheidhmiú agus cur chun cinn comhlíontachta méadaithe, rud a fhágann go mbeidh cleachtas agus tuiscint níos fearr i gceist ar an bhfeirm.
Athbhreithniú foriomlán ar Rialacháin DCT	Rialála	Soiléireacht na gceanglas a chinntiú.
Leathnú ar an gClár Tacaíochta agus Comhairleach um Inbhuanaitheacht Talmhaíochta (CTCIT)	Neamhrialála	Comhairle spriocdhírithe ar an bhfeirm, aistriú eolais agus cinntí níos eolaí ag feirmeoirí a chumasú maidir le cosaint uiscí ar a bhfeirmeacha féin agus laistigh dá ndobharlaigh féin.
Leanúint ar aghaidh leis an gComhpháirtíocht Nuálaíochta Eorpach (CNE) maidir le Feirmeoireacht ar son Uisce go dtí deireadh 2029	Neamhrialála	Feirmeoirí a spreagadh chun bearta spriocdhírithe a ghlacadh atá sonrach dá gcás feirme féin a théann thar na ceanglais rialála íosta.

DRÉACHT

Beart	Rialála / Neamhrialála	Cuspóir an Bhirt
Aistriú eolais agus ardú feasachta d'fheirmeoirí agus do chomhairleoirí feirme araon	Neamhrialála	Feasacht agus bonn eolais a fheabhsú i measc feirmeoirí agus comhairleoirí.
Taighde ar anailís ithreach Mehlich chun cothaithigh atá ar fáil do phlandaí a mheas níos fearr	Neamhrialála	Laghdú ar chaillteanas cothaitheach trí rátaí níos oiriúnaí maidir le cur amach cothaitheach, rátaí a oireann níos fearr do riachtanais na mbarr bunaithe ar fhíorleibhéal na gcothaitheach atá ar fáil san ithir.
Taighde ar bhunú barr cumhdaigh	Neamhrialála	Caillteanas nítrigine, caillteanas dríodair agus rith chun srutha ó thalamh arúil a mhaolú tríd an úsáid is fearr a bhaint as barra cumhdaigh.
Leanúint le Clár Dobharcheantar Talmhaíochta Teagasc	Neamhrialála	A chinntiú go bhfuil feabhsuithe leanúnacha á ndéanamh san eolaíocht is fearr atá ar fáil, agus i dtaca le tuiscint ar na gnéithe a mbíonn tionchar acu ar cháilíocht uisce ó thaobh na talmhaíochta de.

DRAFT

6 Tabhair do thuairim

Tá an tAire ag tabhairt cuireadh anois do bhaill den phobal aighneachtaí, barúlacha agus tuairimí a dhéanamh maidir leis an dréacht den Chlár Gníomhaíochta um Níotráití i rith na tréimhse ón XX Meán Fómhair 2025 go dtí an XX Deireadh Fómhair 2025. Is féidir aighneachtaí a chur isteach ar ríomhphost chuig WAUConsultation@housing.gov.ie, nó tríd an bpost chuig:

Comhairliúchán Poiblí maidir leis an gClár Gníomhaíochta um Níotráití

Seomra XX An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta,

Teach an Chustaim,

Baile Átha Cliath D01 W6X0

Tá cóipeanna crua den dréacht den Chlár Gníomhaíochta um Níotráití ar fáil le haghaidh iniúchadh poiblí in oifigí na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, Teach an Chustaim, Baile Átha Cliath, D01 W6X0 le linn uaireanta oifige (9:00 a.m. go dtí 5:00 p.m. Luan go hAoine, seachas saoire phoiblí) i rith na tréimhse ón XX Deireadh Fómhair 2025 go dtí an XX Samhain 2025. Más mian leat féachaint ar na doiciméid go pearsanta, seol ríomhphost chuig WAUConsultation@housing.gov.ie chun coinne a dhéanamh.

Seolfar na comhairliúcháin ghaolmhara maidir leis an Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST) agus an Ráiteas Tionchair Natura (RTN) ar leithligh ón gcomhairliúchán seo, agus beidh siad ar siúl i gcomhar le chéile. Is é Aonad Comhairliúcháin Uisce an RTRÁO atá i gceannas ar an MST, agus beidh Aonad um Measúnú Éiceolaíoch na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra i gceannas ar an gcomhairliúchán don RTN.

DRAFT

gov.ie/housing

An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland